An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Tuarascáil an Uachtaráin

## Meán Fómhair 2014 - Lúnasa 2015



# Tuarascáil an Uachtaráin
# An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
# Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2014 - Lúnasa 2015

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag a chruinniú an 15 Nollaig 2015.

ISBN: 978-1-910963-00-5



# Clár


Léargas Ginearálta ón Ollamh Andrew J. Deeks, Uachtarán UCD 2

UCD de réir Uimhreacha 8

Oideachas 12

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar 22

Coláiste na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD 34

Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD 38

Coláiste an Ghnó agus an Dlí UCD 42

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD 46

Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD 50

Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD 54

Coláiste na hEolaíochta UCD 58

Forbairt Airgeadais agus Chaipitil 62

Dámhachtainí Ollscoile 68

Ceapacháin 72

# Forléargas ón Uachtarán





*Campas páirce Belfield UCD.*



**An tOllamh Andrew J. Deeks Uachtarán**

Clúdaíonn tréimhse na Tuarascála seo mo chéad bhliain acadúil iomlán in UCD. Léiríonn ábhar na tuarascála seo gur bhliain ghnóthach thorthúil a bhí ann. Tháinig feabhas suntasach ar chúrsaí eacnamaíochta i rith na bliana. Cé nach bhfuil tairbhí an fheabhsúcháin sin le brath fós san earnáil ollscoile, is féidir linn a bheith dóchasach, ar a laghad, go bhfuil an chuid is measa den chúlú eacnamaíochta thart. Is é atá ag teastáil anois ná dianfheachtas chun a chinntiú go mbeidh an méid iomlán airgid a fhaigheann UCD in aghaidh an mhic léinn Éireannaigh i gcomhréir athuair leis na leibhéil atá ann i gcás ár gcuid iomaitheoirí idirnáisiúnta agus go gcuirfear deireadh leis na srianta AD a bhí ann i rith thréimhse na déine.

D'ainneoin na srianta troma airgeadais, tháinig feabhas ar gach gné d'fheidhmíocht UCD i rith na bliana agus déanaim comhghairdeas lenár ndámha agus lenár bhfoireann ar fad i leith a gcuid oibre crua agus i leith an méid a baineadh amach i rith na tréimhse lena mbaineann.

## Léacht Tionscnaimh

I mí na Samhna 2014, bhí sé d'onóir agam mo léacht tionscnaimh a thabhairt agus ba é ba théama don léacht sin ná idé na hollscoile domhanda. Agus mé ag machnamh ar *The Idea of a University* le Newman, agus ar an tslí bhríomhar inar chosain sé fiúntas an oideachais liobrálaigh, rinne mé iarracht na luachanna agus na prionsabail a bhaineann le hoideachas ollscoile atá cuimsitheach agus bunaithe ar thaighde a neartú i gcomhthéacs na gcúinsí domhanda atá ann anois.

Tá mise den tuairim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh nascacht láidir ann idir disciplíní, idir scoláirí san Ollscoil agus ar fud an phobail acadúil idirnáisiúnta, agus idir an Ollscoil agus comhpháirtithe seachtracha.

Creidimse gurb é atá sa ról atá againn ná ár gcuid mac léinn a chumasú chun tuiscint a fháil ar aon ábhar trí raon tuairimí éagsúla a bhreithniú. Spreagann idirdhisciplíneacht den sórt sin dul chun cinn sochaíoch agus ullmhaíonn sí ár gcuid mac léinn chun a n-áit a ghlacadh i mbláthú na sochaí agus chun rannchuidiú leis an mbláthú sin. Mar an gcéanna, tá taithí ar thaighde, agus rannpháirtíocht i dtaighde, ina gcuid fhíorthábhachtach den oiliúint intleachta a raibh Newman chomh tógtha sin ina leith, gan trácht ar na nithe sin a bheith mar phríomhaidhm ag an Ollscoil.

Chun ár gcuid mac léinn a ullmhú chun bheith rathúil sa tsochaí dhomhanda idirnasctha seo, ní mór dúinn a chinntiú gur ollscoil dhomhanda í ár n-ollscoil. Ní mór dúinn a bheith gníomhach ar bhonn náisiúnta agus ar fud an domhain. Ní thagann tuairimí éagsúla ó lucht na hOllscoile amháin ach tagann siad ó fhoinsí seachtracha freisin. Ina theannta sin, ní mór dúinn soghluaisteacht idirnáisiúnta, i dtaca leis an bhfoireann agus leis na mic léinn, cláir chomhpháirteacha taighde agus múinteoireachta le hollscoileanna domhanda eile, agus comhpháirtíochtaí iomlánaíocha straitéiseacha lena ngabhann tairbhe do gach páirtí iontu a chur chun cinn. Tá an méid sin ar fad san áireamh sa straitéis ar chuir muid tús léi i mbliana.

## Plean Straitéiseach UCD 2015-2020

Agus leas á bhaint as an dianphróiseas comhairliúcháin a tionscnaíodh i mí Eanáir 2014 nuair a chuaigh mé i mbun oifige, d'fhoilsigh muid ár Straitéis nua don tréimhse 2015-2020 i mí na Samhna. Le linn an plean a sheoladh, dúirt an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD, go soiléir gur aithin sí stádas agus gnóthachtáil na hOllscoile agus, chomh maith leis sin, tábhacht UCD i gcomhthéacs na straitéise náisiúnta i gcoitinne. Creidim go méadóidh agus go neartóidh ár bplean nua an cháil sin in Éirinn agus thar lear, agus go mbainfidh UCD stádas amach dá bharr mar fhíor-ollscoil dhomhanda na hÉireann.

I Straitéis UCD 2015-2020, leagtar amach fís i gcomhair na bliana 2020 agus bunaítear 10 bpríomhchuspóir atá á saothrú againn chun an fhís sin a bhaint amach. Tá na príomhchuspóirí sin tar éis tionchar a imirt ar chúrsaí pleanála agus cinnteoireachta ag gach leibhéal den Ollscoil. De bhreis ar ár bhfís a leagan amach, déantar cur síos sa Straitéis ar sé mhórthionscnamh straitéiseacha atá á gcomhordú ag Foireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT).

Is cúis áthais dom a thuairisciú gur éirigh go han-mhaith leis na céimeanna comhairliúcháin, pleanála agus forfheidhmiúcháin den Straitéis nua mar thoradh ar rannpháirteachas forleathan ar thaobh dhámha, fhoireann, mhic léinn, gheallsealbhóirí seachtracha agus lucht tacaíochta UCD. Is mór agam an rannpháirteachas sin agus gabhaim buíochas libh go léir as bhur n-ionchur agus as bhur dtacaíocht leanúnach.

I mí Eanáir i mbliana, chuaigh muid i mbun dul i ngleic le Cuspóir 3 dár Straitéis, is é sin le rá, ár gcuid disciplíní a chomhdhlúthú agus a neartú. Tar éis comparáid sheachtrach agus próiseas forleathan comhairliúcháin agus breithnithe inmheánaigh a chur i gcrích, comhaontaíodh sraith struchtúr nua acadúil i gcomhréir lenar bplean straitéiseach, agus mar thacaíocht dó, agus bhí na struchtúir sin le cur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2015. Tá mé buíoch den Ollamh Colin Scott, Ceann Choláiste Eolaíochtaí Daonna UCD.

## Rialachas agus Bainistíocht san Ollscoil

Bhí lúcháir orm nuair a ceapadh an tUas Eugene McCague agus an tUas Charles Coase mar chathaoirleach ar an Údarás Rialaithe agus mar chathaoirleach de Choiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní UCD, faoi seach. Tá mé an-bhuíoch den bheirt acu as na róil thábhachtacha sin a ghlacadh chucu féin agus as an tacaíocht atá á tabhairt do UCD acu.

Mar thoradh ar thaighde idirnáisiúnta agus ar phróiseas roghnúcháin, d'fhógair an tÚdarás Ceannais ceapadh an Ollaimh Mark Rogers mar Leas-Uachtarán, mar Leas-Uachtarán (Acadúil) agus mar Chláraitheoir. Ba é Mark an t-iarrthóir ab fhearr ar fad don ról agus tá a cheannaireacht acadúil agus a scileanna bainistíochta léirithe aige cheana féin agus é i mbun Cuspóir 2 dár straitéis a shaothrú, is é sin le rá, sármhaitheas oideachasúil a léiriú. Tá Mark ag obair i gcomhar le comhghleacaithe agus le scoileanna chun a chinntiú go ndéanaimid eispéireas oideachasúil a léiríonn an dea-chleachtas idirnáisiúnta a sholáthar dár gcuid mac léinn.

## UCD Domhanda

Mar thacaíocht dár straitéis maidir le rannpháirteachas domhanda, rinneadh leathnú ar ár líonra Lárionad Domhanda sa tréimhse 2014/15. De bhreis ar na lárionaid a bhí an i Nua-Eabhrac agus i mBéising, d'oscail muid lárionaid in Chicago, in San Francisco, i nDeilí Nua agus in Kuala Lumpur. Éascaíonn ár gcuid Lárionad Domhanda an nasc atá againn le réigiún áirithe, agus tacaíonn siad le soghluaiseacht dhá threo mac léinn, le comhpháirtíochtaí taighde agus le teagmháil le alumni.

*Déanann Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks (sa lár) comhghairdeas le ceathrar comhaltaí nua UCD d'Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA), de chuid UCD (clé go deas): tOllamh Ian O'Donnell, Scoil Dlí Sutherland UCD; an tOllamh Orla Feely, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD, agus Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar; an tOllamh Geraldine Butler, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD; agus an tOllamh Nicholas Daly, Scoil Bhéarla, Drámaíochta agus Scannánaíochta UCD.*






*Alex Murphy, Foireann Snámha UCD, agus é ag glacadh le Gradam Scoth-Fhoireann na Bliana thar ceann a fhoirne ó Uachtarán UCD an tOllamh Andrew Deeks, le linn Ghradaim Chomhairle Aontas Lúthchleasaíochta UCD/Bhanc na hÉireann.*

## Ranguithe

Cé go bhféadfadh sé nach bhfuil comhaontú uilechoiteann ann faoi na méadrachtaí a úsáidtear i gcomhair na ranguithe éagsúla domhanda atá ann i ndáil leis an réimse ollscoile, úsáideann mic léinn, dámha agus foireann, comhoibritheoirí agus comhpháirtithe ionchasacha iad mar bhealach chun measúnacht a dhéanamh ar stádas ollscoile. Bhí torthaí éagsúla ann i mbliana: De réir Ranguithe Ollscoile Domhanda QS, rangaíodh UCD san áit chéanna a bhí ann an bhliain roimhe seo, is é sin an 139ú háit, agus is toradh maith é sin do UCD i bhfianaise na ranguithe níos ísle a bhí ag an gcuid is mó de na hollscoileanna eile in Éirinn; ach, de réir rangú an Times Higher Education (THE), tugadh le fios go raibh UCD tar éis titim amach as an 200 ollscoil is fearr.

Mar atá ráite agam go poiblí, is saincheist thábhachtach í an cóimheas mac léinn/foirne acadúla agus ní féidir déileáil léi i gceart ach amháin trí athrú a dhéanamh ar mhaoiniú ollscoileanna na hÉireann agus trí dheireadh a chur le srianta an Chreata Rialaithe Fostaíochta a bhfuilimid ag feidhmiú fúthu faoi láthair.

Léiríonn na táscairí oibiachtúla go léir gur ollscoil iontach í UCD agus go bhfuil sí ag déanamh go han-mhaith d'ainneoin shrianta thréimhse na déine. Ach, le go mbeimid in ann leanúint de bheith in iomaíocht le hollscoileanna na hAstráile agus na Ríochta Aontaithe amach anseo, ní mór don Rialtas a chinntiú go ndéantar an méid iomlán airgid a fhaigheann ollscoileanna na hÉireann in aghaidh an mhic léinn a mhéadú chuig leibhéal atá comhchosúil leis an leibhéal atá ar fáil ag ár n-iomaitheoirí.

## Oideachas

Soláthraíonn Straitéis UCD 2015-2020 treo soiléir i dtaca le cur lenár gcáil mhór ó thaobh cúrsaí oideachais de agus, i mbliana, i measc forbairtí eile, rinneadh ullmhúcháin maidir le hathbhreithniú cuimsitheach agus athdhearadh ár gcuraclaim, agus gheofar léiriú air sin ón Ollamh Mark Rogers, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir.

Bíonn meas mór ar oideachas UCD, in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta, mar a léirítear sa mhéid gurb é UCD an *Ollscoil Is Mó a Roghnaítear* i gcónaí, agus an líon is mó chéadroghanna aige i gcás mac léinn Éireannach, agus gurb é an *Ollscoil Is Mó a Roghnaítear mar Cheann Scríbe* é i gcás mac léinn idirnáisiúnta atá ag iarraidh staidéar a dhéanamh in Éirinn. Tá lúcháir orm a thuairisciú go bhfuil thart ar 6,600 mac léinn idirnáisiúnta againn in UCD anois agus go bhfuil 5,600 mac léinn eile dár gcuid i mbun staidéir thar lear agus tá na figiúirí sin i gcomhréir lenár gcuid cuspóirí straitéiseacha.

Leanann éagsúlacht shóisialta ár gcuid mac léinn de bheith ag méadú mar thoradh ar an líon méadaithe mac léinn atá againn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus ar an éagsúlacht mhéadaithe atá ann i dtaca leis na mic léinn idirnáisiúnta atá againn. Is ionann an éagsúlacht sin agus fíorábhar nirt do UCD, rud a chumhachtaíonn oideachas iomlánaíoch agus forbairt saoránach domhanda.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Is cuid lárnach dár straitéis é an tsármhaitheas i dtaca le taighde agus nuálaíocht agus léirigh taighdeoirí UCD a gcumas athuair trí mhaoiniúchán €107 milliún a fháil mar thoradh ar phróisis chomórtais sheachtracha. Ós rud é go bhfuil laghdú tagtha ar thaighde Stát-urraithe, dírímid ar mhaoiniúchán ón gCoimisiún Eorpach trí Horizon 2020 agus, sa tréimhse 2014/15, b'ionann an fhoinse mhaoiniúcháin sin agus beagnach 20% dár n-ioncam taighde. Déanfaidh an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair, cur síos ina tuarascáil ar na forbairtí suntasacha eile maidir le taighde agus nuálaíocht.

I mí Bhealtaine, lainseáil an Taoiseach, Enda Kenny, ár dtuarascáil dar teideal *'Delivering Impact: The Economic, Cultural and Social Impact of University College Dublin'*. Leagann an tuarascáil sin béim ar ról UCD mar mhórghníomhaí eacnamaíochta agus fostaíochta i mBaile Átha Cliath agus in Éirinn agus, chomh maith leis an rannchuidiú suntasach airgeadais a thugann UCD do gheilleagar na hÉireann, go bhfuil tionchar níos leithne ag an obair a dhéanaimid ó thaobh cúrsaí sóisialta agus cultúir de.

I measc na bpríomhthorthaí atá leagtha amach sa tuarascáil, áirítear aschur bliantúil an-mhaith €1.3 billiún a ghin UCD agus ár gcuid mac léinn in Éirinn. Tá tacaíocht á fáil ag 8,914 phost san iomlán.

Chuir UCD tús le Deich mBliana na gCuimhneachán i mí Aibreáin agus tá an tionscadal seo á mhaoiniú ag Taighde UCD. Is sampla sármhaith é sin de leithead agus d'fhairsinge an léinn i réimsí na staire, an Bhéarla, na Gaeilge, an cheoil, na polaitíochta, na seandálaíochta agus na tíreolaíochta. Tá an clár

ceaptha chun feidhmiú mar ábhar eolais don díospóireacht agus don tuiscint náisiúnta ar an tréimhse ó 1912 go 1923, agus chun cur síos a dhéanamh ar an líon mór páipéar, doiciméad agus grianghraf de chineál uathúil atá ann i gCartlann UCD, i mBailiúcháin Speisialta na Leabharlainne agus sa Bhailiúchán Náisiúnta Béaloidis. Féach www.ucd.ie/centenaries chun liosta iomlán imeachtaí agus acmhainní a fháil.

## Fondúireacht UCD

Lean Fondúireacht UCD dá ról fíorthábhachtach straitéiseach a chomhlíonadh i ndáil le tacú le tosaíochtaí UCD sa tréimhse 2014/15. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh mar thoradh ar thacaíocht ó bhronntóirí agus ó chairde a bhfuil 5,555 díobh ann agus a rannchuidíonn go fial le forbairt agus leathnú leanúnach bhonneagar agus chaipiteal intleachtúil na hOllscoile. Tá mé an-bhuíoch de na bronntóirí sin as a bhflaithiúlacht agus as a dtoilteanas i leith páirt a ghlacadh i ngnóthaí UCD sa lá atá inniu ann. Gabhaim buíochas ó chroí freisin lenár mBoird Fondúireachta a oibríonn go dian: Fondúireacht UCD, Éire; *Friends of UCD*, an Ríocht Aontaithe; agus Fondúireacht John Henry Newman, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ba mhór an chabhair é an treoir agus an tacaíocht a thug sibh i rith na bliana.

Tá maoiniúchán daonchairdiúil riachtanach ó thaobh struchtúr UCD de agus cumasaíonn sé don Ollscoil cistí a leithroinnt i gcomhair na dtosaíochtaí is práinní againn. I measc na dtionscadal tosaíochta a bhí ann i rith na bliana, áirítear na cúig cinn seo a leanas: an feachtas i leith Scoil Ghnó UCD, Institiúid Confucius UCD d'Éirinn, Lárionad Ulysses i dTeach Newman, scoláireachtaí agus Comhaltachtaí Newman.

I mbliana, bhí tionchar iomlán an fheachtais dar teideal *Extending the Edges of Excellence* le brath den chéad uair; is Feachtas é sin i leith Scoil Ghnó UCD agus é dírithe ar acmhainní breise a ghiniúint, ar naisc níos láidre a bhunú leis an bpobal gnó agus ar chomhlacht alumni níos gníomhaí a chothú. Fuarthas síolmhaoiniúchán i gcomhair Ollúnachta i Léasú Eitlíochta, Airgeadas agus Dlí agus i gcomhair Ollúnachta i mBainistíocht Rioscaí Oibríochtúla, ar ollúnachtaí iad a léiríonn réimsí lena ngabhann tábhacht mhéadaithe d'Éirinn agus don gheilleagar domhanda.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Lucht Feachtais, is é sin le rá, grúpa ina bhfuil aon duine dhéag de cheannairí gnó atá i gceannas ar an bhFeachtas i leith Scoil Ghnó UCD agus ag déanamh deimhin de go n-éiríonn leis an bhfeachtas sin.

Mar thoradh ar bhronntanas ceannaireachta ó chara de chuid na gcairde is dlúithe dá bhfuil ag UCD, Martin agus Carmel Naughton, agus ar dheontas Rialtais €2.5 milliún trí Chlár Caipitiúil Fháilte Éireann, cumasaíodh tús a chur le pleananna maidir le bunú Lárionad Ulysses UCD, ar ionad poiblí suaitheanta a bheidh ann ina ndéanfar ceiliúradh ar chultúr, ar oidhreacht agus ar litríocht na hÉireann agus a bheidh suite i dTeach stairiúil Newman ar Fhaiche Stiabhna. Beidh taispeántas ilmheán, idirghníomhach sa tsaoráid, ar taispeántas é a bhainfidh le James Joyce, ar alumnus de chuid UCD é, agus le mórscríbhneoirí eile de chuid na hÉireann agus, chomh maith leis sin, beidh spásanna ann i gcomhair léachtaí, taibhiúchán agus taispeántas. Is iad an tOllamh Margaret Kelleher agus Eamonn Ceannt atá i gceannas ar an tionscadal sin.

Scoláireachtaí is ea iad an uirlis aonair is cumhachtaí i dtaca lena chinntiú gur féidir leis an Ollscoil na mic léinn is éirimiúla a earcú agus oideachas den chéad scoth a thairiscint do dhaoine a bheidh ina gceannairí amach anseo, beag beann ar a n-acmhainní airgeadais. Is ábhar bróid dom a bheith in ann a rá gur chuir flaithiúlacht ár gcuid bronntóirí ar chumas UCD 345 scoláireacht a bhronnadh sa tréimhse 2014/15.

Tríd an tacaíocht a fuarthas ó raon cuideachtaí agus iontaobhas agus fondúireachtaí, mhaoinigh Fondúireacht UCD 20 Comhaltacht ardghnóthachtála iardhochtúireachta Newman agus tá sealbhóirí na gcomhaltachtaí sin i mbun taighde idirdhisciplínigh, de chineálacha éagsúla, lena ngabhann tábhacht dhomhanda.

*Bloomsday 2015, thug UCD aitheantas do sheisear acadóirí ilbhuacha a bhfuil rannchuidiú mór déanta acu leis an tsochaí ina saothar sna heolaíochtaí. Sa phictiúr (clé-deas): An tOllamh John Hearn, an tOllamh Margaret Murnane, an tOllamh Dervilla Donnelly, Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, an tOllamh Diana Harrison Wall, an tOllamh Julie McEnery, agus an Dr John M Brown.*






*Sa phictiúr (clé go deas) ag seoladh Lárionad Domhanda UCD i Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí Aibreáin: Barbara Jones, Ard-Chonsal na hÉireann i Nua-Eabhrac; Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; agus Ambasadóir na hÉireann chun na Stát Aontaithe, A.S. Anne Anderson.*

## Teagmháil in athuair le Alumni

Mar chuid lárnach de rath UCD sa tréimhse 2014/15, áiríodh an rannchuidiú iontach ó chuid mhór dár bpobal síormhéadaitheach alumni atá ag leanúint de chur le cáil na hOllscoile trí mhéadú a dhéanamh, ar bhonn idirnáisiúnta, ar ár bpróifíl, ar ár dtionchar agus ar ár gcianrochtain.

I Meán Fómhair, chun cuidiú leis an 220,000 alumnus atá againn i 159 dtír fanacht i dteagmháil linn, chuir muid tús lenár líonra nua alumni (www.ucd.ie/alumni). Le himeacht aimsire, beidh an líonra ina chabhair freisin maidir le tacú le hobair Fhondúireacht UCD.

Le linn ócáid tionscnaimh Ghradam Lá na Fondúireachta do Alumni i mí na Samhna, rinne muid ceiliúradh ar ghnóthachtáil cuid de na alumni is cáiliúla de chuid UCD a bhfuil rath bainte amach acu ar an leibhéal is airde. An oíche sin, bronnadh trí ghradam déag ar alumni mar gheall ar rannchuidiú mór lena réimsí cláir éagsúla.

Le 12 mhí anuas, agus mé ag taisteal thar lear, bhí sé d'ádh orm bualadh le níos mó ná 900 alumnus le linn ócáidí san India, sa tSín, sa Ríocht Aontaithe, in Kuala Lumpur agus ar Chósta Thoir na Stát Aontaithe. Mar thoradh ar oscailt Lárionaid Dhomhanda nua UCD, déanfar gníomhaíochtaí atá dírithe ar alumni a spreagadh tuilleadh amach anseo.

I mbliana freisin, chuir muid tús leis an gcéad chlár píolótach de chuid UCD i ndáil le meantóireacht ghairmréime d'fhochéimithe agus, ina leith sin, dúirt deich alumnus go bhfeidhmeoidís mar mheantóirí do mhic léinn ar feadh ré an chláir trí mhí. Ina theannta sin, dúirt alumni MBA i Scoil Iarchéime Ghnó Michael Smurfit go nglacfaidís le ról mar mheantóirí do mhic léinn MBA. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid meantóirí mar gheall ar an am a chaith siad chun rud éigin a thabhairt ar ais do UCD agus dár gcuid mac léinn reatha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le níos mó ná 13,000 alumnus a thacaigh le UCD sa bhliain atá imithe tharainn trí fhreastal ar imeachtaí ar an gcampas agus thar lear, trína gcuid ama a chur ar fáil go deonach agus trí thacaíocht airgeadais a thabhairt ar nithe iad sin ar fad a bhfuil UCD thar a bheith buíoch díobh. Trí fheachtas *UCD Champions - Changing Futures*, léirigh alumni a dtacaíocht do UCD go soiléir trí níos mó ná €1 mhilliún a ranníoc mar mhaoiniúchán do scoláireachtaí, rud a d'fhág gur chuir ár gcuid alumni méadú faoi dhó, thar 12 mhí, ar an líon scoláireachtaí a dtacaíonn siad leo. Tá mé dóchasach go mbeidh an tacaíocht leanúnach a fhaightear ónár gcuid alumni ina chabhair i gcónaí maidir lena chinntiú gur ollscoil shármhaith é UCD le tamall maith de bhlianta ina dhiaidh seo.

## Tionscnaimh maidir le Foireann a Earcú agus Forbairtí maidir le Beartas HR

Mar atá leagtha amach inár Straitéis, is mór ag UCD an tsármhaitheas agus tuigeann sé go bhfuil gá le daoine sarmhaithe, agus iad ag obair i dtimpeallacht thacúil, chun feidhmíocht shármhaith a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag ár straitéis bearta tacaíochta cuí a chur i bhfeidhm chun na daoine atá ann inár bpobal a fhorbairt agus a choimeád ionas gur féidir linn leanúint de mhic léinn, d'fhoireann acadúil agus d'fhoireann ghinearálta, de chineál sármhaith agus ilghnéitheach a mhealladh ó gach cearn d'Éirinn agus den domhan.

Tá gealltanas ann sa Straitéis á rá go n-oibreofar chun a chinntiú go gcumasaítear d'fhoireann acadúil agus d'fhoireann ghinearálta na hOllscoile barr a gcumais a bhaint amach agus go bhfaigheann siad luaíocht chuí i leith a gcuid oibre. De bhreis air sin, sonraítear inti gur ceart clár forbartha feidhmíochta a chur i bhfeidhm tar éis athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar ár gcuid nósanna imeachta ardaithe céime, ar ár gcuid próiseas oiliúna agus ar ár gcuid forálacha maidir le saoire.

I rith na bliana, bunaíodh trí ghrúpa oibre agus iarradh orthu moltaí a dhéanamh d'Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile (UMT) maidir le forbairt na foirne acadúla, na n-oifigeach teicniúil agus na foirne ginearálta agus maidir le luaíocht agus aitheantas a thabhairt dóibh. Táthar ag súil go dtabharfaidh na grúpaí sin moltaí tosaigh faoi mhí na Nollag 2015.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le tionscadail thábhachtacha chumasúcháin teicneolaíochta a thionscain Acmhainní Daonna UCD chun próisis Acmhainní Daonna a shruthlíniú. Bhí Acmhainní Daonna UCD an-ghníomhach freisin maidir le tacaíocht a sholáthar i ndáil le hathruithe a bhí á ndéanamh sna Scoileanna agus sna Coláistí de bharr an athstruchtúraithe acadúil a bhí beartaithe.

I rith na bliana atá imithe tharainn, bhí ról ceannais ag HR maidir le tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm roinnt tionscnamh forbartha daoine aonair. Tionscnamh den sórt sin a tosaíodh agus a píolótaíodh is ea Clár Ceannaireachta Aurora. Clár nuálach oiliúna maidir le forbairt ceannaireachta atá i gceist leis an gclár sin agus é dírithe ar mhná suas go dtí leibhéal léachtóra shinsearaigh agus go dtí leibhéal comhionann seirbhísí gairmiúla.

Sa straitéis, leagtar amach gealltanas á rá go mbeidh pobal Ollscoile ann atá ilchineálach agus uilechuimsitheach agus cuireadh réamhphleananna i bhfeidhm chun Foghrúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta d'Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile a bhunú do Mheán Fómhair 2015.

Is é atá i gCuspóir 10 dár Straitéis nua ná srianta seachtracha a shárú. Bíonn cathaoirleacht Chumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) i seilbh duine den seachtar Uachtarán ollscoile in Éirinn de réir ord sealaíochta agus chuaigh mise i mbun an róil sin don bhliain 2015. Agus sin ag druidim le deireadh chomhaontú Bhóthar Haddington, agus ós rud é go bhfuil an Rialtas ag déanamh breithniú i dtaobh conas an Creat Rialaithe Fostaíochta a mhaolú i leith na n-ollscoileanna, ní mór don earnáil ollscoile oibriú le chéile chun a chinntiú go ndéantar na srianta éagsúla Acmhainní Daonna a bhfuilimid ag feidhmiú fúthu a mhaolú ar mhodh ciallmhar, éifeachtach. Tá ról tábhachtach ag an IUA maidir leis an bpróiseas agus d'oibrigh mise, agus leanfaidh mé de bheith ag obair, le mo chomhuachtaráin ollscoile chun na saincheisteanna seo a chur chun cinn.

## An Tragóid in Berkeley

Is tragóid í cailleadh aon duine de phobal UCD agus is tragóid í a théann i gcion go mór ar ár bpobal. Ach cailleadh seisear mac léinn óg Éireannach a bhí ag obair sna Stáit Aontaithe i rith an tsamhraidh agus ba thragóid í sin a chuaigh i bhfeidhm ar an tír ina hiomláine. Baineadh siar go mór as pobal UCD, agus cuireadh brón air, nuair a cailleadh na mic léinn ar an 16 Meitheamh 2015: Eimear Walsh (3ú Med), Lorcán Miller (3 ú Med) agus Niccolai Schuster (2 ú BA, Stair agus Polaitíocht), chomh maith leis na díobhálacha a baineadh do mhic léinn eile de chuid UCD. Bhí mé an-bhródúil as pobal UCD agus as an tslí chomh hiontach sin inar déileáladh le riachtanais ár mac léinn in Berkeley agus anseo in Éirinn. Ba ollmhór an líon daoine a léirigh comhbhrón i leith na tragóide agus shínigh thart ar 20,000 duine an leabhar ar líne comhbhróin, idir dhaoine d'fhoireann acadúil, dhaoine d'fhoireann ghinearálta, mhic léinn agus chairde UCD. Tíolacfar an leabhar comhbhróin sin do theaghlaigh na mac léinn a fuair bás ag tús na bliana acadúla nua tráth a mbeidh Rósghairdín UCD á thiomnú againn do na mic léinn sin a cailleadh sa timpiste thragóideach sin agus do na mic léinn go léir a fuair bás le linn a bheith i mbun staidéir anseo.

Thar ceann phobal iomlán na hOllscoile, déanaim comhbhrón ó chroí le teaghlaigh agus le cairde na ndaoine a maraíodh agus a díobháladh. Le linn na seirbhíse cuimhneacháin a seoladh cúpla lá tar éis na timpiste, léigh mé líne as *Finnegan's Wake*, le duine dár gcuid alumni, James Joyce, chun meon ár bpobail a chur in iúl: *"They lived and laughed and loved and left"*. Agus beidh cuimhne againn orthu i gcónaí.

## Focal Scoir

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile as a gcomhairle agus as a dtacaíocht. Tá a gcuid tuarascálacha ar leithligh le fáil san imleabhar seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le baill Údarás Ceannais UCD as a dtacaíocht agus as a ndúthracht i leith UCD.

Ba bhliain an-sásúil agus an-tairbhiúil í ar lena linn a léiríodh rannpháirteachas forleathan ar thaobh na ndaoine den fhoireann acadúil, na ndaoine den fhoireann ghinearálta, na mac léinn agus chairde UCD i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm ár bPlean Straitéiseach don tréimhse 2015-2020. Ós rud é go bhfuil bonn an-daingean fúinn, tá mé cinnte go bhfuil an t-ionchas, an cumas agus an uaillmhian againn chun cuid mhór a bhaint amach sna blianta atá díreach romhainn. Tá mé ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn a chur in iúl daoibh an bhliain seo chugainn.

An tOllamh Andrew J. Deeks
Uachtarán
*31 Lúnasa 2015*

*Sa phictiúr (clé-deas) ag seoladh leathnú Cairt SWAN Athena chuig Éirinn: An Dr Maria Meehan, Scoil Eolaíochtaí Matamaiticiúla UCD; An tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD; An tOllamh Orla Feely, Leas Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar; An tOllamh Mark Rogers, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir; An Dr Sheila McBreen, Scoil Fisice UCD; An Dr Patricia Maguire, Institiúid Mhic Con Mí UCD.*




# UCD de réir Uimhreacha




*Ionad Mac Léinn UCD.*

## Staitisticí Mac Léinn UCD Campais in Éirinn




# Staitisticí Mac Léinn UCD Oibríochtaí Thar Lear





## Miondealú ar Mhic Léinn Fochéime/Céime i UCD


## Mic Léinn Fir/Mná UCD

**100%** 26,751
in Éirinn




# Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD in Éirinn




# Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD de réir Réigiúin




(2014 / 2015)

# Líon Fochéimithe agus Céimithe UCD
## de réir Disciplín (Éire 2014 / 2015)

| An Réimse Ábhair | Fochéimithe | Céimithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cláir agus cáilíochtaí cineálacha | 362 | - | 362 |
| Oideachas | - | 377 | 377 |
| Na healaíona agus na daonnachtaí | 3,920 | 404 | 4,324 |
| Eolaíochtaí sóisialta, iriseoireacht agus eolas | 1,509 | 685 | 2,194 |
| Gnó, riarachán agus dlí | 3,554 | 2,367 | 5,921 |
| Eolaíochtaí nádúrtha, matamaitic agus staitisticí | 1,926 | 823 | 2,749 |
| Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) | 317 | 529 | 846 |
| Innealtóireacht, déantúsaíocht agus foirgníocht | 1,623 | 811 | 2,434 |
| Talmhaíocht, foraoiseacht, iascach agus tréidliacht | 1,823 | 428 | 2,251 |
| Sláinte agus leas | 3,418 | 1,744 | 5,162 |
| Seirbhísí* | 120 | 11 | 131 |
| **Móriomlán** | 18,572 | 8,179 | 26,751 |

**Áirítear i Seirbhísí cláir mar Shábháilteacht & Sláinte ag an Obair.*

*Nóta: Tá figiúirí rangaithe faoin gCaighdeán Idirnáisiúnta Rangaithe Oideachais (ISCED) mar a úsáideann an tÚdarás um Ard-Oideachais (HEA) agus a úsáidtear níos leithne chun comparáidí staitisticí oideachais thar tíortha a éascú ar bhonn sainmhínithe aonfhoirmeacha a aontaítear go hidirnáisiúnta.*

# An 20 Tír is Mó as a dtagann Alumni UCD

1. Poblacht na hÉireann — 166,781
2. Singeapór — 8,132
3. Sasana, Alba, an Bhreatain Bheag — 4,303
4. Stáit Aontaithe Mheiriceá — 3,766
5. Tuaisceart Éireann — 3,005
6. Srí Lanca — 2,809
7. Hong Kong — 2,475
8. An tSín — 1,526
9. An Spáinn — 1,103
10. Ceanada — 1,000
11. An Ghearmáin — 687
12. An Mhalaeisia — 668
13. An India — 658
14. An Fhrainc — 631
15. An Astráil — 565
16. An Iodáil — 380
17. An Bheilg — 311
18. An Ísiltír — 256
19. Vítneam — 201
20. An Eilvéis — 197



Deasc na Mac Léinn, UCD, a athfheistíodh le déanaí agus a ligeann do dhaoine den fhoireann teagmháil dhíreach a dhéanamh le mic léinn, ar áit í inar féidir ceisteanna simplí a réiteach go tapa agus inar féidir ceisteanna atá níos casta a phlé go héasca agus go príobháideach.



**An tOllamh Mark Rogers Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán**

## Réamhrá ó Chláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD

Tá seachadadh eispéiris oideachasúil iomlánaíoch i gcroílár oideachais UCD a aithníonn agus a chothaíonn buanna aonair uathúla gach mac léinn. Tá bród orainn timpeallacht foghlama fhorchéimnitheach agus uileghabhálach a thairiscint in ar féidir le mic léinn dul chun cinn a dhéanamh go hacadúil agus rath aonair a bheith orthu. Cuimsíonn ár gcampas nua-aimseartha áiseanna taighde agus teagaisc d'ardchaighdeán le teicneolaíocht faisnéise cheannródaíoch agus struchtúir churaclaim chruthaitheacha a sheachadaítear go dtí fíor-ardchaighdeáin teagaisc. Aithnímid agus is mór linn na buntáistí dúchasacha a bhaineann le hoideachas i dtimpeallacht diantaighde, a bhfuil sochair fhorleathana aige agus a chuireann pobal iomlán na hollscoile chun cinn. Díríonn na haitreabúidí seo ar UCD mar cheannaire i seachadadh oideachais ardchaighdeáin dírithe ar thaighde agus ar mhic léinn.

Cuireann seoladh Straitéis UCD 2015-2020 treochlár ar fáil chun ár gcáil iontach san oideachas a threisiú. I mbliana chonacthas pleanáil leathan mar ullmhú d'athbhreithniú agus d'athdhearadh cuimsitheach ar ár gcuraclam, á choinneáil ar an eolas ag ár bhfís do 2020, agus ag dea-chleachtas idirnáisiúnta i ndearadh curaclaim, san oideolaíocht agus i bhfoghlaim éifeachtach mac léinn. Trí acmhainneacht iomlán struchtúir chéime modúlaí, tiomanta ag torthaí, a uasmhéadú, cinntímid gur féidir linn deiseanna spóirt, sóisialta, cultúrtha agus intleachtúla a ghiaráil chun leasa ár mac léinn.

D'ainneoin na hoibre atá ar siúl, leanann UCD air mar *Rogha Ollscoil* ag 8,889 céad rogha CAO agus mar *Ollscoil Chéad Cheann Scríbe* do mhic léinn idirnáisiúnta atá ag iarraidh staidéar a dhéanamh in Éirinn. Leanaimid orainn ag cur leis an rollú inár gcláir chéime mhúinte agus léirímid méadú beag ar líon na mac léinn taighde tar éis roinnt blianta de thitim siar. Is croíluach de chuid na hOllscoile é an Éagsúlacht laistigh dár Straitéis. Tá breis agus 1,000 mac léinn tar éis céim de chuid UCD a bhaint, dream a tháinig isteach san Ollscoil ar chonair mhalartacha. Tá oideachas atá curtha ar an eolas go sóisialta agus go cultúrtha ar cheann den iliomad sochar a bhfuil sé d'ádh ar ár mic léinn taithí a fháil orthu trí staidéar a dhéanamh i UCD. I rith a gcuid ama anseo faigheann siad na scileanna atá riachtanach chun dul i ngleic go gníomhach agus cur le sochaí domhanda feabhsaithe. Leanaimid orainn ag cur le héagsúlacht shóisialta ár mac léinn, an chéatadán mac léinn ó ghrúpaí tearcionadaíochta á mhéadú agus éagsúlacht ár bpobal mac léinn idirnáisiúnta á méadú. Tá 6,600 mac léinn idirnáisiúnta ag staidéar anois i UCD agus 5,600 eile ag staidéar thar lear. Déanann ár mic léinn idirnáisiúnta rannchuidiú luachmhar agus beoga le saol na hollscoile mar aon le alumni UCD a leathnú go domhanda trí bheith ina n-ambasadóirí ar feadh a saoil dá *alma mater*.

Agus ár bplean straitéiseach nua á chur i bhfeidhm, tá mé muiníneach go gcuirfimid eispéireas oideachasúil dírithe ar an mac léinn ar fáil nach mbeidh a shárú le fáil agus cuirfimid éifeachtúlachtaí riaracháin i bhfeidhm a cheadaíonn dúinn leanúint orainn ag seachadadh eispéiris oideachais d'ardchaighdeán do mhic léinn Éireannacha agus do líon mac léinn idirnáisiúnta atá ag dul i méid araon. Sa chuid seo den Tuarascáil, léifidh tú faoin gcaoi a bhfuil Gnóthaí Acadúla ag obair go gníomhach leis na cuspóirí seo a neadú i gcuraclam ár mac léinn.

An tOllamh Mark Rogers
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán

## Disciplíní agus Cláir Acadúla a Threisiú agus a Fheabhsú

### An t-Eispéireas Oideachasúil a Fheabhsú

Baintear eispéireas foghlama mac léinn feabhsaithe amach trí infheistíocht a dhéanamh i gcúrsaí forbartha gairmiúla i dteagasc agus i bhfoghlaim ardoideachais dóibh siúd a sheachadann ár gcláir, agus a thacaíonn le foghlaim mac léinn. In 2014/15 ghlac 34 den fhoireann teagaisc páirt i gcláir chreidiúnaithe i dTeagasc agus i bhFoghlaim Ollscoile. Cuirtear béim níos mó anois ar thacaíocht a thabhairt do lucht acadúil luathghairme trí sholáthar sainchúrsaí agus seimineáir do theagascóirí, mic léinn PhD agus do thaighdeoirí iardhochtúireachta. Ábhar suime ar leith in 2014/15 ab ea seoladh sraith seimineár nua do thaighdeoirí iardhochtúireachta ar theagasc agus ar fhoghlaim ollscoile, ar fhreastail 22 den fhoireann uirthi. Mar fhreagra ar an riachtanas atá ag dul i méid chun glacadh le teicneolaíochtaí nua i dteagasc agus i bhfoghlaim ardoideachais, tháinig Seirbhísí IT, Teagasc agus Foghlaim, agus pobal UCD de theicneolaithe oideachasúla scoilbhunaithe le chéile chun cainteanna tionscnaimh *EdTECx* a sheachadadh i Márta 2015. Ghlac breis agus 200 duine den dámh agus den fhoireann páirt san imeacht dhá la seo, ag fáil inspioráide agus smaointí nua ó chomhghleacaithe agus ó shaineolaithe ar úsáid éifeachtach teicneolaíochta sa seomra ranga. Leanann UCD ag spreagadh agus ag éascú forbairt acadúil trí chleachtadh comhroinnte, agus breis agus 140 ag dul i bpáirt sa phobal ar líne nua, Teagasc agus Foghlaim Google Plus. Seoladh in 2014 é agus cuireann sé spás ar fáil le smaointe a roinnt agus chun phlé a dhéanamh ar shaincheisteanna bainteach le teagasc agus foghlaim.

Gné ríthábhachtach a chuir taca faoi fhorbairt teagaisc agus foghlama i UCD le blianta beaga anuas ab ea úsáid sheasmhach taighde bhríomhair agus fiosrúchán oideolaíoch eolaíochtbhunaithe ar a bhféadfaí cuir chuige fianaisebhunaithe i leith na foghlama a chruthú agus tacú leo. Cuirfidh torthaí taighde na gComhaltaí reatha i bhForbairt Acadúil agus Teagaisc, atá ag plé le tionchar agus le forbairt nasc taighde/teagaisc i seachadadh foghlama mac léinn ardchaighdeáin, bonn eolais faoi athbhreithniú curaclaim agus próiseas feabhsúcháin ar fud na hOllscoile atá sceidealta do 2015/16. Cuireann acmhainn ar líne nua ar thaighde sa teagasc, a chuireann Teagasc agus Foghlaim UCD ar fáil, treoir phraiticiúil ar fáil do dhaoine den fhoireann a bhfuil suim acu taighde a dhéanamh ina gcleachtadh teagaisc, agus é ar intinn acu é a roinnt trína fhoilsiú agus/nó trí pháipéar comhdhála.


Go náisiúnta, leanann UCD ag cur lena cháil sármhaitheasa i scoláireacht an teagaisc agus na foghlama, dhá cheann de seacht ndeontas taighde a thairgeann an Fóram Náisiúnta d'Fheabhsúchán an Teagaisc agus na Foghlama, á mbaint amach acu trí phróiseas iomaíoch. Fuair an Dr Niamh Moore-Cherry agus an tOllamh Suzanne Quin €25,000 do staidéar dár teideal *Student Non-completion: Why do students leave higher education in Ireland?* Fuair foireann taighdeoirí á dtreorú ag na Dochtúirí Sara O'Sullivan, Suzanne Guerin, Amanda Gibney agus Michael Staunton €25,000 do thionscadal dar teideal *Existing Research Outputs focused on Higher Education Teaching and Learning in Ireland.*

Bhí an Dr Kevin Costello, An Scoil Dlí UCD, agus an tUasal Sinead Sheerin, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, ar 53 Laoch Teagaisc ó 27 institiúid ardoideachais ar fud Éireann a d'aithin an Fóram Náisiúnta d'Fheabhsúchán Teagaisc agus Foghlama san Ard-Oideachais, ag searmanas Dámhachtainí Laochra Teagaisc Náisiúnta i Meán Fómhair 2014.

## Oideachas Iarchéime a Fhorbairt agus a Fhás

Mar fhreagra ar leathnú leanúnach ar phunann iarchéime múinte UCD, thug Teagasc agus Foghlaim UCD faoi thionscadal straitéiseach in 2014/15 chun tacú leo siúd a bhí bainteach le pleanáil, dearadh agus feidhmiú clár iarchéime. Ag teacht le tiomantas na hOllscoile cur lena haimsiú go hidirnáisiúnta, tugadh aird ar leith ar thacaíochtaí teagaisc agus foghlama a fhorbairt a bheadh oiriúnach do mhic léinn baile agus idirnáisiúnta araon, mar aon le teicneolaíocht a ghiaráil chun seachadadh clár cumaisc agus solúbtha ar líne a éascú.

Fíor 1: Líon na gCéimithe i UCD (campais in Éirinn)




### Forbairt Clár

Leanann UCD ag cur le héagsúlacht a punainne céime múinte go dtí leibhéal ina ndéanaimid anois breis agus 550 clár a thairiscint. Bhí méadú de thart ar 2% ar an iomlán, bliain ar bhliain, ar rollú céimithe (taighde agus múinte), in aghaidh cúlra de mhéadú 19% ar rolluithe sna cúig bliana dheireanacha. Go sonrach, bhí méadú de 33% ar líon na rolluithe ar chéimithe múinte iad sna cúig bliana atá caite. In 2014/15, tháinig 21% de mhic léinn ar chéimithe taighde iad agus 18% de mhic léinn ar chéimithe múinte iad ó lasmuigh den AE, rud a léiríonn ár n-íomhá mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann.

Chun UCD a chur chun cinn mar phobal scoláirí, thionól Déan an Staidéir Iarchéime imeacht tionscnaimh *GradsConnect* i Meán Fómhair 2014 a d'fháiltigh agus a thug taispeántas ar na háiseanna agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil chun cur le heispéireas acadúil agus saol ollscoile mac léinn iarchéime.

### Tacaíocht PhD

Ba bheag nár mhéadaigh líon na gceardlanna scileanna inaistrithe faoi dhó i rith na bliana acadúla 2014/15. Tairgeann na ceardlanna seo deis do mhic léinn dochtúireachta ó gach disciplín scileanna éagsúla a fheabhsú, lena n-áirítear scileanna bainistithe tionscadail agus cuir i láthair. Faigheann mic léinn eolas freisin ar an gcaoi le dul ar aghaidh trí chláir PhD struchtúrtha UCD, agus a bpróifíleanna pearsanta a mhionchoigeartú d'fhorbairt ghairme. Is ó laistigh de UCD go príomha a thagann na saineolaithe a dhéanann cuir i láthair, anuas ar chuairt bhliantúil ó phríomhshaineolaí domhanda i dtacú le mic léinn dochtúireachta lena scileanna scríofa.

Bhí baint shuntasach ag UCD le forbairt An Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta a seoladh i Meitheamh 2014. Leagann an Creat seo dea-chleachtais amach i gcláir PhD struchtúrtha laistigh d'institiúidí ardoideachais na hÉireann.

### Forbairt Mhaoirseacht Taighde

In Eanáir 2015 seoladh comhchlár *UCD-TCD ar Thacaíocht agus ar Fhorbairt Mhaoirseoirí Taighde (RSSDP)*. Is é seo an chéad cheann dá chineál san Eoraip áit ar chomhoibrigh dhá ollscoil go rathúil lena chéile ar sholáthar tacaíochtaí maoirseora. Bhí ceardlanna míosúla i gceist i gColáiste na

Tríonóide nó i UCD. Cuireadh cuir i láthair ó aoi-shaineolaithe ar fáil do rannpháirtithe mar aon le dhá mháistir-rang, á seachadadh ag trí shaineolaí idirnáisiúnta i réimse an chleachtaidh mhaoirseoireachta, forbairt dochtúireachta agus oideolaíocht na maoirseachta. Fuarthas aiseolas dearfach, rannpháirtí amháin a rá go raibh an clár "ríthábhachtach don saol acadúil ar champas". D'fháiltigh maoirseoirí roimh an tacaíocht ollscoile agus a mbealaí á ndéanamh acu trí chastacht forbartha agus cleachtaí an chaidrimh ghairme i maoirseoireacht dochtúireachta. Cuireadh fáilte freisin roimh an comhoibriú agus roinnt eispéireas le foireann TCD, agus d'iarr maoirseoirí UCD go ndéanfaí comhoibriú a fhorbairt le hinstitiúidí ardoideachais eile. D'éirigh chomh maith sin leis an imeacht gur iarr rannpháirtithe go ndéanfaí tuilleadh tacaíochtaí a fhorbairt agus go mbeadh rannpháirtíocht an athuair ag clár na bliana seo chugainn.

Bhí UCD i gcomhar le Universitas 21 (U21) ina óstach ar *Cheardlann Idirnáisiúnta ar Thacaíocht agus ar Fhorbairt do Mhaoirseoirí Taighde - Cleachtais, Prionsabail agus Tosaíochtaí*, in Ollscoil Shanghai Jiao Tong, i Márta. D'fhreastail Déin agus Stiúrthóirí Oideachais Iarchéime roinnt institiúidí comhpháirtithe U21 ar an gCeardlann seo agus bhí UCD ar ocht n-institiúid a chuir páipéir sheasaimh i láthair ar ghníomhaíochtaí maoirseachta. Áiríodh ar na príomhchainteanna: *an Pheirspictíocht Eorpach ar Dhea-chleachtais sa Mhaoirseacht; Ath-innealtóireacht ar an bParaidím Mhaoirseachta Taighde san Iarchéim - Dúshláin don Todhchaí; Maoirseacht Dochtúireachta Ghairmbhunaithe; agus Maoirseacht Dochtúireachta Tionscalbhunaithe.*

## Cáilíocht a Sheachadadh agus a Thomhas

Braitheann ár gcáil ar chaighdeán ár n-eispéiris oideachasúil agus ár scoláireacht. Caithfimid a bheith in ann a léiriú go bhfuil an cháilíocht againn a mhaímid a bheith againn agus an toil agus an treallús chun ár ngníomhaíochtaí a fheabhsú agus a leasú de shíor.


Fónann ár ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta don dá chomhchuspóir seo. Agus iad á gcur le chéile, cruthaíonn siad muinín i bhfeidhmíocht na hinstitiúide ardoideachais. Tugann córas dearbhaithe cáilíochta, a fheidhmítear go rathúil, muinín don institiúid ardoideachais agus don phobal maidir le cáilíocht ghníomhartha na hinstitiúide le linn dóibh comhairle agus moltaí a chur ar fáil ar an gcaoi lena tairiscintí a fheabhsú tuilleadh. Tacaíonn an dá ghné seo le forbairt chultúr cáilíochta a nglacann mic léinn, foireann agus bainistíocht leis.

Ag teacht leis na Caighdeáin agus na Treoirlínte do Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ard-Oideachais na hEorpa (ESG) 2015, baineann UCD úsáid as raon meicníochtaí feabhsaithe agus dearbhaithe cáilíochta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear: dearadh, faomhadh agus monatóireacht clár agus modúl; athbhreithniú ar an gcuraclam; aiseolas agus ionadaíocht mac léinn; scrúdaitheoirí seachtracha; creidiúnú agus/nó aitheantas seachtrach ó chomhlacht rialála/gairmiúil; agus athbhreithniú cáilíochta institiúide seachtrach. Is feithiclí oiriúnacha agus comhréireacha iad creat cáilíochta UCD agus na próisis a chuimsíonn sé, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, chun tacú le hathmhachnamh agus feabhsúchán, agus sárchleachtas a ghabháil agus a scaipeadh.

Laistigh den chreat cáilíochta leathan seo de chuid UCD, tá athbhreithniú aonaid tréimhsiúil fós ar cheann de na príomh-mheicníochtaí chun cáilíocht soláthair oideachasúil UCD a luacháil agus chun deiseanna feabhsúcháin a aithint. Cuireann sé meicníocht fhoirmiúil ar fáil don dámh agus don fhoireann machnamh agus iarracht a dhéanamh chun cleachtas a fheabhsú i ngach réimse dá gcuid oibre agus chun foghlaim, teagasc agus taighde ina ndisciplíní a chur chun cinn, a bhfuil eispéireas foghlama mac léinn feabhsaithe de thoradh orthu uile.

In 2014/15 tugadh athbhreithnithe cáilíochta chun críche do na haonaid seo a leanas: Scoil an Leighis Tréidliachta UCD; Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD; Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD; Scoil na Fealsúnachta UCD; Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD; Seirbhísí IT UCD; agus Leabharlann UCD.

## An líon iomlán Céimithe UCD in Éirinn




**Méadú foriomlán ar an líon céimithe =**




**le 5 bliana anuas**

Is grúpaí athbhreithnithe a dhéanann athbhreithnithe cáilíochta UCD ar aonaid, lena n-áirítear foireann UCD agus speisialtóirí ábhar sinsearacha a thagann ó institiúidí ardoideachais domhanda a rangaíonn sa 1% is airde. In 2014/15, áiríodh orthu seo athbhreithneoirí ó Ollscoil Oxford, Ollscoil Cambridge, Ollscoil Cornell, agus Ollscoil Leuven. Chun measúnú neamhspleách ar aonad atá faoi athbhreithniú a éascú, is é polasaí UCD nach sáróidh líon na n-athbhreithneoirí inmheánacha líon na n-athbhreithneoirí seachtracha in aon ghrúpa athbhreithnithe cáilíochta. In 2014/15,roghnaíodh athbhreithneoirí idirnáisiúnta ó sheacht dtír: an Astráil, an Bheilg, an Ísiltír, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Éascaíonn athbhreithniú piara d'fhoireann shinsearach agus dáimhe ó institiúidí den scoth ról a bheith acu i gcinntiú ní hamháin go gcoinnítear cáilíocht soláthar tacaíochta agus acadúil UCD ach go gcuirtear leis i gcónaí. Tá an cur chuige seo i leith athbhreithnithe cáilíochta ag teacht le Plean Straitéiseach UCD 2015-2020, a bhfuil na cuspóirí san áireamh ann "eispéireas oideachasúil a sholáthar a shainmhíníonn dea-chleachtas idirnáisiúnta" agus "ár ndisciplíní a láidriú agus a chomhdhlúthú". In 2014/15 tugadh an dara timthriall seacht mbliana d'athbhreithnithe cáilíochta de chuid UCD chun críche, ina raibh 70 athbhreithniú aonair ar leithligh lena n-áirítear scoileanna agus aonaid tacaíochta.

Aithnímid nach féidir ár maidí a ligean le sruth. Leanfaimid orainn ag machnamh ar ár bhfeidhmíocht agus lorgóimid bealaí breise chun soláthar a fheabhsú. Mar shampla, tá measúnú taighde cáilíochta píolótach á dhéanamh le Scoil na Seandálaíochta UCD i gcomhar le hOifig Cháilíochta UCD agus Taighde UCD.

Tá aithint agus roinnt dea-chleachtais lárnach don phróiseas feabhsaithe cáilíochta laistigh de UCD, agus éascaítear iad seo ar roinnt bealaí. Mar shampla úsáidtear tagairtí seachtracha, mar Chód Cleachtais Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) do sheachadadh soláthar oideachasúil d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus an ESG (2015), le go ndéantar cleachtas agus soláthar UCD a mhapáil ina n-aghaidh. Aithnítear dea-chleachtas freisin trí athbhreithniú cáilíochta tréimhsiúil ar aonaid, a chomhthiomsaítear agus a roinntear via iris bhliantúil chuig scoileanna, aonaid tacaíochta agus comhpháirtithe comhoibríocha UCD.

Ag teacht le Straitéis UCD 2015-2020, chun "ár gcomhpháirtíocht a threisiú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta", leanann foireann UCD orthu agus ról gníomhach acu i gcónaí in imeachtaí cáilíochta ardoideachais náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar shampla: Cathaoirleacht ar Choiste Cáilíochta Chumann Ollscoileanna na hÉireann 2014/15; ag labhairt ag an seimineár feabhsúchán cáilíochta bliantúil a d'eagraigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i mBealtaine 2015; agus ag comheagrú Sraith bhliantúil Ceardlanna Oiliúna Líonra Cáilíochta Ard-Oideachas na hÉireann. Tá Stiúrthóir Cáilíochta UCD roghnaithe ag Gníomhaireacht Dearbhú Cáilíochta ardoideachais (na hAlban) mar Athbhreithneoir Idirnáisiúnta d'athbhreithniú institiúideach ollscoileanna na hAlban.

## Foghlaim, Rannpháirtíocht agus Forbairt Mac Léinn

### *Acadamh Ad Astra UCD*

Is tionscnamh é Acadamh Ad Astra ag éirí as plean straitéiseach UCD a aithníonn agus a thacaíonn le mic léinn chumasacha agus inspreagtha trí raon tacaíochtaí agus deiseanna saincheaptha a chur ar fáil dóibh. Is é Bord Bainistíochta Scoláireachtaí agus Ad Astra UCD a rialaíonn é.

Bhí an ceathrú iontógáil mac léinn san Acadamh ann in 2014/15, a bhronn scoláireachtaí gach bliain ó uair a bhunaithe in 2011 ar scoláirí ardghnóthachtála go hacadúil, sna taibh-ealaíona agus sa lúthchleasaíocht. I mbliana bronnadh 85 scoláireacht nua: 58 ar lucht Acadúil, 22 ar Shár-Lúthchleasaithe, agus 5 sna Taibh-Ealaíona. Is clochchoirnéil den chlár scoláireachta an mheantóireacht agus tá thart ar 40 den fhoireann acadúil ag déanamh meantóireachta ar scoláirí thar na trí shraith.

Coinníonn scoláirí agus alumni Ad Astra orthu ag cruthú go maith, i rith a gcuid ama in UCD agus ina dhiaidh. Tá scoláirí acadúla tar éis dul i mbun socrúcháin taighde in ollscoileanna idirnáisiúnta ardcháilíochta, páirt a ghlacadh in intéirneachtaí i mór-eagraíochtaí idirnáisiúnta, comhairle na scoláirí a bhunú agus dámhachtainí acadúla éagsúla a fháil. Tá na scoláirí taibh-ealaíona tar éis ardghradam a bhaint amach san amharclann ghairmiúil, i scannáin agus i dtaibhithe ceoil, agus tá na lúthchleasaithe den scoth tar éis dul san iomaíocht in iliomad imeachtaí spóirt a bhfuil próifíl ard acu, lena n-áirítear na Cluichí Oilimpeacha i Londain 2012 agus Turas Rugbaí *Lions* na Breataine agus na hÉireann. Go dtí seo cháiligh cúigear lúthchleasaí den scoth do na Cluichí Oilimpeacha i Rio, agus féadfaidh cúigear eile cáiliú do Rio as seo go ceann cúpla mí.

### SPARC

Chun go mbeadh UCD ina áit níos fearr le cónaí, oibriú agus foghlaim ann, bunaíodh tionscnamh píolótach SPARC, le seachadadh sraith tionscadal




*Chomhoibrigh Seirbhísí Mac Léinn UCD agus Aontas na Mac Léinn, UCD, ar thionscadal chun cartlann a thiomsú chun stair shaibhir Aontas na Mac Léinn a chur ar fáil. Sa phictiúr (clé-deas) le linn sheoladh na cartlainne: Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; Uachtarán Aontas na Mac Léinn, UCD, Feargal Hynes; agus Cathaoirleach an Údaráis Ceannais, Eugene McCague.*

*Na 93 Scoláire nua Ad Astra de chuid UCD 2014/15 agus iad in éineacht leo seo a leanas (chun tosaigh, clé-deas): An tUas Tony Carey, Stiúrthóir Shraith na nEalaíon Taibhiúcháin; an tOllamh Colin Boreham, Stiúrthóir Shraith na Scoth-Lúthchleasaithe; Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; an tOllamh Mark Rogers, Stiúrthóir Acadamh UCD, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir; agus an tOllamh Liam Kennedy, Stiúrthóir Shraith na Scoláirí Acadúla. Cuirfear an líon sin Scoláirí leis an 150 mac léinn leantacha atá cuimsithe i bpríomhchlár UCD trína dtugtar aitheantas do mhic léinn eisceachtúla agus trína gcothaítear mic léinn den sórt sin.*



trí chomhpháirtíochtaí foirne/mac léinn a éascú. Tar éis próisis roghnaithe iomaíoch, faomhadh ceithre thionscadal do mhaoiniú in 2014/15. Léirigh na tionscadail rathúla éagsúlacht smaointe airgtheacha lena n-áirítear: bunú beachlainne de chóilíneachtaí beach meala in Belfield; cruthú turais fhíorúil ardteicneolaíochta de Shaotharlann Institiúid Mhic Con Mí; ceardlanna teagmhálacha Mata Sparks do scoileanna DEIS; agus clár oideachais chun tabhairt ar pháistí scoile plé leis an seandálaíocht i réigiún Bhaile Átha Cliath.

### Tacaíocht Ghairme

Lean an Ollscoil uirthi ag forbairt scileanna infhostaitheachta agus buanna ár mac léinn, á gcur ar a gcumas teacht chun a bheith ina saoránaigh dhomhanda éifeachtacha. Baineadh é seo amach trí thionscnaimh á dtreorú ag Ionad Forbartha Gairme UCD, lena n-áirítear Dúshlán Scileanna Móra UCD (tacaíocht luath do mhic léinn na chéad bliana), agus Meantóireacht Forbartha Gairme. Aithníonn an Ollscoil freisin forbairt sé inniúlacht oibre bunaidh do mhic léinn agus úsáid á baint as Dámhachtain Aitheantais Ghairme City and Guilds.

Feidhmíonn Ionad Forbartha Gairme UCD go lárnach agus go háitiúil araon, agus sheachaid 185 ceardlann saincheaptha i Scoileanna UCD i rith na bliana. Bronnadh teastais gan chreidiúintí, a aithníonn forbairt ghairme trí chláir chomhchuraclaim mar Scileanna don Saol Oibre, ar 128 mac léinn. Nascann an tIonad fostóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta le tallann UCD. Liostaíodh 2,359 folúntas ar ár mbunachar sonraí folúntas i mbliana. Rinne 278 earcóir eile le hiliomad folúntas, earcaíocht dhíreach i UCD, a mheall 5,516 mac léinn. Tá spreagadh mac léinn chun a mianaidhmeanna, a bpleananna gairme agus a scileanna a fhorbairt agus a chur in iúl, ríthábhachtach chun go n-éireoidh leo, agus, chun é seo a chumasú, cuireadh 2,160 imeacht treorach agus cóitseála gairme ar fáil.

## Eispéireas na Mac Léinn a Idirnáisiúnú

Mhéadaigh líon na mac léinn idirnáisiúnta go dtí thart ar 6,600 a thug céatadán na mac léinn idirnáisiúnta ar champais in Éirinn go 25%. Baineann an méadú seo le fás leanúnach ar chlár Staidéar Thar Lear de chuid na NA, a sháraigh 1,000 mac léinn den chéad uair. Tacaíodh leis an bhfás seo trí fhorbairt clár nua nuálaíocha i réimsí ábhair nár pléadh go traidisiúnta leo i Staidéar Thar Lear, mar innealtóireacht agus altranas. Thóg UCD ar a rannpháirtíocht rathúil le clár Eolaíocht gan Teorainneacha na Brasaíle, a mheall beagnach 120 mac léinn, an líon is mó rolluithe nua san earnáil Éireannach do chohórt 2015.

Cuireadh tuilleadh le lorg domhanda UCD trí rollú breis agus 5,600 mac léinn ar na cláir thar lear agus seoladh líonra d'Ionaid Dhomhanda i SAM, sa tSín, san India agus in Oirdheisceart na hÁise. Treisíonn sé seo oibríochtaí atá ann cheana i Nua Eabhrac agus Beijing, agus UCD bunaithe anois i Chicago, San Francisco, Deilí Nua agus Kuala Lumpur. Tacaíonn na hIonaid Domhanda le forbairt comhpháirtíochtaí institiúideacha, iontráil agus rollú mac léinn idirnáisiúnta, agus rannpháirtíocht alumni UCD.

Bunaíodh compháirtíochtaí idirnáisiúnta nua agus cláir chomhoibríocha le hollscoileanna Nankai agus Tianjin agus Institiúid Teicneolaíochta Harbin sa tSín, Ollscoil Teicneolaíochta Nanyang i Singeapór, Ollscoil Buenos Aires, agus Ollscoil Stáit Tblisi. D'fháiltigh UCD roimh an gcéad chohórt mac léinn ó chláir chomhoibríocha le Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath.

Leathnaigh cláir mhalartaithe mac léinn amach chun freastal ar 615 mac léinn agus mic léinn á gcur amach ag UCD go dtí an Airgintín, Uragua, agus go dtí comhpháirtí nua U21, Ollscoil Maryland. Tabharfar tacaíocht do shoghluaiseacht mac léinn agus foirne sna blianta atá le teacht le maoiniú a fuarthas ó Chlár Soghluaiseachta Creidmheasa Erasmus+. Bhí UCD ar an institiúid is rathúla in Éirinn sa chéad bhabhta d'iarratais don chlár maoinithe nua seo, agus naoi dtairiscint rathúil aici a chlúdaigh sé ilchríoch.

### Rannpháirtíocht Mac Léinn

Trí cheiliúradh imeachtaí idirnáisiúnta suntasacha, leanann Global Lounge UCD air ag cur agus ag tacú le ceiliúradh agus le tuiscint ár mac léinn ar chultúir agus ar ghníomhaíochtaí domhanda. Le heispéireas na mac léinn a fheabhsú tuilleadh tairgeann UCD anois sraith chaiféanna teanga sa tSínis, sa bhFraincis, sa Ghearmáinis agus sa Spáinnis. Ó thaobh an spóirt idirnáisiúnta de chuir UCD foireann peile ban go dtí Cluichí Gaelacha na hÁise de chuid Chumann Lúthchleas Gael sa Mhalaeisia. Chuaigh an fhoireann a bhí comhdhéanta de mhic léinn idirnáisiúnta ón Afraic, ón Áis, ón Eoraip agus ó Mheiriceá

Thuaidh, lena n-áirítear roinnt tosaitheoirí, faoi phróiseas diantraenála agus roghnaithe agus d'éirigh leo dul ar aghaidh go dtí na cluichí leathcheannais.

In 2014/15, chuaigh Oibrithe Deonacha UCD Thar Lear (UCDVO) i dteagmháil le 143 oibrí deonacha ina chlár bliantúil um oideachas forbartha agus oibrí deonach. Leanadh le socrúcháin san India, i Háítí, i Nicearagua, sa Tansáin agus in Uganda, agus thiomsaigh mic léinn breis agus €350,000 chun tionscadail forbartha i réimsí cúraim sláinte, oideachais, teicneolaíochta agus forbairt infreastruchtúir a mhaoiniú. Tháinig roinnt tionscnamh nua chun cinn, lena n-áirítear an chomhdháil tionscnaimh ar Dheonú Idirnáisiúnta san Ard-Oideachas; seoladh sraith chúrsaí tráthnóna ar oideachas forbartha agus ar ghníomhaíochas; agus leathnú clár oideachais ríomhaireachta i Háítí a mbeadh bunú saotharlanna ríomhaireachta grianchumhachtaithe do phobail tuaithe iargúlta san áireamh ann. D'éirigh le UCDVO maoiniú seachtrach a fháil freisin ó Chúnamh Éireann, Concern ar Fud an Domhain agus Trócaire dá ghníomhaíochtaí oideachais forbartha ar champas.

## Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Tá UCD mórtasach as a bheith ina ollscoil chuimsitheach agus léirítear é seo sa mhéadú seasmhach ar ráta rannpháirtíochta mac léinn faoi ghannionadaíocht. Léirítear an tosaíocht seo i gCuspóir 5 de Phlean Straitéiseach nua UCD 2015-2020. Tá baint amach an chuspóra seo cinniúnach i leathnú cumhacht aistritheach an oideachais go dtí bonn mac léinn níos leithne. Choinnigh UCD air, iarracht comhbheartaithe á dhéanamh aige chun díriú ar ghrúpaí mac léinn faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear lucht fágáil scoile ó chúlraí socheacnamaíocha ísle, mic léinn aibí, mic léinn faoi mhíchumas, foghlaimeoirí páirtaimseartha agus ocáideacha, daoine den lucht siúil agus teifigh.

D'eagraigh UCD, trí Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD, i gcomhar le Comhghuaillíocht Ard-Oideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath, Aonach Oideachais d'Aosaigh Réigiún Bhaile Átha Cliath, a sheol an Tánaiste Joan Burton, TD i Mí na Samhna. Thug an imeacht seo institiúidí ardoideachais ó ar fud an réigiúin le chéile faoi aon díon amháin le treoir, tacaíocht agus deiseanna líonraithe a chur ar fáil do mhic léinn aibí ionchasacha.

Oibríonn UCD i gcomhar le roinnt institiúidí cultúrtha i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI), an Hugh Lane, Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, agus Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath. Leathnaíonn na comhpháirtíochtaí seo ár ndeiseanna d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, taispeánann siad ár scoláireacht agus ceiliúrann siad ár ndiminsean cultúrtha le lucht féachana níos leithne. Is léiriú inbhraite ar thiomantas UCD don rannpháirtíocht na cláir chomhpháirtíochta, rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil á thairiscint do mhic léinn. I mbliana bhain an clár Comhpháirtíochta Cultúrtha san NLI sprioc de 1,000 foghlaimeoir amach.

Lean UCD lena ghníomhaíochtaí for-rochtana spriocdhírithe atá ag éirí níos fearr is níos fearr leo ó thaobh mealladh agus neartú líon na mac léinn faoi ghannionadaíocht. Chuidigh caidreamh a fhorbairt le scoileanna, pobail agus gnó chun mic léinn ionchasacha faoi ghannionadaíocht a mhealladh agus chuaigh sé chun leasa ár mac léinn reatha sa bhforbairt phearsanta agus ghairme. Cuirtear mic léinn dara leibhéal i scoileanna comhpháirtithe DEIS ar an eolas faoi UCD trí champaí samhraidh cónaitheacha, laethanta scáthfhoghlama agus seisiúin bhlaiste. Ar thionscnaimh eile áirítear an clár OneWeek@Google a thairgeann deis taithí oibre do mhic léinn na hidirbhliana i scoileanna nasctha, a leathnaíodh amach go dtí scoileanna nasctha le UCD den chéad uair in 2015.

Is gné lárnach do bhaint amach cuspóirí rochtana UCD é tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí aosaigh agus aibí chun filleadh ar an oideachas, agus cuireann sin sochair níos leithne na foghlama chun cinn i measc pobal agus teaghlach. Soláthraíonn cúrsaí rochtana cosán seanbhunaithe le dea-thacaíocht do mhic léinn aibí le filleadh ar an oideachas, an bealach seo in úsáid ag breis agus 100 aosach in aghaidh na bliana i bpríomhréimsí na n-ealaíon/na heolaíochta sóisialta/an dlí, na heolaíochta/na hinnealtóireachta agus na talmhaíochta. Tá clár Foghlaim Oscailte UCD tar éis leathnú ó dhá mhodúl go 60 modúl agus tá modúil *UCD Horizons* á oscailt d'fhoghlaimeoirí aosacha i raon ábhar ó dheich Scoil dhifriúla de chuid UCD. Leanann clár Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD air ag tairiscint cúrsaí páirtaimseartha i raon ábhar in Belfield, sa Charraig Dhubh agus in institiúidí cultúrtha éagsúla.

Bhain UCD clochmhíle shuntasach amach in 2015: ó 1997, tá breis agus 1,000 mac léinn a chuaigh isteach san Ollscoil trí chosáin agus tacaíocht Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD acu, tar éis céim de chuid UCD a bhaint amach.

Aithníodh an clár *UCD Future You*, le tacaíocht ó Fhondúireacht Citi, a nascann mic léinn UCD reatha le daltaí na cúigiú agus na séú bliana chun comhairle agus meantóireacht a chur ar fáil, le dámhachtain Sármhaitheas sa Phobal ag Dámhachtainí Freagrachtaí Sóisialta Corparáideacha Chambers Ireland 2014.

Tá cuspóir soiléir ag UCD campas inrochtana a chur ar fáil do gach mac léinn, ball foirne agus cuairteoir agus chun dea-chleachtas i ndearadh uilíoch do thionscadail nua a spreagadh. Oibríonn Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD le priomhaonaid UCD chun moltaí Iniúchadh Inrochtaineachta UCD a chur ar aghaidh. Ar na príomhoibreacha inrochtaineachta a tugadh chun críche in 2014/15 áiríodh mionathruithe ar bhealaí éalaithe ag deich bhfoirgneamh tosaíochta, a mbíonn an líon is mó daoine ag tarraingt orthu, agus ceannach córas clos-lúibe iniompartha ar féidir a úsáid ar fud an champais.

Cuireann tacú leis an éagsúlacht agus rannpháirtíocht atá ag dul i méid bonn taca faoi ghnóthú rathúil cuspóirí rochtana. D'éirigh le UCD urraíocht a fháil



*Ar cuairt i Lárionad Oideachais Sangam Vihar i nDeilí: An tOllamh Mark Rogers, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir UCD, agus an tUas Alex Metcalfe, Stiúrthóir Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, in éineacht leis an Dr Sunita Kaistha agus le Amita Sahaya, atá ina nIonadaithe don réimse Ban, Saothair agus Sláinte. Oibrithe deonacha ó UCDVO agus ó Ollscoil Dheilí a thóg an lárionad agus cistí ó Chúnamh Éireann acu.*

| | 2013 | 2014 |
|---|---|---|
| Mic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (céim lánaimseartha amháin) *(1)* | 1,717 | 1,746 |
| Mic léinn a thuairiscíonn a bheith faoi Mhíbhuntáiste (lánaimseartha) *(2)* | 1,311 | 1,349 |
| Mic léinn a thuairiscíonn a bheith faoi Mhíbhuntáiste (páirtaimseartha) | 23 | 48 |
| Mic léinn aibí (lánaimseartha) *(3)* | 997 | 967 |
| Mic léinn aibí (páirtaimseartha) | 777 | 814 |
| Foghlaim pháirtaimseartha agus sholúbtha *(4)* | 827 | 1,006 |
| **Gach Mac Léinn i Rannpháirtíocht Leathnaithe UCD** | **4,375** | **4,437** |
| **IOMLÁN mac léinn fochéime UCD** | **16,301** | **16,310** |
| **% de Mhic Léinn Rannpháirtíochta Leathnaithe** | **26.8%** | **27.2%** |
| **Iontrálaithe Nua do Chéimeanna Fochéime - bealaí iontrála forlíontacha** | **2013** | **2014** |
| HEAR | 255 | 234 |
| DARE | 196 | 153 |
| FETAC | 69 | 72 |
| Aibí | 248 | 233 |

***Tábla 1: Rannpháirtíocht Leathnaithe - Cláir Fochéime (Teastais, Dioplómaí agus Céimeanna)***
*Tabhair ar aird; féadfaidh mic léinn a bheith luaite i níos mó ná catagóir amháin.*

*(1) Mic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíocha D, F & G*

*(2) Mic léinn a thuairiscíonn a bheith faoi mhíchumas trí chlárú do thacaíochtaí le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil, iontráil trí DARE, nó a léiríonn a bheith faoi mhíchumas ar an Suirbhé Comhrochtana*

*(3) Mic léinn in aois a 23 bliana agus níos mó ar bhliain a n-iontrála chuig UCD, gan aon chéim fhochéime acu roimhe*

*(4) Páirtaimseartha, lena n-áirítear Foghlaim Oscailte*

ón bhFóram Foghlama Náisiúnta don seimineár *Challenging Assumptions*, a tionóladh in UCD i mBealtaine 2015. Sheachaid an seimineár seo straitéisí agus tuiscint ar thacú le mic léinn faoi ghannionadaíocht don dámh, don fhoireann agus do mhic léinn iarchéime. D'éirigh leis an Ollscoil arís maoiniú HEA Springboard+ a fháil, agus clárú á dhéanamh i mbliana do chúrsaí iarchéime sa nuálaíocht agus in eolaíocht ríomhaireachta. Lean UCD ag cur lena láithreacht rochtana idirnáisiúnta agus náisiúnta le cuireadh chun Comhdháil Iubhaile Cúig Bliana Fichead den Líonra Rochtana Eorpach 2016 a óstáil. Tríd an gCoiste Rannpháirtíochta Leathnaithe bhí feabhsúcháin sa mhodheolaíocht agus sna sainmhínithe chun dul chun cinn agus rátaí rannpháirtíochta mac léinn Rannpháirtíochta Leathnaithe i UCD a thomhas. Ceadóidh sé seo do UCD an dul chun cinn a thomhas go hiomlán in aghaidh spriocanna náisiúnta. Léiríonn na sonraí a chuirtear i láthair sa Tuarascáil seo an mhodheolaíocht agus na sainmhínithe nua (féach Tábla 1).




*Seó Faisin UCD.*

Go bunúsach, cuireann Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD tacaíochtaí speisialaithe ar fáil do mhic léinn chun rochtain, rathúlacht agus dul chun cinn tríd a gcúrsaí a éascú. Cumasaíodh spreagadh feasachta agus soláthar oiliúna don fhoireann ag leathnú ceardlanna ar fheasacht míchumais, inrochtaineacht campais agus dearadh uilíoch don fhoireann ar fud na hOllscoile. Tairgeann comhghleacaithe ar fud Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil tacaíocht speisialaithe do mhic léinn ag an réamhiontráil agus aistriú, chun na scileanna agus na tacaíochtaí staidéir cineálacha atá ar fáil ar fud na réimsí clár a chomhlánú. Lean Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil ag forbairt scéime scoláireachta le tacaíocht ó Fhondúireacht UCD. Is príomh-mheicníochtaí iad scoláireachtaí chun mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a mhealladh go UCD, agus chun a rannpháirtíocht rathúil a chinntiú i rith a gclár céime. Bronnadh tríocha is a cúig Scoláireacht Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil i Samhain 2014.

## Seirbhísí Leabharlainne, Faisnéise agus Bainistíocht Eolais a Sheachadadh

### Leabharlann UCD

Ba bhliain de chlár táirgiúil oibre é 2015 do Leabharlann UCD, le tabhairt chun críche clár oibre Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2010-2014, an próiseas athbhreithniú cáilíochta (QA/QI), agus tús á chur leis an obair ar an gcéad timthriall eile de phleanáil straitéiseach, agus seirbhísí nua agus feabhsaithe á gcur i láthair ár n-úsáideoirí i gcónaí.

Tharla an próiseas athbhreithniú cáilíochta (QA/QI) ar chomhthráth leis an mbliain dheiridh den phlean straitéiseach 2010-2014, a chumasaigh measúnú comhuaineach ar cháilíocht seirbhíse na Leabharlainne ina iomlán agus a rathúlacht i mbaint amach cuspóirí a plean straitéisigh. Maidir leis an bplean sin tugadh 97% de na gníomhartha a sonraíodh sa phlean straitéiseach chun críche (67%) nó bhíodar ar siúl (30%) faoi dheireadh 2014. Rinneadh obair mhór leis an Tuarascáil Féinmheasúnaithe ar cháilíocht a chur ar fáil.

Mhol an Tuarascáil ar Athbheithniú Cáilíochta go gcuirfí feabhas ar áiseanna na Leabharlainne, go háirithe laistigh de Leabharlann James Joyce, agus d'éiligh mór-athchóiriú ar an áis, mar aon le athchóirithe sonracha, ardtionchair sa ghearrthéarma. Agus fonn orthu go mbeadh na feabhsúcháin seo réidh roimh thús an tseimeastair nua, rinneadh an obair i rith míonna an tsamhraidh, lena n-áirítear cruthú spáis d'Ionad Scríbhneoireachta UCD, mar aon le sainát stórála do Bhailiúcháin Speisialta. Mhol an Tuarascáil freisin go gcuirfí tús le clár forbartha bailiúchán Leabharlanna bríomhar (ar cuireadh tús leis i rith míonna an tsamhraidh). Déanfaidh sé seo cuíchóiriú ar bhailiúcháin go ginearálta agus athlonnóidh sé ábhair uathúla go dtí Bailiúcháin Speisialta, anuas ar earraí nach n-úsáidtear rómhinic a aithint le haghaidh stórála agus fáil réidh le hábhair theagaisc lochtacha.

Tá an Leabharlann tar éis cur leis na suíocháin i gceantar an 'Mhoil' i Leabharlann James Joyce, agus 23% suíochán breise a chur ar fáil sa Leabharlann Tréidliachta.

Leathnaíodh an líon roghanna féinseirbhíse atá ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear rolladh amach iasachtaí ríomhaire glúine féinseiceála amach ag Leabharlann James Joyce, tabhairt isteach cur in áirithe ar líne do sheomraí staidéir aonair agus don Ionad Taighde Iarchéime, agus infheictheacht uirlisí féinseirbhíse ar líne a fheabhsú trí leathanach gréasáin Leabharlainne comdhlúthaithe ar fáil via Nasc UCD.

Seachadadh seirbhís idirchaidrimh acadúil iomlán i rith na bliana, mar aon le clár Leabharlainne tacaíochta cuimsitheach do theagasc, foghlaim agus taighde. Cuireadh tuilleadh le próisis ghnó agus forbairt foirne Leabharlainne i rith na bliana: tríd an gCóras Bainistithe Leabharlainne a aistriú go dtí ardán nua; córas nua comhoibrithe idir aonad do Chúntóirí Leabharlainne a fheidhmiú chun taithí oibre feabhsaithe a chur ar fáil don fhoireann agus gastacht agus éifeachtacht oibríochta á méadú; agus Lá Foirne Leabharlainne a óstáil do líonrú agus d'fhorbairt.

Cuireadh seirbhísí ar líne poiblí nua ar fáil freisin. Rinneadh uasghrádú ar an ardán *Libguides* agus méadaíodh agus rinneadh éagsúlú ar an raon ábhar tacaíochta. Chun mic léinn nua a ionduchtú in úsáid éifeachtach seirbhísí Leabharlainne cuireadh turas fíorúil idirghníomhach le clár ionduchtaithe na Leabharlainne.

Bronnadh an Séala Formheasa Sonraí ar Leabharlann Dhigiteach UCD, arbh í an chéad Taisclann Dhigiteach Iontofa in Éirinn í. Shroich ár seirbhísí digiteacha garspriocanna nua suntasacha agus aon mhilliún íoslódáil de pháipéir údaraithe UCD bainte amach ag Taisclann Taighde Rochtana Oscailte. Cuireadh bailiúcháin dhigiteacha nua suntasach léi, lena n-áirítear ábhar ó Chartlann Ailtireachta na hÉireann, agus Cartlann Deoise Bhaile Átha Cliath.




*Foireann Leabharlann UCD (clé-deas) ag seoladh oifigiúil pháipéir dhigitithe Gleeson, is é sin, tionscadal comhoibritheach idir Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Leabharlann Dhigiteach UCD: An Dr John Howard, Leabharlannaí UCD; Julia Barrett, Ceann Seirbhísí Taighde; Dani Montes, Cúntóir Leabharlainne, Seirbhísí Taighde; Audrey Drohan, Cúntóir Sinsearach Leabharlainne, Seirbhísí Taighde; Orna Roche, Cúntóir Leabharlainne, Seirbhísí Taighde.*

Lean forbairt oidhreacht chultúrtha na hOllscoile le tacaíocht Leabharlann UCD i mbliana, le ceannach acmhainne nua, taispeántais agus tionscadail. Bhronn alumnus UCD Joseph Hasset agus an Dr. Mark Rake foilseacháin uathúla bhreise le W.B. Yeats. Ghlac an bheirt deontóir páirt i siompóisiam comhurraithe ag an Leabharlann agus Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD. Ar na taispeántais i mbliana áiríodh: *Acts and Arms: the Road to Woodenbridge*, á choimeád ag an Dr Conor Mulvagh agus Colm O'Flaherty; agus *Thomas MacDonagh and the Irish Review*, á choimeád ag Catherine Wilsdon agus Giulia Bruna. Rinne Leabharlann UCD ceannródaíocht ar roinnt tionscadal nua lena n-áirítear insealbhú Bailiúchán Údar UCD. Is tionscnamh é seo chun cóipeanna d'fhoilseacháin shuntasacha monagraif a fháil ó údair UCD, a gcoinneofar i mBailiúcháin Speisialta na Leabharlainne. Ghlac an Leabharlann na chéad chéimeanna freisin chun Cartlann Léamh Filíochta na hÉireann a bhunú, a bhailigh léimh agus lámhscríbhinní ó 29 file Éireannach comhaimseartha i rith na bliana atá caite.

### Seirbhísí IT UCD

Choinnigh Seirbhísí IT UCD orthu ag cinntiú go raibh siad chun tosaigh maidir le soláthar forbairtí teicneolaíochta forchéimnitheacha don Ollscoil. I Meitheamh 2015,d'aistrigh UCD go dtí an timpeallacht nua néal-óstála gréasáin le Seirbhísí Gréasáin Amazon. Baineann an tseirbhís óstála nua seo leas as athléimneacht agus feidhmíocht mhéadaithe.

Chun cur tuilleadh le seirbhísí IT, d'aistrigh Nasc UCD go dtí stíl difriúil seirbhíse, a chuireann naisc ar fáil go dtí seirbhísí riachtanacha mar Ríomhphost, Clár Dubh, Leabharlann, etc. anuas ar láithreáin ghréasáin chomhpháirtithe. Bhí glacadh maith le Nasc lena stíl nua, móibíleach agus éasca le n-úsáid, cuma níos gile agus níos éadroime air.

Agus é mar fhreagra ar aiseolas agus ionchur úsáideora, foilsíodh láithreán gréasáin nua móibíl-bháúil Seirbhísí IT i Lúnasa. Tá sé d'aidhm ag an suíomh nua, atá rangaithe sna príomhréimsí seirbhíse tacaíochta, a bheith dírithe ar an gcustaiméir rud a thugann rochtain éasca don fhoireann, do mhic léinn agus do chuairteoirí ar eolas tacaíochta IT.

Feidhmíodh Córas Earcaithe Comhtháite nua chun cuidiú le daoine a oibríonn in earcú mac léinn idirnáisiúnta. Déanann an córas bainistiú ar fhiosrúcháin ó mhic léinn ionchasacha, rianú ar threoracha agus taifead ar idirchaidreamh. Téann sé i bpáirt go réidh le Córas Iarratais UCD chun dearcadh ó thús go deireadh a sholáthar ar thiontú fiosrúchán ar aghaidh go dtí mic léinn chláraithe ar ár gcláir.

I Meitheamh 2015, sheachaid Seirbhísí IT agus Clárlann UCD sraith feabhsúchán chuig *UniShare*, ar uirlis CRM de chuid UCD é, chun bainistiú a dhéanamh ar idirghníomhaíocht le mic léinn, mic léinn ionchasacha agus leis an bhfoireann. Seoladh í in 2012/13, agus tá a húsáid ag méadú go rialta de réir mar a thagann réimsí gnó breise ar bord. Cumasaíonn an tsraith is deireanaí feabhsúchán seo úsáideoirí *UniShare* fiosrú mic léinn a chur ar aghaidh go dtí foireann nó duine aonair. Forálann na hathruithe do phróiseas níos éifeachtaí agus níos sruthlíní agus fiosruithe ó mhic léinn á láimhseáil agus tá úsáideoirí *UniShare* tar éis fáiltiú rompu.

Go luath i Lúnasa 2015, d'uasghrádaigh IT Taighde an logáil isteach, an stóráil agus na nóid infreastruchtúir ar ár mbraisle Ríomhaireachta Ard-Fheidhmíocht Sonic inmheánach. Reáchtáiltear an tseirbhís seo anois ar threalamh níos gasta le cumais fheabhsaithe cúltaca agus athslánaithe ó thubaiste.

## Sármhaitheas á Sheachadadh san Eispéireas Mac Léinn

Bhí folláine ár bpobal mac léinn chun tosaigh i gcónaí ar thosaíochtaí UCD. In 2014/15 tugadh isteach Polasaí Folláine agus Meabhairshláinte Mac Léinn nua a dhéanann iarracht meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid d'Eispéireas Mac Léinn UCD. Agus tacaíocht aige ó Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, forbraíodh an polasaí le mearbhairshláinte agus folláine ár mac léinn a chosaint, a mbíonn brúnna iomaíocha rompu go minic, ó imní airgeadais go déileáil le hualaí oibre troma.

I gcomhar leis seo, bhunaigh UCD Grúpa Ollscoile um Spreagadh Sláinte, mar chuid den Tionscnamh Éire Sláintiúil, ar chreat náisiúnta é chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú. Tá sé d'aidhm againn timpeallacht a chothú ar champas a chuirfidh le folláine ár mac léinn, na dáimhe, na fhoirne agus an phobail áitiúil sna blianta atá romhainn. Rinneadh ullmhúcháin do pholasaí nua Campas Saor ó Thobac a gcuirfear tús leis i Meán Fómhair 2015 le cosc ar chaitheamh tobac laistigh de 10 méadar ó iontrálacha na bhfoirgneamh.

Lean UCD leis na hiarrachtaí chun tacú agus cur le seirbhísí mac léinn comhtháite chun leasa ár mac léinn. Bhí roinnt forbairtí nua in 2015, mar shampla i réimse anailísíochta mac léinn, le fócas méadaithe ar fheidhmíocht, choinneáil agus rannpháirtíocht mac léinn. I mbliana, leathnaíomar ár raon eolais do mhic léinn, fístéipeanna agus treoracha ar líne á dtairiscint agus leidí ar ullmhú do scrúdú agus ar chlárú.

Féadfaidh an t-aistriú go dtí an coláiste a bheith dúshlánach do mhic léinn nua agus chun aistriú réidh a chinntiú táimid tar éis roinnt feabhsúchán a thabhairt isteach in ár bpróisis ag tús na bliana, ó thaobh íocaíochtaí táille agus prótacal ríomhphoist. Bhí forbairt straitéise ábhair chun dul i ngleic lenár lucht féachana mac léinn trí na meáin shóisialta ina mhórfhócas don bhliain, agus úsáid bhreise teicneolaíochtaí nua agus ardán na meán sóisialta chun plé a dhéanamh le mic léinn.

Ag teacht le tiomantas UCD a áiseanna a fhorbairt agus a fheabhsú mar chuid de phlean forbartha campais foriomlán, rinneadh athdheoradh iomlán ar láthair Dheasc na Mac Léinn in Áras Uí Thiarnaigh i rith an tsamhraidh le spás geal, nua-aimseartha agus fáilteach a chruthú do mhic léinn agus don fhoireann. Rinneadh leasú freisin ar an




*Faigheann Ryan Swan, UCD, an chéad chúl dá fhoireann in aghaidh chúl báire Slovan Bratislava, Jan Mucha, le linn an Dara Babhta Cáiliúcháin de chuid Shraith UEFA Europa a bhí ar siúl in UCD Bowl.*



*Thaistil Ceolfhoireann Shiansach UCD, príomhghrúpa ceoil uirlise UCD a bhfuil níos mó ná 80 ball ann, faoi stiúradh an Dr Ciarán Crilly, Scoil Cheoil UCD, chun taibhiú in Ollscoil Uppsala, sa tSualainn, i mí an Mhárta.*

gcur chuige agus ar an tseirbhís a chuirfear ar fáil do mhic léinn chun teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Chomh maith leis seo i Meán Fómhair 2014, osclaíodh na doirse in Ionad Fáilte a ndearnadh athchóiriú air le deireanaí in Institiúid John Hume don Léann Éireannach Domhanda. Tairgeann sé seo turais an champais do mhic léinn ionchasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta ar feadh na bliana.

### Cumainn na Mac Léinn

Ba bhliain iontach í 2015 do Chumainn UCD, agus an líon ba mhó ballraíochta riamh, sa bhreis ar 48,000 mac léinn sna cumainn go léir. Thaifead trí chumann déag breis agus 1,000 ball, agus an líon ba mhó riamh de bhreis ar 6,000 ball ag an L&H.

Ar na haíonna ar cuireadh fáilte rompu go UCD i mbliana bhí: na hacadóirí Richard Swinburne agus Norman Finkelstein; Tomi Reichenthal, a tháinig slán ón Uileloscadh; an scríbhneoir scáileáin agus Buaiteoir Dhámhachtain an Academy, Dustin Lance Black; an t-údar Neil Gaiman; Gobharnóir an Bhainc Ceannais Patrick Honohan; an t-iar-Thánaiste Des O'Malley; agus na hiriseoirí David McWilliams, Dave Fanning agus Bill O'Herlihy nach maireann, gan ach cúpla duine a lua.

Bhí roinnt mhaith léirithe láidre náisiúnta agus idirnáisiúnta ag Cumann Díospóireachta UCD, agus áiríodh orthu rathúlacht aonair d'Eoin MacLachlan i gcomórtas díospóireachta an *Irish Times*. Bhain foirne na gCumann Dlí agus L&H na babhtaí leathcheannais de Chraobh Ollscoileanna na hEorpa, agus foireann an Chumainn Dlí sa chraobh féin nuair a buadh orthu ar bhreithniú 4-3.

Ba bhliain thar a bheith rathúil í dár gcumainn taibhithe. Ainmníodh Dramsoc UCD i naoi as 13 chatagóir ag Dámhachtainí Drámaíochta Mac Léinn na hÉireann. Bhaineadar seacht ngradam, lena n-áirítear an 'Stiúrthóir is Fearr' agus 'An Léiriú Foriomlán is Fearr'. Lean Dramsoc freisin lena léiriú Ard-Teistiméireachta, ar léiriú bliantúil anois é: i mbliana tháinig na céadta lucht fágála scoile go dtí an campas le linn saoire na Nollag chun *Othello* a fheiceáil. Bhain cumann Damhsa UCD péire de na ceithre theideal a bhí ar fáil ag Craobh Damhsa Ollscoileanna na hÉireann, agus dara agus tríú háit acu sa dá chatagóir eile. Bhain damhsa an teideal den Léiriú Measctha is Fearr freisin. D'éirigh le Cumann Ceoil UCD aitheantas a fháil ag Gradaim AIMS, an gradam don Bhainistíocht Stáitse Is Fearr dá léiriú *Bonnie and Clyde* á bhaint acu.

### Clubanna Mac Léinn

I réimse an spóirt, lean lúthchleasaithe UCD de bheith ina n-ábhar mórtais don Ollscoil agus tá an t-ádh linn roinnt mhaith lúthchleasaithe ardtallainne a bheith i mbun staidéir anseo. In Iúil, d'éirigh leis na lúthchleasaithe Mark English agus Karl Griffin an chraobh den 800m a bhaint amach ag Craobhchomórtas Lúthchleasaíochta na hEorpa Faoi Bhun 23 in Zurich. Chinntigh Mark a áit ag ha Cluichí Oilimpeacha i Rio 2016. Bhí Sarah Lavin san iomaíocht freisin ag an gCraobhchomórtas sa chliathrás 400m. Ag Cluichí Morton, bhain Ciara Mageean imeacht Míle Idirnáisiúnta na mBan McConnell agus bhain Karl Griffin an rás 800m.

Bhain Club Bádóireachta na mBan UCD an Chraobh Ochtair Shinsearach agus an Mheánchraobh Ochtair ag Craobhchomórtas Rámhaíochta na hÉireann. Rinne mic léinn UCD David O'Malley, Andrew Griffin agus Shane Mulvaney ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag Craobhchomórtas Rámhaíochta an Domhain Faoi Bhun 23, sa Bhulgáir i mí Iúil.

Tá Sacar UCD san iomaíocht i gcónaí don phromóisean uathúil go dtí an Phríomhroinn sa tSraith Náisiúnta. D'imir siad cluiche cairdiúil in aghaidh XI Learpholl i mí Iúil, agus d'imir siad in dhá bhabhta de Shraith Europa: sa chéad bhabhta bhuail an fhoireann F91 Dudelange Lucsamburg, ach fuair SK Slovan Bratislava an bua orthu sa dara babhta.

Ainmníodh deich n-imreoir de chuid UCD ar thaobh na hÉireann Faoi 20 don Chorn Domhanda Rugbaí san Iodáil. Is iad sin Ross Byrne, Joey Carbery, Billy Dardis, Jack Dwan, Jeremy Loughman, Nick McCarthy (captaen), Sean McNulty, Josh Murphy, Andrew Porter agus Garry Ringrose. Bhí imreoirí UCD Harry McNulty agus Adam Byrne ina mbaill d'fhoireann Seachtar an Taobh na hÉireann a tháinig sa tríú háit ag an Athsheans Eorpach i Liospóin. Níl ach céim amháin eile anois idir an fhoireann agus cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha.

Bhain Alex Gleeson an imeacht idirollscoile mór le rá Galf idirnáisiúnta Boyd Quaich ag St. Andrews, in Albain i mí Iúil. Tháinig a chomhghleacaí o chlub UCD, Jonathan Yates, sa dara háit. Tar éis bliain a bhí thar a bheith rathúil ainmníodh Alex ar fhoireann na hÉireann do na comórtais idirnáisiúnta baile.

Roghnaíodh ceithre mhac léinn déag de chuid UCD chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ag na Comórtais Ollscoile Domhanda i Gwangju, sa Chóiré Theas, i mí Iúil. Roghnaíodh Chloe Mustaki, Catherine Cronin, Ciara Grant, Dora Gorman, Julie-Ann Russell, Orlagh Nolan, Siobhan Killeen agus Niamh Walsh d'fhoireann peile na mban agus roghnaíodh Alan McGreal ar scuad peile na bhfear. Roghnaíodh an lúthchleasaí Ciara Everard don rás 800m agus,ag cur lena thréimhse rathúil, roghnaíodh Alex Gleeson d'fhoireann ghailf na bhfear. Ar ionadaithe eile UCD bhí na snámhaithe Alex Murphy, Shani Stallard agus Shauna O'Brien.

Rinne Alex Murphy, UCD, ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag na Craobhchomórtais Snámha Domhanda sa rás snámh brollaigh 50m sa Rúis i mí Iúil. Bhain Darragh McDonald bonn cré-umha sa rás saorstíle400m ag Comórtais Dhomhanda Snámha IPC i nGlaschú.

# Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar






*Sa phictiúr (clé-deas) ag seoladh* Delivering Impact - The Economic, Social and Cultural Impact of University College Dublin: *Andrew Byrne, mac léinn bliana deiridh Tráchtála de chuid UCD agus reachtaire Chumann Mac Léinn an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Oibrithe Deonacha Thar Lear; an Taoiseach Enda Kenny TD; agus an tOllamh Madeleine Lowery, innealtóir bithleighis, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD.*



**An tOllamh Orla Feely**
**Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar**

## Réamhrá ón Leas-Uachtarán do Thaighde, do Nuálaíocht agus do Thionchar

Is mór an pléisiúr dom an t-athbhreithniú seo ar thaighde, nualaíocht agus tionchar i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath le bliain anuas, a chur i láthair.

Is tréith shainitheach de chuid UCD an sármhaitheas i dtaighde agus i nuálaíocht, agus tá sé lárnach do Straitéis 2015-2020 UCD. Eascraíonn an sármhaitheas seo ó raon agus ó dhoimhneacht ár ndisciplíní, saineolas agus tiomantas ár bpobail, agus treise ár gcomhpháirtíochtaí. Ceadaíonn sé dúinn tionchar a imirt ar eacnamaíocht dhinimiciúil, sochaí feasach agus cultúr bríomhar.

Bhain roinnt dár dtaighdeoirí aitheantas tábhachtach amach le bliain anuas dá sármhaitheas i dtaighde agus sa nuálaíocht: ainmníodh páipéar leis an Ollamh Des Higgins mar cheann de na 10 foilseachán is mó a luadh riamh, in alt *Nature* 2014; ainmníodh an tOllamh Barry Smyth mar Thaighdeoir na Bliana 2014 ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI); agus bhain an tOllamh Cormac Taylor gradam *Nature* dá mheantóireacht ar thaighdeoirí luathghairme.

Tá réimse an taighde agus na nuálaíochta thar a bheith idirnasctha, naisc inmheánacha agus seachtracha araon. Faoi Straitéis 2015-2020 UCD, leanfaimid orainn ag reáchtáil taighde idirdhisciplíne i réimsí tábhachtacha riachtanais náisiúnta agus domhanda, á stiúradh trí roinnt clár cothrománach agus ionad taighde.

I mbliana d'éirigh le mórionaid treoraithe ag UCD mar iCRAG, sna geo-eolaíochta feidhmeacha, agus ARCH, sa tsláinte nasctha. Tá ár dtaighdeoirí ag obair le chéile freisin chun clár imeachtaí éagsúil agus uaillmhianach a sheachadadh thart ar Dheich mBliana na gComórthaí Céad Bliana.

Tá cáil den scoth ar UCD maidir le ceannaireacht sa nuálaíocht agus sa bhfiontraíocht. Tá péire de na ceithre Dhámhachtain Aistrithe Eolais 2015 náisiúnta bainte ag an Ollscoil, aitheantas á thabhairt dár ngnóthachtálacha i dteicneolaíochtaí ceadúnaithe agus i dtacú le mac-chuideachtaí rathúla. I mbliana arís chonacthas gur éirigh le roinnt cuideachtaí NovaUCD, agus gur neartaíodh tuilleadh láithreacht an tionscail ag NexusUCD. Tá 50 cuideachta anois ann a roghnaigh a bheith lonnaithe ar ár gcampas chun idirghníomhú lenár ngníomhaíocht taighde.


Leanann aimsiú domhanda UCD sa nuálaíocht agus sa bhfiontraíocht ag fás, le seachadadh idirnáisiúnta clár agus cuairteanna ó dhaoine ceannródaíocha idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coimisinéirí an Aontais Eorpaigh, Carlos Moedas agus Phil Hogan.

Mar ar cuireadh síos air i Straitéis 2015-2020 UCD, tá sé tábhachtach tionchar leathan taighde, scoláireachta agus nuálaíochta a ghabháil agus a chur in iúl, agus chun bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairt a chuirfidh an tionchar seo i bhfriotal go náisiúnta. I rith na bliana mar sin, rinneamar chéad mheasúnú mionsonraithe ar luach agus ar thionchar

gníomhaíochtaí UCD ar an ngeilleagar Éireannach. Bhí áthas orm gur sheol An Taoiseach Enda Kenny TD an tuarascáil a bhí ag dul leis dar teideal *Delivering Impact: The Economic, Social and Cultural Impact of University College Dublin*. Cuireann sé seo béim ar phríomhról UCD mar mhór-aisteoir eacnamaíoch agus mar fhostóir i mBaile Átha Cliath agus in Éirinn.

Léiríonn na príomhthorthaí a bhfuil cur síos orthu sa Tuarascáil seo gurb ionann an t-aschur eacnamaíoch iomlán a ghineann UCD agus a mic léinn in Éirinn agus €1.3 billiún in aghaidh na bliana, agus is é 8,914 líon iomlán na bpost a ghintear. Cuirtear leis na torthaí eacnamaíocha seo le sraith cás-staidéar a léiríonn tionchar cultúrtha agus sóisialta níos leithne na hoibre a dtugaimid faoi ag UCD.

Is féidir é seo ar fad a dhéanamh mar gheall ar shármhaitheas agus ar thiomantas dáimhe, foirne agus mac léinn taighde UCD, agus is mian liom mo bhuíochas leanúnach a ghabháil as a gcuid oibre.



An tOllamh Orla Feely
Leas-Uachtarán don Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

**Foilseacháin Taighde:** tá mionsonraí gach foilseachán taighde do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag: **www.ucd.ie/research/publications**

## Maoiniú Taighde

B'ionann agus €107.1 milliún conarthaí taighde maoinithe go seachtrach a cláraíodh i rith na bliana (Féach Tábla 1). B'fheidhmíocht láidir é seo arís. Léiríonn Tábla 2 na deontais taighde is mó a dámhadh i mbliana.

Ar na buaicphointí áirítear rathúlacht UCD i nglaoch maoinithe Ionad Taighde SFI, a raibh de thoradh air go raibh UCD ag treorú Ionaid iCRAG agus é i bpáirt le trí Ionad eile: ADAPT, CONNECT agus LERO.

Is tosaíocht ar leith í maoiniú Eorpach do UCD agus bhí freagairt rathúil ag an Ollscoil do Chlár Horizon 2020. Tá an céatadán de mhaoiniú taighde UCD a thagann ón Eoraip tar éis méadú ó níos lú ná 5% in 2003/04 go dtí beagnach 20% in2014/15, agus tá struchtúir nua ann chun tacú le taighdeoirí UCD a spriocanna uaillmhianacha do Horizon 2020 a bhaint amach.

I rith 2014/15, bronnadh trí dhámhachtain mór le rá ar UCD ó Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC): dhá dheontas comhdhlúthaithe agus ceann amháin tosaithe, lena n-áirítear ár gcéad cheann sa dlí. Ina theannta, bronnadh deontas cruthú coincheapa ERC freisin. Tugann sé seo líon iomlán dámhachtainí ERC do UCD go 19.

Lean UCD freisin lena traidisiún rathúlachta sna scéimeanna Eorpacha Marie Skłodowska-Curie, dhá Líonraí Oiliúna Nuálaíocha á dtreorú (ITNanna) agus mar chomhpháirtithe i naoi ndámhachtain eile.

Mar chuid dár rannpháirtíocht leanúnach leis an AE, thug Carlos Moedas, Coimisinéir an Aontais Eorpaigh do Thaighde, Eolaíocht agus Nuálaíocht, agus Phil Hogan, an Coimisinéir Eorpach do Thalmhaíocht agus d'Fhorbairt

| | 2005/06 | 2006/07 | 2007/08 | 2008/09 | 2009/10 | 2010/11 | 2011/12 | 2012/13 | 2013/14 | 2014/15 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Luach iomlán conarthaí a síníodh lena n-áirítear ranníocaíochtaí d'fhorchostais (€ milliún) | € 83.1M | € 95.4M | € 115.9M | € 116.8M | € 49.5M | € 103.3M | € 75.7M | € 113.3M | € 114.1M | € 107.1M |
| Iomlán na ranníocaíochtaí d'fhorchostais (€ milliún) | € 11.8M | € 14.8M | € 17.3M | € 21.0M | € 6.7M | € 17.0M | € 9.5M | € 17.4M | € 16.5M | € 17.2M |
| Líon iomlán na gconarthaí a dámhadh | 558 | 452 | 445 | 537 | 449 | 510 | 532 | 614 | 653 | 629 |
| Líon na dtograí a cuireadh isteach | 1,245 | 1,234 | 1,090 | 1,150 | 1,069 | 1,123 | 1,263 | 1,167 | 1,240 | 1,605 |

**Conarthaí - 2014/15**

| Foinse Maoinithe | Líon na gConarthaí | Luach (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | 51 | € 42.5M |
| An Coimisiún Eorpach (EC) | 40 | € 21.1M |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | 145 | € 6.9M |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) | 116 | € 5.5M |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara | 22 | € 6.5M |
| Eile | 255 | € 24.6M |
| Iomlán | 629 | € 107.1M |

***Tábla 1: Dámhachtainí Taighde***

| Ceannaire | Foinse Maoinithe | Clár | Teideal | €Milliún |
|---|---|---|---|---|
| An tOllamh John Walsh | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ionaid Taighde | Ionad Éireannach um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG) | €15.4M |
| An tOllamh John Murphy | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ionaid Taighde | LERO- Ionad Taighde Bogearraí na hÉireann | €4.4M |
| An tOllamh Martin Steinhoff | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora | Cumarsáid Néarimdhíonachta i nGalair Chnis: Cíticiné agus Ceimicíné | €3.0M |
| An tOllamh Dolores O'Riordan | Fiontraíocht Éireann | Ionad Teicneolaíochta | Ionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta | €2.9M |
| An tOllamh Walter Kolch | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora | Sárú Frithsheasmhachta in Aghaidh Drugaí i Meileanóma Urchóideach Meiteastáiteach trí Chóireáil a Phearsantú | €2.9M |
| An tOllamh Alistair Nichol | An Bord Taighde Sláinte | Líonra Trialacha Cliniciúla | Torthaí a Fheabhsú tar éis Tinnis Chriticiúil | €2.3M |
| An Dr Anding Zhu | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ionaid Taighde | CONNECT: An tIonad do Líonraí & Cumarsáid Todhchaí | €2.1M |
| An tOllamh Madeleine Lowery | An Coimisiún Eorpach | Deontas Comhdhlúthaithe ES - ERC | Samhlú Ilscála den Chóras Néaramhatánach do Spreagadh Inchinne Domhain Lúbiata (Samhail DBS) | €2.0M |
| An tOllamh Lorraine Brennan | An Coimisiún Eorpach | Deontas Comhdhlúthaithe ES - ERC | Bithchomharthaí sóirt bunaithe ar Mhetabolomaic d'iontógáil chothaithe-uirlisí nua do thaighde cothaithe (A-DIET) | €2.0M |
| Peter Kelly | An Bord Taighde Sláinte | Líonra Trialacha Cliniciúla | Líonra Trialacha Cliniciúla Stróc na hÉireann | €1.8M |
| An tOllamh Fiona Doohan | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora | Spriocanna póraithe galardhíonacha a aithint chun cur le hinbhuanaitheacht táirgeadh gránach agus sláine an tsoláthair bhia | €1.8M |
| An tOllamh Mark O'Malley | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Braisle Taighde Straitéiseach | Córais Fuinnimh Leictreacha Inbhuanaithe SRC | €1.7M |
| An Dr Suzanne Kingston | An Coimisiún Eorpach | Deontas Tosaithe ES - ERC | Tionchar Rialacha Rialachais Chomhshaoil Nua ar Chomhlíonadh Comhshaoil (LEGALARCHITECTURES) | €1.5M |
| An tOllamh David Brayden | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ionaid Taighde | Fearais liachta do bhéalsheachadadh drugaí: croíthionscadal CURAM SFI | €1.4M |
| An Dr Alexey Lastovetsky | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora | Dúshláin Todhchaí Ríomhaireachta Comhthreomhair Ollscála agus Ilchineálach a Chomhlíonadh | €1.4M |
| An Dr Arturo Gonzalez | An Coimisiún Eorpach | Líonra Oiliúna Nuálaíoch ES - Marie Skłodowska-Curie ES | Oiliúint i Neamhchinnteacht i Sábháilteacht Struchtúrach a Laghdú (TRUSS) | €1.3M |
| An tOllamh Michael D Gilchrist | An Coimisiún Eorpach | Líonra Oiliúna Nuálaíoch ES - Marie Skłodowska-Curie ES | Cosaint cloigne: líonra oiliúna Eorpach d'Ard-dhearaidh i Sábháilteacht (HEADS) | €1.3M |
| An tOllamh John O'Doherty | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár Imscrúdaitheora - Dámhachtain | Tionscnamh Snáithe Macra-algach: 'móilíní nádúrtha go nádúrtha' | €1.3M |
| An tOllamh Mark O'Malley | An Coimisiún Eorpach | SC - Fuinneamh éifeachtach, glan agus slán | Luach a Bhaint Amach ó Mhargaí Leictreachais le Teicneolaíocht Stórála Teirmeach Leictreachais Chliste Áitiúil (REALVALUE) | €1.2M |
| An tOllamh John Walsh | PIPCO RSG Ltd. | Tionscadal Taighde | Tionscal PIPCO iCRAG | €1.0M |
| An tOllamh Brian Caulfield | HORIZON 2020 | Líonra Oiliúna Nuálaíoch ES - Marie Skłodowska-Curie | Córas Tacaíochta Taighdeora Luathchéime Sláinte Nasctha (CHESS) | €1.0M |

*Tábla 2: Na deontais is mó a dámhadh do UCD 2014/15*

| Clár | Líon na nIarratas | Luach na nIarratas (€) | Líon Dámhachtainí | Luach Dámhachtainí (€) |
|---|---|---|---|---|
| Dámhachtain Forbairt Ghairme | 49 | €569,898 | 13 | €126,609 |
| Scaipeadh agus Aschuir | 201 | €346,897 | 68 | €77,560 |
| Scannadh Léaslíne | 80 | €984,668 | 21 | €220,081 |
| Ollúna ar Cuairt Isteach agus Amach | 14 | €170,346 | 9 | €75,415 |
| Comhiomlán | 344 | € 2,071,809 | 111 | € 499,665 |
| **Coláiste** | **Líon na nIarratas** | **Luach na nIarratas (€)** | **Líon Dámhachtainí** | **Luach Dámhachtainí (€)** |
| Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD | 35 | €139,761 | 12 | €44,835 |
| Coláiste na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD | 34 | €173,769 | 13 | €50,782 |
| Coláiste an Ghnó agus an Dlí UCD | 16 | €132,958 | 8 | €50,360 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD | 39 | €226,454 | 9 | €21,418 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD | 53 | €461,028 | 18 | €118,203 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD | 58 | €333,251 | 20 | €70,427 |
| Coláiste na hEolaíochta UCD | 104 | €540,618 | 30 | €135,292 |
| Institiúidí Taighde agus eintitis eile | 5 | €63,970 | 1 | €8,348 |
| Comhiomlán | 344 | €2,071,809 | 111 | €499,665 |

*Tábla 3: Scéim Síolchiste UCD 2014/15*

Tuaithe, cuairt ar UCD i rith na bliana. Le linn a gcuairte chuir taighdeoirí sinsearacha UCD pleananna straitéiseacha na hOllscoile i láthair do thaighde agus do nuálaíocht as seo go ceann roinnt bliana, ag díriú ar agraibhia agus ar ICT, agus ag cur síos ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag UCD tionscnaimh thábhachtacha AE sna réimsí seo a threorú.

Fuair sé thionscadal taighde breis agus €10 milliún i maoiniú tríd an gClár Imscrúdaitheora SFI, a thacaíonn le taighde eolaíoch den scoth leis an bpoitéinseal tionchar a imirt ar fhorbairt eacnamaíoch agus sochaíoch na hÉireann.

Agus é ag tógáil ar rathúlachtaí roimhe seo, bhronn Fiontraíocht Éireann beagnach €3 mhilliún ar UCD dá cuid oibre san Ionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta, ionad taighde comhoibríoch acadúil-tionscal nua le clár taighde tiomáinte ag na deiseanna fáis fadtéarmacha don earnáil déiríochta cruthaithe ag deireadh na gcuótaí bainne in 2015.

## Scéim Síolchiste UCD

Is meicníocht inmheánach thábhachtach í Scéim Síolchiste UCD d'fhorbairt taighde i UCD. Íocadh amach thart ar €0.5 milliún tríd an scéim seo le bliain anuas, a chlúdaigh beagnach25% de luach na n-iarratas a fuarthas. Deonaíodh 111 dámhachtain aonair thar cheithre chlár difriúla (as 344 iarratas).

Anuas ar seo chuir tionscnamh síolchiste speisialta i mbliana maoiniú de €101,280 ar fáil do 21 tionscadal bainteach le Deich mBliana na gComórthaí Céad Bliana. Léirítear sonraí iomlána luach, líon na n-iarratas agus na ndámhachtainí de réir an Choláiste i dTábla 3 thíos.

## Méadracht Foilseacháin

In 2014, liostaíodh 1,966 alt in irisí piarmheasúnaithe in Elsevier Scopus do UCD (Tábla 4). Cé nach léiríonn an clúdach sna sonraí seo iomlán foilseachán UCD don bhliain, is méadracht thábhachtach í seo. In iomlán, tá UCD tar éis an líon is mó foilseachán acadúla sa tír a chur ar fáil ó 2008.

Cuireann tionchar lua réimse-ualaithe líon iarmhír na luanna a fhaigheann alt i gcomparáid leis an líon luanna ionchais a mbítear ag súil leis d'ailt den chineál doiciméid céanna (alt, athbhreithniú nó páipéar a thagann ó chomhdháil), bliain an fhoilseacháin, agus an réimse ábhair. Léiríonn tionchar lua réimse-ualaithe de 1.00 gur luadh foilseacháin na hinstitiúide díreach mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar an meándomhanda d'fhoilseacháin den chineál céanna. Agus úsáid á baint as an tomhas seo déantar foilseacháin UCD a lua 63% níos mó ná an meán domhanda, rud a chuireann UCD ar leibhéal comhchosúil le cuid mhór príomh-ollscoileanna diantaighde idirnáisiúnta.

Le cúig bliana anuas bhí 20% d'fhoilseacháin UCD ar an gcéad 10% de na cinn is mó lua ar fud an domhain, agus foilsíodh 26% d'ailt UCD sa 10% is airde de na príomhirisí (de réir tionchair). Ina theannta scríobhadh breis agus leath de na foilseacháin i gcomhar le hinstitiúidí i dtíortha eile, rud a chuir béim ar sheasamh UCD mar ollscoil dhomhanda.

| Bliain Foilseacháin | Líon na n-alt irise piarmheasúnaithe i SciVall | Bliain Foilseacháin (5 bliana) | Tionchar Lua Réimse-Ualaithe |
|---|---|---|---|
| 2010 | 1,873 | 2006 - 2010 | 1.59 |
| 2011 | 2,028 | 2007 - 2011 | 1.64 |
| 2012 | 1,899 | 2008 - 2012 | 1.64 |
| 2013 | 2,020 | 2009 - 2013 | 1.61 |
| 2014 | 1,966 | 2010 - 2014 | 1.63 |

***Tábla 4: Méadracht Foilseacháin agus Tionchar Lua Réimse-Ualaithe***

Foinse: Elsevier Scopus/SciVal, a fuarthas 24 Iúil 2015

| Rang | Institiúid | Tír | Foilseacháin | Luanna | Luanna in aghaidh an Fhoilseacháin | Tionchar Lua Réimse-Ualaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath** | **Éire** | **592** | **5,618** | **9.5** | **2.25** |
| 2 | Ollscoil Ghent | An Bheilg | 679 | 5,339 | 7.9 | 2.25 |
| 3 | Ollscoil Wisconsin | Na Stáit Aontaithe | 561 | 4,284 | 7.6 | 1.93 |
| 4 | Katholieke Universiteit Leuven | An Bheilg | 493 | 3,804 | 7.7 | 1.88 |
| 5 | CSIC | An Spáinn | 1,829 | 15,633 | 8.5 | 1.80 |

***Tábla 5: Tionchar Lua Eolaíocht an Chothaithe****

**d'institiúidí le breis agus 400 foilseachán, ó 2010 go 2014*

| Rang | Institiúid | Tír | Foilseacháin | Luanna | Luanna in aghaidh an Fhoilseacháin | Tionchar Lua Réimse-Ualaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Ollscoil New England NSW | An Astráil | 478 | 2,747 | 5.7 | 1.80 |
| 2 | Ollscoil agus Ionad Taighde Wageningen | An Ísiltír | 1,348 | 8,362 | 6.2 | 1.79 |
| 3 | **An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath** | **Éire** | **496** | **3,730** | **7.5** | **1.79** |
| 4 | Ollscoil Melbourne | An Astráil | 474 | 3,226 | 6.8 | 1.76 |
| 5 | Ollscoil Aarhus | An Danmhairg | 964 | 6,134 | 6.4 | 1.72 |

***Tábla 6: Tionchar Lua Eolaíochta Ainmhí agus Zó-eolaíocht****

**d'institiúidí le breis agus 400 foilseachán, ó 2010 go 2014*

Féadtar tionchar lua a rianú ag leibhéal disciplíní. Léiríonn Táblaí 5 agus 6 thíos cuid de na réimsí taighde ina léiríonn UCD scála agus ardtionchar i gcomparáid le piaraí idirnáisiúnta.

## Réimsí Tosaíochta Taighde Straitéiseacha UCD - Príomh-bhuaicphointí

I UCD, déanaimid iarracht taighde sármhaitheasa a sheachadadh i réimsí inar féidir leis an Ollscoil agus leis an tír treoir dhomhanda a thabhairt, ag obair go dlúth le raon comhpháirtithe straitéiseacha.

Chun é seo a dhéanamh tá sé réimse tosaíochta aitheanta againn:

1. Agraibhia
2. Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí
3. Fuinneamh
4. Comhshaol
5. ICT
6. Sláinte

### 1. Agraibhia

Leanann UCD ag obair leis an earnáil Agraibhia trí chomhpháirtíocht tionscail chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas domhanda a chinntiú. Tá bia nuálaíoch, slán á chruthú ag an ngaol seo a chuireann sláinte daonna chun cinn. Leanann an Ollscoil freisin ag obair le gníomhaíochtaí Stáit le *Feirm na Todhchaí* a shamhlú, ceann a chosnaíonn an comhshaol le linn dí táirgeadh bia a optamú.

Tá an earnáil talmhaíochta agus bia ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann, agus é ar an tionscal dúchasach is mó, fostaíocht á cur ar fáil do 170,000 duine agus ranníocaíocht €26 billiún á déanamh le geilleagar na hÉireann.

Tá UCD ag cuidiú leis an bpobal freisin galar i mbeostoc a throid agus leas ainmhithe a spreagadh trínár saineolas i leigheas tréidliachta.

#### Buaicphointí

I rith na bliana shínigh Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD dhá mhór-chomhaontaithe taighde i gcomhar. An chéad cheann le Richard Keenan & Co Teo agus le hAcadamh Eolaíochtaí Talmhaíochta na Síne, chun an tIonad Teicneolaíochta agus Eolaíocht Déiríochta na hÉireann-na Síne a bhunú.

Síníodh an dara ceann le hOllscoil California, Davis (UC Davis), chun naisc chultúrtha, nuálaíocha, taighde agus oideachais a fhorbairt tuilleadh idir an dá institiúid. Tar éis na sínithe seo thionóil Institiúid Bia agus Sláinte UCD Léacht Cuimhneacháin tionscnaimh John E. Kinsella le UC Davis, léacht bliantúil ó dhuine aonair a n-aithnítear a shármhaitheas i réimse an Bhia agus na Sláinte go domhanda. Is í an Dr. Catherine Woteki, Príomheolaí agus Fo-Rúnaí um Thaighde, Oideachas agus Eacnamaíocht i Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe a thug an léacht tionscnaimh.

Thionól UCD, Teagasc agus Cumann na hEolaíochta Talmhaíochta (ASA) an chomhdháil ar *Advances in Knowledge and Technologies for Agriculture* i Meitheamh 2015.

I rith na bliana lean Institiúid Bia agus Sláinte UCD lena rathúlacht i maoiniú taighde a fháil, teacht isteach bliantúil de bhreis agus €10 milliún aici. Áiríodh anseo dámhachtain Deontas Comhdhlúthaithe ERC don Ollamh Lorraine Brennan, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD; is í an tOllamh Brennan an dara faighteoir ERC san Institiúid.

Bhí rathúlacht shuntasach ar Scoil an Leighis Tréidliachta UCD freisin i maoiniú taighde a mealladh i rith na bliana: Fuair an tOllamh David Brayden, an comhthreoraí PI d'Ionad CURAM maoinithe ag SFI, mar aon leis an Ollamh Grace Mulcahy agus leis an Ollamh Torres Sweeney (leis an Ollamh John O'Doherty, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD) Dámhachtainí Imscrúdaitheora SFI.

### 2. An Cultúr, an Geilleagar agus an tSochaí

Tá cáil ar UCD mar gheall ar a chuid oibre sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. Tá cuid mhór de phríomhscoláirí UCD tar éis Éire an lae inniu agus ár n-áit ar domhan a mhúnlú, chuir siad le beartas poiblí a chruthú agus a phlé de bharr a gcuid taighde agus scoláireachta agus tá ciall bainte acu as ár stair agus ár gcultúr.

#### Buaicphointí

Tá ról tábhachtach ar leith ag an Ollscoil in imeachtaí thart ar Dheich mBliana na gComórthaí Céad Bliana (1912-1923). Agus nascadh á dhéanamh le tionscnaimh chuimhneacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta, sheol UCD a chlár

féin de ghníomhaíochtaí le himeachtaí na ndeich bliana seo a chomóradh chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht agus tuiscint náisiúnta (www.ucd.ie/centenaries).

Thug An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton TD, cuairt ar Institiúid Uí Ghadhra UCD le haitheasc a thabhairt ag Ceardlann ar Chosaint Bheartais Shóisialta UCD. Is comhoibriú é seo idir Institiúid Uí Ghadhra um Bheartas Poiblí agus an Roinn Coimirce Sóisialaí. Áiríodh sa cheardlann léachtaí ó phríomh-shaineolaithe i mbeartas eacnamaíochta agus sóisialta, agus d'fhreastail rannpháirtithe ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí deonacha agus neamhrialtais agus taighdeoirí luathghairme orthu.

I rith na bliana leathnaigh Institiúid don Léann Daonna UCD a diminsean idirnáisiúnta ar chultúr, ar gheilleagar agus ar an tsochaí. Is príomhshnáith d'infreastruchtúr taighde na hInstitiúide sa réimse seo í Líonra Staidéar Cuimhne na hÉireann agus áiríodh ar aoichainteoirí i rith sraith seimineár na bliana an Dr Kate Kenny (Ollscoil na Ríona, Béal Feirste), an tOllamh Ann Rigney (Ollscoil Utrecht), agus an tOllamh Martijn Meeter (Ollscoil Amsterdam).

Ina theannta sin, tionóladh Comhdháil Beartas Eacnamaíochta na hÉireann i bhFeabhra leis an téama *Learning from Crisis*. Déanann Institiúid Uí Ghadhra UCD um Beartas Poiblí, an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, agus Ollscoileanna Luimnigh agus Stirling, an chomhdháil a eagrú, ar imeacht bliantúil anois í.

Thug an tOllamh Teresa Mangum, Stiúrthóir Ionaid Ard-Léinn Oberman, Ollscoil Iowa, aoi léacht gradamach Institiúid don Léann Daonna UCD, dar teideal *The Future of Academic and Public Humanities: The Changing Academic Environment in the US*. Chomh maith leis seo rinne Institiúid don Léann Daonna UCD agus Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, comhóstáil ar chomhdháil tionscnaimh an *Líonra Eorpach do Thaighde ar Ghearrfhicsean*.

Lean Institiúid don Léann Daonna UCD lena clár for-rochtana digiteach agus íoslódálacha óna cainéal Soundcloud ag sárú 38,000. Íoslódáladh *The Dead*, aip don iPad, 8,800 uair íoslódáladh an tsraith podcraolta *Dublin* breis agus 30,000 uair ó seoladh í.

## 3. Fuinneamh

Tá UCD tar éis comhdhlúthú córas fuinnimh a aithint mar réimse tosaíochta suntasaí a chuirfidh deiseanna ar fáil d'Éirinn agus don Ollscoil. Tógann sé ar ár láidreachtaí reatha a aithnítear go hidirnáisiúnta i gcórais chumhachta leictreacha agus in eolaíochtaí geolaíocha, agus baineann leas as an gcaidreamh láidir oibre idir an tionscal, foirne acadúla agus lucht déanta beartais sa spás seo, chun ionad ceannródaíochta do ghníomhaíocht chomhdhlúthaithe chóras fuinnimh a dhéanamh in Éirinn.

Is í an aidhm, ag obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta sa tSaotharlann Fuinnimh In-athnuaite Náisiúnta agus in Ollscoil Teicniúil na Danmhairge, feidhmíocht dhomhanda níos leithne a thabhairt don dul chun cinn a aithníodh agus a tástáladh in Éirinn.


### Buaicphointí

I rith na bliana sheol Institiúid Fuinnimh UCD tionscadal nua Horizon 2020, *RealValue*, agus fuair an Institiúid €1.2 milliún mar chuid den tionscnamh iomlán AE €15.5 milliún. Díreoidh an tionscadal ar stóráil fuinnimh áitiúil ar scála beag a thástáil agus úsáid á baint as Stóráil Teirmeach Leictreachais Chliste (SETS), le feidhmiú agus tástáil phraiticiúil in 1,250 teach sa Ghearmáin, i Laitvia agus in Éirinn.

Tá sé d'aidhm ag an tionscadal éifeachtúlacht agus luach a fheabhsú ar fud mhargadh fuinnimh na hEorpa trí úsáid ard-ICT. Oibreoidh an Institiúid le ceannairí tionscail ar an tionscadal seo lena n-áirítear Glen Dimplex, INTEL, SSE, ESB agus EirGrid.

## 4. Comhshaol

Is ionad taighde ildisciplíne ar scála mór é Institiúid Domhaneolaíochta UCD a iniúchann idirghníomhaíochtaí casta an domhain, a atmaisféar agus a chórais saoil ghaolmhara. Is baill den Institiúid seo iad móramh taighdeoirí UCD atá



*Sa phictiúr (clé-deas) ag seoladh* Voices of Joyce *a d'fhoilsigh UCD Press agus ina bhfuil bailiúchán léirithe ar shaothar Joyce ó phríomh-shaineolaithe i raon leathan disciplíní: comhúdair an fhoilseacháin, an tOllamh Fran O'Rourke, Scoil Fealsúnachta UCD, agus an tOllamh Anne Fogarty, Scoil Bhéarla, Drámaíochta agus Scannánaíochta UCD.*




*Rinne taighdeoirí sinsearacha de chuid UCD pleananna straitéiseacha na hOllscoile i leith taighde agus nuálaíochta i réimse an Agraibhia agus na Teicneolaíochta Cumarsáide Faisnéise (IFT) a thíolacadh do na Coimisinéirí Eorpacha, Carlos Moedas, atá freagrach as Taighde, Eolaíocht agus Nuálaíocht, agus Phil Hogan, atá freagrach as Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe. Sa phictiúr (clé-deas) le linn a gcuairte ar UCD i mí Aibreáin 2015: Na Coimisinéirí Eorpacha Phil Hogan agus Carlos Moedas; agus an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar.*

gníomhach sa domhaneolaíocht agus sna heolaíochta comhshaoil agus baintear leas as a gcomhiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar roinnt mórdhúshlán lena n-áirítear: athrú aeráide agus guaiseanna nádúrtha; acmhainní nádúrtha finideacha; agus an gá atá le comhshaol tógtha inbhuanaithe.

Cuirtear bonn taca faoin obair ar na dúshláin seo trí shaineolas i roinnt príomhdhisciplíní mar uisce, aeráid agus acmhainní, comhshaol tógtha, an éiceolaíocht agus éabhlóid, guaiseanna agus rioscaí nádúrtha, beartas agus iompar comhshaoil, agus barraí don todhchaí.

**Buaicphointí**

I rith na bliana d'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) maoiniú de €26 milliún d'Ionad Taighde Éireann sna Geolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG). Tá cúig phríomhiarratasóir PI san Ionad, ar thionscadal comhoibríoch é idir UCD, UCC, NUIG agus TCD agus an tionscal, ar chomhaltaí d'Institiúid Domhaneolaíochta UCD iad, agus baill de Scoil na nEolaíochtaí Geolaíocha UCD.

Cuireann Geolaíocht bonn taca faoi aimsiú acmhainní fuinnimh, uisce agus amhábhar atá criticiúil don gheilleagar domhanda. Agus éileamh ag dul i méid agus soláthar ag laghdú, tá tábhacht nach beag go domhanda le nuálaíochtaí dírithe sa gheolaíocht. Déanfaidh an t-ionad iCRAG taighde leis na hacmhainní seo a aimsiú agus leas a bhaint astu le linn dóibh an comhshaol a chosaint.

I Nollaig 2014, bronnadh Deontas Tosaithe ERC ar Suzanne Kingston, an Scoil Dlí UCD, do thionscadal a fhiosraíonn mar a théann an chaoi a ndearaimid ár ndlíthe i bhfeidhm ar leibhéil chomhlíonta comhshaoil laistigh den AE; agus, thairis sin, an chaoi a ndéanfaimis ár ndlíthe a athrú chun beartas comhshaoil a dhéanamh níos éifeachtaí. Tugann sé seo líon iomlán duine a fuair dámhachtainí ERC laistigh d'Institiúid Domhaneolaíochta UCD go seisear - 50% don líon iomlán i UCD a fuair iad.

I rith 2015, bronnadh dara Gníomh ITN Marie Skłodowska-Curie ó seoladh Horizon 2020 ar bhall d'Institiúid Domhaneolaíochta UCD, an tOllamh Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na nEolaíochtaí Comhshaoil UCD. Tairgeann tionscadal CEREALPATH an Ollaimh Doohan clár oiliúna iarchéime nuálaíoch i réimse na heolaíochta barra, cuid den dúshlán domhanda le aghaidh a thabhairt ar acmhainní bia a dtiocfaidh deireadh leo. Dámhadh Gníomh ITN Marie Skłodowska-Curie ar an Dr Arturo Gonzalez, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil UCD freisin dá thionscadal TRUSS, a thugann aghaidh ar an ngá neamhchinnteacht i sábháilteacht struchtúrtha i gcomhshaoil atá ag tabhairt aghaidh ar thionchair mhéadaithe athrú aeráide, a laghdú.

Is fócas leanúnach d'Institiúid Domhaneolaíochta UCD iad rannpháirtíocht shóisialta agus for-rochtain eolaíoch. I Nollaig 2014, bhí sí ina hóstach do bhreis agus 70 mac léinn iarchéime don chomhdháil *Eolaíocht & Réitigh do Chomhshaol Inbhuanaithe* ag tacú le Clár Dochtúireachta Eolaíochtaí Domhanda agus Nádúrtha PRTLI 5.

Is prionsabail lárnacha den Institiúid iad nuálaíocht agus fiontraíocht agus, i rith na bliana, reáchtáil Institiúid Domhaneolaíochta UCD roinnt clár aon lae Innovation Sprint leis an bhfoireann nuálaíochta ag NovaUCD.

## 5. ICT

Tá mór-ról ag UCD, trína chláir thaighde, oideachais agus nuálaíochta, in earnáil ICT na hÉireann a fhás agus i nginiúint tionchair dhomhanda. Fostaíonn an earnáil teicneolaíochta in Éirinn breis agus 105,000 duine go díreach, 75% fostaithe i gcuideachtaí ilnáisiúnta agus an chuid eile san earnáil teicneolaíochta dhigiteach dhúchasach. Tá an earnáil freagrach as 40% d'onnmhairí na hÉireann.

Is í Eolaíocht Sonraí an téama a thugann aontacht do thaighde ICT i UCD. Tugann sé seo trí chlár ICT de shártaighde agus tionchar le chéile a thacaíonn le clár taighde níos leithne na hOllscoile: anailísíocht sonraí, Idirlíon na n-Earraí agus córais chliste. Cumasaíonn anailísíocht sonraí léargais agus treochtaí folaithe a aithint i mór-achar na sonraí digiteacha a ghintear gach lá. Cumasóidh Idirlíon na n-Earraí an t-athrú céime sa chumarsáid agus sa teicneolaíocht leictreonach a theastaíonn do ghréasán domhanda de bhraiteoirí

agus de ghníomhróirí. Úsáideann córais chliste leithead taighde ICT chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin eacnamaíocha agus sochaíocha.

**Buaicphointí**

Cheap UCD an tOllamh Robert Bogdan Staszewski, taighdeoir agus nuálaí innealtóireachta a bhfuil cáil dhomhanda air, chun clár taighde ceannródaíoch a threorú chun acmhainn na hÉireann mar ionad domhanda d'idirlíon na n-earraí a mhéadú. Dámhadh €5 milliún i maoiniú faoin gClár Ollúntachta Taighde de chuid SFI ar an Ollamh Staszewski, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD. Tacaíonn Analog Devices agus Xilinx leis an gceapachán freisin.

Is tuilleadh fianaise é ceapachán an Ollaimh Robert Shorten, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD, ceapachán i gcomhar idir IBM Research-Ireland agus UCD, ar thiomantas UCD a chumas taighde a fhás sa spás nua iontach seo.

Agus an tiomantas seo á léiriú aici, sheol Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD an IoE2 Lab i rith na bliana. Is saotharlann taighde ildisciplíne é seo dírithe ar theicneolaíochtaí cumasúcháin a fhorbairt agus fionnachtana eolaíocha a dhéanamh don chéad ghlúin eile d'idirlíon na n-earraí agus líonraí cumarsáide todhchaí (5G).

Bhí Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD mar chuid den chuibhreannas rathúil don Ionad SFI nua, CONNECT. Díríonn an tIonad seo ar líonraí leathanbhanda, ceallacha agus idirlíon na n-earraí ar a ndéanfar seirbhísí todhchaí a chumasú, agus ar an gcaoi sin an geilleagar a fhás agus tacú leis an tsochaí ina iomlán.

Bhain taighdeoirí córas cliste i Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, agus sa Scoil Ghnó UCD poist cheannaireachta amach mar phríomh-imscrúdaitheoirí san Ionad SFI, LERO, a seoladh le deireanaí. Is é misean taighde LERO macasamhlú a dhéanamh ar rathúlacht innealtóireachta traidisiúnta bogearraí i gcomhthéacs córas ar scála mór, láidir, comhtháite go fisiciúil, ard-idirnasctha, agus atá ar fáil de shíor.

Cuireann na forbairtí nua seo go léir le ról treorach UCD in ionaid taighde anailísíochta sonraí náisiúnta, lena n-áirítear Insight, CeADAR, agus Ionad d'Anailísíocht Ghnó UCD.

In 2013, bhunaigh an Rialtas Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG) atá cleamhnaithe le UCD, lena n-áirítear Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, mar ghné lárnach in athstruchtúrú náisiúnta na Seirbhíse Sláinte. Tá ról lárnach ag UCD i misean an ghréasáin seo, i seachadadh cúram othair feabhsaithe trí thaighde agus oideachas, i rannchuidiú chúram sláinte san fhiontraíocht agus i bhforbairt eacnamaíochta, agus i mbunú grúpaí ospidéal mar iontaobhais neamhspleácha. Tá comhoibrithe ag teacht chun cinn cheana idir ospidéil sa líonra agus institiúidí taighde UCD, a bhfuil seirbhísí tacaíochta taighde nua, comhiarratais mhaoinithe AE agus cláir mhaoinithe tionscail de thoradh orthu.

**Buaicphointí**

Bhí páipéar taighde ón Ollamh Des Higgins, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, a leag síos an caighdeán idirnáisiúnta d'anailís seichimh DNA, ar an 10 bhfoilseachán taighde *Nature* is airde lua riamh. Fuair an tOllamh Cormac Taylor, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, dámhachtain *Nature* 2014 do Mheantóireacht san Eolaíocht ag Cruinniú Mullaigh SF in 2014.

Stiúir an tOllamh Walter Kolch, Stiúrthóir, Institiúid Mhic Con Mí UCD, iarratas ar éirigh leis ar mhaoiniú ó *Horizon AE 2020 COFOUND* le haghaidh chlár iardhochtúireachta i gcógas pearsantaithe *(TopMed10)*, arbh fhiú €2.1 milliún é. Tugann sé seo tacaíocht do 10 gcomhaltacht. Fuair sé féin agus an tOllamh Martin Steinhoff, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, dámhachtainí Chlár Imscrúdaitheora SFI do thaighde ar shárú frithsheasmhachta in aghaidh drugaí i meileanóma urchóideach meiteastáiteach trí chóireáil a phearsantú agus do thaighde ar chumarsáidí near-imdhíonachta i ngalair chnis.

Shínigh an tOllamh Iain Mattaj, Ard-Stiúrthóir, Saotharlann Bitheolaíochta Mhóilínigh Eorpach (EMBL), agus an tOllamh Walter Kolch, Stiúrthóir, Systems Biology Ireland, bunaithe i UCD, meamram tuisceana leis an gcuspóir comhoibriú a fheabhsú idir an dá institiúid. Is é seo an chéad chomhaontú dá leithéid a síníodh idir EMBL agus institiúid Éireannach.

Ar fhoilseacháin ardtionchair i rith na tréimhse áiríodh alt san *New England Journal of Medicine* ar chur chuige teiripeach nua chun cuidiú le hothair mhurtallacha meáchan coirp níos sláintiúla a bhaint amach agus a chothú.

## 6. Sláinte

Díríonn an straitéis do thaighde sláinte ag ionaid UCD ar shláinte agus ar chógas pearsantaithe nasctha. Tá an poitéinseal ag na hardán seo athrú ó bhonn a chur ar ár gcórais chúram sláinte agus tionchar ceannródaíoch a chruthú thar raon réimsí galair.



*An Dr Philip Campbell (ar chlé), Eagarthóir Ceannais, Nature and Nature Publishing Group, agus Gradam Nature 2014 do Mheantóireacht san Eolaíocht á bhronnadh aige ar an Ollamh Cormac Taylor, Scoil Leighis agus Eolaíochta Leighis UCD, le linn Chruinniú Mullaigh Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2014.*

*Sa phictiúr le linn NovaUCD, an Dr Emmeline Hill, comhbhunaitheoir Equinome, mac-chuideachta de chuid UCD, nuair a bronnadh Gradam Nuálaíochta NovadUCD 2014 uirthi mar aitheantas don rath domhanda agus don tionchar a bhí ag Equinome sa tionscal rásaíochta agus póraithe capall folaíochta lena ngabhann luach ilbhilliún euro.*



Is foireann a d'fhoilsigh an t-alt a raibh an tOllamh Carel le Roux, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD san áireamh inti. Léirigh alt i *Cell Metabolism*, leis an Ollamh Catherine Godson, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, gur féidir le móilín a aimsítear sa chorp cosaint in aghaidh forbairt ghalar bainteach leis an murtall trí athlasadh a mhoilliú agus a aisiompú. Áiríodh obair leis an Dr Eoin Brennan, duine de ghrúpa taighde an Ollaimh Catherine Godson, i dtorthaí staidéir idirnáisiúnta i *Nature*, ag cur síos ar an ngéineolaíocht atá taobh thiar den mhurtall.

## Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta go hiomlán dá phríomhról in éiceachóras malartú faisnéise agus nuálaíochta na hÉireann mar chumasóir fáis eacnamaíochta agus rannchuiditheoir i bhforbairt eacnamaíochta, chultúrtha agus shóisialta. Tacaímid leis an gcuspóir seo trí na nithe seo a leanas: ár mic léinn nuálaíocha agus fiontraíochta; forbairt chomhpháirtíochtaí le tionscal, gníomhaireachtaí Rialtais agus fiontair shóisialta agus chultúrtha; aschur taighde a tráchtálú; fiontar nua a ghiniúint; agus jabanna a chruthú.

## Mic Léinn agus Céimithe Fiontraíochta

Ar an tionchair a fhaighimid trínár dtaighde agus nuálaíocht, is ónár mic léinn agus céimithe agus na rannchuidithe neamhghnácha a dhéanann siad agus a dhéanfaidh siad thar a saolré, a thagann tionchar is mó na hOllscoile.

### Réalta Gnólachta Nua-thionscanta UCD

I rith na bliana cheap agus reáchtáil Nova UCD agus Acadamh Nuálaíochta UCD Réalta Gnólachta Nua-thionscanta UCD, clár tacaíochta nua do mhic léinn fochéime UCD ar mian leo oibriú le chéile chun gnólachtaí nua-thionscanta a bhunú. Thosaigh Réalta Gnólachta Nua-thionscanta UCD le sraith cheardlanna trasdhisciplíne a cuireadh ar bun thar thréimhse trí mhí ag Acadamh Nuálaíochta UCD. Roghnaíodh sé fhiontar mac léinn luathchéime, le 16 ball foirne, chun páirt a ghlacadh i ndianchlár meantóireachta a reáchtáladh thar thréimhse cheithre seachtaine ag NovaUCD.

Is í aidhm an chláir seo cuidiú leis na mic léinn a smaointe maidir le cuideachtaí nua-thionscanta a mhionchoigeartú agus áiríodh ann sraith de cheardlanna struchtúracha ó shaineolaithe tionscail, seisiúin rialta pitseála, agus meantóireacht. Tar éis pitseálacha deiridh os comhair phainéal breithiúna fógraíodh GradHow mar bhuaiteoir foriomlán an chláir tionscnaimh.

Tá ardán ar líne á fhorbairt ag GradHow chun cuidiú le céimithe tríú leibhéal tuiscint níos fearr a fháil ar na deiseanna fostaíochta atá ábhartha agus ar fáil dóibh. Tá sé d'aidhm ag an uirlis ar líne do chuardaitheoirí poist naisc idir fostóirí agus ollscoileanna a fheabhsú, agus chun sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas fostaíochta céimithe. Is iad Ben Chadwick, Alan John Browne agus Stephen Duffy, mic léinn Tráchtála UCD, bunaitheoirí GradHow. Rinne AIB, Arthur Cox, Deloitte, Ericsson, Stocbhróicéirí Goodbody, Pay with Fire, agus Xilinx urraíocht ar an gclár.

### Grodchúrsa Gnó na nEolaithe Óga BT 2015

Is í aidhm Ghrodchúrsa Gnó BT, a thionóltar go bliantúil i gcomhar le UCD, an bhearna idir oideachas agus gnó do dhaltaí a léiríonn bua fiontraíochta ar leith agus cumas gnó, a líonadh. Agus é sa séú bliain anois bhí 29 dalta dara leibhéal ó chuile chearn in Éirinn páirteach sa champa scileanna agus nuálaíochta cheithre lá a tionóladh ag NovaUCD, daltaí a léirigh an cumas a thuiscint conas agus cén fáth ar féidir smaoineamh simplí a fhorbairt ina fhiontar inmharthana ó thaobh tráchtála. Roghnaíodh na daltaí rannpháirteacha in Eanáir ó bhreis agus 1,200 dalta dara leibhéal a bhí san iomaíocht i dTaispeántas Teicneolaíochta na nEolaithe Óga BT 2015.

I mbliana chuaigh BT agus UCD i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Khalifa, agus sheachaid an chéad Ghrodchúrsa Gnó BT in Abu Dhabi, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

## I gComhpháirtíocht leis an Earnáil Tionsclaíochta

Tá teist láidir go dtí seo ag UCD de bheith ag obair le hearnáil na tionsclaíochta agus lorgaíonn an Ollscoil rannpháirtíocht láidir agus straitéiseach le fiontair

ghnó, shóisialta agus chultúrtha chun cur le luach, líonraí a leathnú agus deiseanna nua a iniúchadh chun tionchar a sheachadadh trí chomhpháirtíocht. Áirítear inár n-éiceachóras nuálaíochta cláir chomhoibríocha tionscail ar mhórscála, mar CSETanna, maoinithe ag SFI, Ionaid agus Cnuasaigh Taighde Straitéiseacha, agus trí ionad teicneolaíochta arna dtreorú ag an tionsclaíocht agus arna maoiniú ag Fiontraíocht Éireann.

Ina theannta sin, tá breis agus 250 cuideachta tar éis taighde a mhaoiniú i UCD le blianta beaga anuas agus tá breis agus 1,000 cuideachta tar éis comhoibriú le UCD ar thionscadail taighde. Tá breis agus 50 cuideachta, ó ghnólachtaí nua-thionscanta ardteicneolaíochta luathchéime go dtí cuideachtaí seanbhunaithe treoraithe ag an nuálaíocht, lonnaithe anois ag UCD agus foireann de 375 i gcomhar acu lonnaithe ar champas. Tá na cuideachtaí seo, a chlúdaíonn earnálacha ó thalmhaíocht agus bia go dtí na heolaíochtaí saoil, agus ó ICT go dtí na heolaíochtaí fisiciúla, innealtóireacht agus teicneolaíocht ghlan, lonnaithe ag NovaUCD nó NexusUCD.

### Ionad Teicneolaíochta na Sláinte Nasctha

I mBealtaine, sheol an tAire Poist, Fiontair agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, an tIonad Teicneolaíochta do Thaighde Feidhmeach don tSláinte Nasctha (ARCH) ar fiú €5 milliún é, arna mhaoiniú ag Fiontraíocht Éirieann agus IDA Ireland. Tá ceannáras ARCH ag NexusUCD, áit a n-oibríonn taighdeoirí ó réimsí cliniciúla, innealtóireachta, teicneolaíochta, beartais agus eacnamaíochta le chéile, le hionchur ó Ollscoil Luimnigh, chun seachadadh ar an gclár taighde sláinte nasctha a shainmhíníonn a ghrúpa stiúrtha tionscail. Treoraíonn cúig chomhpháirtí déag tionscail clár taighde ARCH.

### Comhpháirtíocht AIB agus Tionscnamh Nuálaíochta

I rith na bliana d’fhógair AIB mórinfheistíocht i gcomhpháirtíocht agus i dtionscnamh nuálaíochta seacht mbliana le UCD. Tá caidreamh fadsheasmhach ag AIB le UCD, agus bhí AIB ar cheann de na chéad urraitheoirí ag NovaUCD. Tá an chomhpháirtíocht nuálaíoch nua seo ag iarraidh tacú le saineolas acadúil agus nuálaíoch ar féidir leis tionscnaimh ata ceaptha sláine eacnamaíoch agus shóisialta na tíre seo a fheabhsú. Cuirfidh sé scoláireacht chun cinn i réimsí na ceannaireachta, seirbhís don phobal agus aistriú eolais.

## Aschuir Taighde a Thráchtálú

Cuireann NovaUCD áiseanna goir den scoth, atá saintógtha do chuideachtaí dianfhaisnéise, ar fáil lámh ar lámh le clár tacaíochta gnó cuimsitheach. I rith na bliana d’óstáil NovaUCD roinnt mhór cuairteoirí a bhí ag iarraidh tuilleadh a fhoghlaim faoin rath a bhí ag UCD i dtráchtálú agus i ngníomhaíochtaí fiontraíochta. Áiríodh orthu seo an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Alex White TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English TD, agus Grant Shapps MP, Aire Rialtais na Ríochta Aontaithe. Ar na toscaireachtaí idirnáisiúnta áiríodh cinn ón mBotsuáin, ón tSín, ón Fhrainc, ón Iorua, ón Rúis, ón Tuirc agus ó Vítneam.

D’fhógair UCD ceapacháin an Dr Sharon O’Kane agus an Dr Sean Baker i rith na bliana mar an chéad dá Fhiontraí Cónaithe ag NovaUCD. Bunaíodh an clár seo chun taithí agus saineolas gnó seachtrach a thabhairt isteach chun cuidiú le forbairt agus le fás mac-chuideachtaí agus cuideachtaí a thagann isteach go UCD, mar aon le pobal fiontraíochta níos leithne UCD.

Trí fhoireann aistrithe teicneolaíochta UCD atá lonnaithe ag NovaUCD, cuidítear le taighdeoirí ó UCD agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD) le haithint agus le cosaint maoine intleachtúla (IP) ag éirí as ár gcláir thaighde. Tugtar cúnamh freisin do thráchtálú IP trí cheadúnú do chuideachtaí agus trí fhoirmiú mac-chuideachtaí.

Tacaíonn an fhoireann oiliúna Forbartha Fiontair agus Oideachais Nuálaíochta ag NovaUCD le taighdeoirí freisin i dtráchtálú aschur IP, trí shraith clár oiliúna lena n-áirítear an Innovation Sprint, Grodchúrsa Tráchtálaithe agus an Clár um Luathú Seoladh Fiontair.

Thuairisc taighdeoirí ó UCD agus NCAD 59 aireagán in iomlán. Chomh maith leis seo, comhdaíodh 17 paitinn tosaíochta ag UCD agus NCAD thar réimsí teicneolaíaochta deartha, innealtóireachta, eolais agus cumarsáide,

*Sa phictiúr (clé-deas) le linn oscailt oifigiúil bhrainse athfheistithe AIB ar champas UCD tráth ar fógraíodh comhpháirtíocht agus infheistíocht nuálaíochta seacht mbliana AIB in UCD: An tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD, agus David Duffy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin AIB.*



agus eolaíochtaí saoil. Thug UCD fiche is a cúig comhaontú ceadúnais chun críche le raon cuideachtaí idirnáisiúnta agus dúchasacha agus cúig mhac-chuideachta nua UCD ionchorpraithe.

### Cláir Thráchtálaithe UCD

I rith na bliana thug 17 taighdeoir ó Agraibhia, Eolaíocht Saoil agus Innealtóireacht ceann de thrí chlár aon lae de chuid Innovation Sprint UCD chun críche. NovaUCD i gcomhar le hInstitiúid Domhaneolaíochta UCD a reáchtáil na cláir sin. Is í aidhm an chláir Innovation Sprint UCD forbairt aschuir thráchtála a éiríonn as taighde atá ar siúl in UCD a spreagadh trí rannpháirtíocht le taighdeoirí ag céim níos luaithe sa bpróiseas tráchtálaithe.

Chuir fiche taighdeoir dhá Ghrodchampa Tráchtálaithe UCD i gcrích. NovaUCD a reáchtáil iad. B'ionann rannpháirtithe ar na Grodchampaí agus 17 tionscadal tráchtála a d'fhéadfadh teacht as taighde a bhí ar siúl i UCD. Is í aidhm fhoriomlán Ghrodchampa Tráchtálaithe UCD píblíne na ndeiseanna tráchtála ag éirí as cláir taighde UCD agus NCAD a neartú.

Fógraíodh NovoGrid, mac-chuideachta innealtóireachta nua i UCD, mar bhuaiteoir foriomlán an Chláir um Luathú Seoladh Fiontair UCD 2014. Tacaíonn an clár seo le cruthú agus le seoladh fiontar nua inbhuanaithe agus brabúsach bunaithe ar mhaoin intleachtúil ag eascairt as cláir thaighde UCD agus NCAD.

Tá NovoGrid tar éis córas rialaithe cliste a fhorbairt chun cur ar chumas úinéirí feirm ghaoithe caillteanais fuinnimh bainteach le haistriú leictreachais go dtí greillí náisiúnta a laghdú, ag cuidiú leo ar an mbealach seo éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú agus teacht isteach a mhéadú. Chomhbhunaigh an Dr Andrew Keane, an Dr Peter Richardson agus Paul Manning NovoGrid, mac-chuideachta ón Ionad Taighde Leictreachais, Scoile na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide.

### Dámhachtainí Tionchair Aistriú Faisnéise Éireann 2015

Bhain UCD dhá cheann de na ceithre Dhámhachtain Tionchair Aistriú Faisnéise Éireann 2015. Bhain an tOllamh Mark Rogers, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir UCD, Dámhachtain Tionchair Licence2Market 2015 dá fhorbairt ar thástáil dhiagnóiseach nuíosach do BSE, ar thug UCD ceadúnas dó ina dhiaidh sin do Enfer Scientific. Bhain comhbhunaitheoirí OxyMem, an tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD Dámhachtain Tionchair Mac-chuideachta 2015 mar aitheantas ar na gnóthachtálacha a rinne an chuideachta anuraidh.

### Dámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2014

Bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2014 ar an Dr Emmeline Hill, príomhthaighdeoir géanómaíochta i Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD. Bronnadh an dámhachtain ar an Dr Hill mar aitheantas ar an rathúlacht agus ar an tionchar domhanda a bhain Equinome amach sa tionscal póraithe agus rásaíochta capall folaíochta, ilbhiliún euro, idirnáisiúnta. Is mac-chuideachta de chuid UCD é Equinome a chomhbhunaigh sí i 2009 le Jim Bolger, an traenálaí agus an póraitheoir clúiteach capall rása Éireannach.

### OxyMem

Bhain OxyMem, mac-chuideachta UCD, roinnt dámhachtainí náisiúnta agus idirnáisiúnta i rith na bliana, lena n-áirítear: Dámhachtain Dúshláin Infreastruchtúir Imagine H2O (Céim Fáis) 2015; Dámhachtain Teicneolaíochta Fuinnimh Éifeachtaigh na Bliana, Dámhachtainí Fuinnimh na RA; Dámhachtain Nuálaíochta Fuinnimh Inbhuanaithe 2014; agus Dámhachtain Sármhaitheasa Foriomláin i Maoin Intleachtúil, Dámhachtainí Maoine Intleachtúil 2014.

Chomhbhunaigh an tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron OxyMem in 2013 mar mhac-chuideachta de chuid Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD. Tá córas aeraithe fuíolluisce 'Gan Boilgeoga' OxyMem do chóireáil fuíolluisce ceithre huaire níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de ar an iomlán ná na réitigh is fearr atá ar fáil ar an margadh faoi láthair.

### Rathúlacht i dTiomsú Airgid

I rith na bliana d'éirigh go maith le roinnt mac-chuideachtaí agus cuideachtaí a tháinig isteach go UCD i dtiomsú airgid agus i bpoist nua a fhógairt.

D'éirigh le Corlytics, cuideachta bogearraí airgeadais a bhfuil a ceannáras ag NovaUCD, infheistíocht shindeacáite €1 milliún a fháil agus tá faoi an líon foirne a dhúbailt go dtí 30 chun tacú lena fás. Is trí Shíolchiste agus Ciste Luathchéime Bhanc na hÉireann a thagann an infheistíocht atá á bainistiú ag Kernel Capital, le comh-infheisteoirí Fiontraíocht Éireann, aingeal infheisteoirí agus bunaitheoirí cuideachta. Tá Corlytics, a bunaíodh in 2013, tar éis ardán a fhorbairt a chumasaíonn institiúidí airgeadais domhanda caillteanais agus fíneálacha inseachanta a aithint, á chur ar a gcumas sáruithe rialála a íoslaghdú trí fheidhmchláir anailísíochta riosca réamh-mheastach a úsáid chun riosca margaidh a luacháil, a thagarmharcáil agus a bhainistiú.

D'éirigh le Equilume, mac-chuideachta UCD, €550,000 i síolchistiú a fháil ó Fhiontraíocht Éireann agus ó roinn aingeal infheisteoirí lonnaithe in Éirinn, sa RA agus sna SA. Tá sé i gceist ag an gcuideachta an infheistíocht a úsáid



*Sa phictiúr (clé-deas) i Scoil Fisice UCD: An tOllamh Lorraine Hanlon agus an Dr Sheila McBreen, comhbhunaitheoirí mhac-chuideachta UCD, is é sin,* Parameter Space, *a bhfuil maoiniúchán €800,000 faighte aici ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA), in éineacht leis an Dr William O'Mullane, Ceann an Rannáin Forbartha Oibríochtaí, ESA.*



*(Clé-Deas) An tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English TD; an tOllamh Barry Smyth, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Faisnéisíochta, UCD; agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, le linn Chruinniú Mullaigh SFI tráth ar ainmníodh an tOllamh Smyth mar Thaighdeoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Bhliain 2014.*

chun díolacháin a teicneolaíochta nuálaíochta Equilume Light Mask a luathú laistigh den tionscal Capall Folaíochta domhanda, chun cuidiú le póraitheoirí éifeachtúlacht agus feidhmíocht atáirgthe a uasmhéadú in a gcapaill. D'fhorbair an Dr. Barbara Murphy, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD, an Equilume Light Mask i gcomhar leis an Ollamh John Sheridan, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD.

D'éirigh le HeyStaks, mac-chuideachta UCD lena ceannáras ag NovaUCD, €1.5 milliún a fháil mar chuid de chomhpháirtíocht straitéiseach le Digicel. Úsáidfear an infheistíocht le ardán Analytics Intent móibíleach a thabhairt chuig custaiméirí san Áis, sa Mheán-Oirthear agus i gcríocha Mheiriceá. Ta sé i gceist ag an gcuideachta freisin suas le 20 post a chruthú sa bhliain atá romhainn i gcomhcheangal de rólanna tráchtála agus teicniúla. Bunaíodh HeyStaks in 2008, ag an Dr Maurice Coyle, an Dr Peter Briggs agus an Ollamh Barry Smyth mar mhac-chuideachta an Ionaid CLARITY do Theicneolaíochtaí Gréasáin Braite, arna mhaoiniú ag SFI, ar chuid anois í de INSIGHT - an tIonad Náisiúnta um Anailísíocht Sonraí.

D'éirigh le InVivo, an grúpa comharchumann talmhaíochta is mó sa bhFrainc, agus príomhimreoir sa tionscal domhanda, leas 50% a fháil i Life Scientific, cuideachta R&D a dhéanann táirgí cosanta barraí iarphaitinne. De thoradh na comhpháirtíochta nua seo tá sé i gceist ag Life Scientific, cuideachta isteach de chuid UCD, 20 post nua a chruthú, ar phoist forbartha agus taighde den chuid is mó iad, ag NovaUCD thar na cúig bliana atá romhainn.

Fuair Parameter Space, mac-chuideachta UCD, conradh €800,000 ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) le tionscadal trí bliana a chruthódh ceithre phost a mhaoiniú. Is é cuspóir an tionscadail bogearra nua a fhorbairt a mbeadh ar a chumas an líon sonraí gan coinne ó shatailít Gaia ESA a shaothrú. Chomhbhunaigh an tOllamh Lorraine Hanlon agus an Dr Sheila McBreen Parameter Space in 2014, mar mhac-chuideachta ó Scoil na Fisice UCD.

Bhain Q-Validus, cuideachta caighdeán creidiúnaithe lena ceannáras ag NexusUCD, maoiniú €370,000 thar dhá bhliain, mar chuid de thionscadal €3.1 milliún AquaSmart á mhaoiniú trí Chlár Horizon 2020 an Choimisiúin Eorpaigh. Úsáidfidh Q-Validus an maoiniú chun gnéithe dearbhaithe cáilíochta de thionscadal AquaSmart a sheachadadh.

## Acadamh Nuálaíochta UCD

Is comhthionsncnamh é an tAcadamh Nuálaíochta idir Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Ríona Béal Feirste, a bhfuil d'aidhm aige cineál nua céimí PhD a fhorbairt a mbeadh tuiscint iomlán aige ar an gcaoi ar féidir le nuálaíocht eolas a athrú isteach i dtáirgí, seirbhísí agus beartais chun leasa cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta. Cé go raibh sé dírithe ar dtús ar chruthaitheacht agus ar smaointeoireacht fiontraíoch a mhúineadh do mhic léinn PhD, oibríonn Acadamh Nuálaíochta UCD anois le fochéimithe, iarchéimithe, oideoirí agus le heagraíochtaí agus le comhpháirtithe thar an saol acadúil amach.
I mbliana bhí an líon is mó mac léinn go dtí seo rannpháirteach le hAcadamh Nuálaíochta UCD. Tháinig méadú ar an tairiscint toghthach ghinearálta fochéimithe a leathnaíodh le deireanaí - Réamhchúrsa don Smaointeoireacht Chruthaitheach agus Dianiarracht Fiontraíochta - ó 33 mac léinn anuraidh go dtí 169 mac léinn.

Ghlac breis agus 300 mac léinn páirt sa teastas céimí sa Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Fiontar, arna mhaoiniú ag Tionscnamh Springboard an Údaráis um Ard-Oideachas, agus a seachadadh i mBaile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Baile Átha Luain agus Port Láirge. I rith an chúrsa seo d'oibrigh mic léinn i gcomhar ar shraith dúshlán nuálaíochta tionscalbhunaithe, ag obair le 45 eagraíocht ar feadh na bliana. Fuair breis agus 230 mac léinn teastais dámhachtana agus searmanais ar siúl i gCaisleán Chill Chainnigh agus ceann eile i bPáirc an Chrócaigh, ar fhreastal an tAire Gnó agus Fostaíochta, Gerald Nash TD, air.


Sheachaid Acadamh Nuálaíochta UCD modúil freisin i Smaointeoireacht agus Nuálaíocht Chruthaitheach, agus Giniúint agus Aithint Deiseanna do 37 mac léinn PhD, lena n-áirítear mic léinn ar Chomhtheastas Céimí UCD-TCD-QUB sa Nuálaíocht agus sa bhFiontraíocht. Dhear agus reáchtáil Acadamh Nuálaíochta UCD an clár tionscnamh Réalta Gnólachta Nua-thionscanta UCD i gcomhpháirtíocht le NovaUCD.

I rith na bliana ghlac 24 oideoir ghairmiúil páirt sa Teastas agus Dioplóma Gairmiúil d'Oideoirí Fiontraíocha. Tá an cúrsa seo deartha do mhúinteoirí dara leibhéal, léachtóirí tríú leibhéal agus oiliúnóirí gairmiúla agus tá mar aidhm leis rannpháirtithe a chumasú leis na scileanna agus na modheolaíochtaí chun smaointeoireacht fhiontraíoch a thabhairt isteach ina seomraí ranga.

Rinne an tOllamh Suzi Jarvis, Stiúrthóir bunaidh, Acadamh Nuálaíochta UCD, agus an Dr Colman Farrell, Stiúrthóir Feidhmeach, Acadamh Nuálaíochta UCD, cur i láthair ar Mheonta Fiontraíocha agus Cruthaitheacha a Chumasú ag an gcomhdháil aon lae ar *Chuir Chuige Chliste i leith Optamú Cáilíochta a Roinnt*, á heagrú ag Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann.

D'óstáil Acadamh Nuálaíochta UCD Ceardlann Taighdeora Luathghairme Universitas 21 ar Nuálaíocht agus Fiontraíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag UCD, agus ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag an gCé Adhmaid.

# **Coláiste** na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta

*Mic léinn Tréidliachta a d'fhreastail ar 10ú Comhdháil Bhliantúil Ospidéal Tréidliachta UCD a seoladh i mí Iúil i Halla Uí Raghallaigh.*



**Ceann an Choláiste:**
**An tOllamh**
**Michael Monaghan**

**Tá Coláiste na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD comhdhéanta de dhá scoil:**

**Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Alexander Evans

**Scoil an Leighis Tréidliachta UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Grace Mulcahy

*Amhail Meán Fómhair 2014*

Is maith liom a thuairisc go raibh bliain rathúil eile ag Coláiste na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta agus dul chun cinn substaintiúil á dhéanamh i mbaint amach cuspóirí straitéiseacha an Choláiste. Ar na cuspóirí seo áirítear: aitheantas idirnáisiúnta dá gcláir teagaisc a bhaint amach; taighde a sheachadadh le tionchar don talmhaíocht, tionscal an bhia agus sláinte ainmhí; agus seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar in Ospidéal Oiliúna Tréidliachta UCD.

## Oideachas

Athdhearbhaíonn athchreidiúnú an chláir chéime sa Leigheas Tréidliachta ag Comhairle Chumann Leighis Tréidliachta Mheiriceá ar Oideachas, don uastréimhse seacht mbliana (2014-2021), seasamh domhanda Scoil an Leighis Tréidliachta UCD mar phríomhimreoir in oideachas agus taighde tréidliachta idirnáisiúnta. Tá an scoil ar cheann de dhornán scoileanna Eorpacha a bhain an creidiúnú seo amach. Bhain an scoil rangú domhanda de 40 amach sa chéad bhliain inar chuir rangú ábhair QS an Eolaíocht Tréidliachta san áireamh.

Sheol Scoil an Leighis Tréidliachta UCD dhá chlár múinte iarchéime. Cuireann an Teastas Iarchéime nua i Leigheas Ainmhithe Beaga ar chumas cleachtóirí tréidliachta a scileanna agus a n-inniúlachtaí ghairmiúla sa réimse seo a fheabhsú. Cuireann an Teastas Gairmiúil ar Úsáid Thurgnamhach Ainmhithe, Rialacháin agus Nósanna Imeachta (TEARAP) oiliúint dheimhnithe riachtanach ar fáil do thaighdeoirí ó UCD agus ó institiúidí eile, mar a éilítear faoi reachtaíocht na hÉireann agus an AE. Rinne an Royal College of Veterinary Surgeons (RCVS) sa Ríocht Aontaithe creidiúnú ar dhá chlár múinte iarchéime bunaithe i sláinte tréada ba bainne agus míochaine spóirt eachaí mar gur chomhlíon siad na riachtanais d'ardstádas chleachtóra. Bailíochtaíonn sé seo cur chuige straitéiseach na Scoile i gcláir a chur ar fáil do ghairmithe tréidliachta gníomhacha, agus an Eoraip ag gluaiseacht i dtreo aitheantas a thabhairt do shraith lárnach ardchleachtóirí, anuas ar speisialtóirí seanbhunaithe.

Leanann an t-éileamh ar chéimithe Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe go láidir i measc fostóirí mar a léirítear i líon mór taispeántóirí ag Lá Gairme Cothaithe Daonna, Eolaíocht an Chothaithe agus Talmhaíochta UCD. D'oscail an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney TD, an t-imeacht bliantúil seo, eagraithe ag mic léinn, do mhic léinn, agus labhair sé leis an 298 mac léinn fochéime ina mbliain dheireanach.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Bliain an-mhaith eile a bhí ann don taighde sa Choláiste. Ar na buaicphointí áirítear dámhadh deontas comhdhlúthóir na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) don Ollamh Lorraine



*Osclaíonn an tAire Coveney Lá Gairme Cothaithe Daonna, Eolaíocht an Bhia agus Talmhaíochta UCD a bhí dírithe ar fhostaíocht. Sa phictiúr (clé-deas): An tOllamh Alex Evans, Déan, Scoil Talmhaíochta agus Eolaíochta Bia UCD; an tAire Talmhaíochta, Bua agus Mara agus Cosanta, Simon Coveney TD; agus Rebecca O'Sullivan, Cathaoirleach, an Coiste Gairmréimeanna Eolaíochta Talmhaíochta.*

Brennan, chun taighde a dhéanamh ar fhorbairt uirlisí taighde cothaithe nua. Bronnadh maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar na hOllúna John O'Doherty agus Torres Sweeney, do thionscadal a aithneoidh roghanna ar antaibheathaigh a úsáidtear sa mhíochaine daonna agus tréidliachta. Fuair an tOllamh David Brayden maoiniú mar chomh-imscrúdaitheoir d'Ionad SFI 'CURAM' a bhfuil fearais liachta chliste á bhforbairt acu. Leanann taighde vacsaíne ina mhórthéama taighde le maoiniú SFI agus Horizon AE 2020 do na hOllúna Stephen Gordon (eitinn in ainmhithe) agus Grace Mulcahy (seadáin ainmhithe).

Shínigh Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD dhá mhór-chomhaontú taighde i gcomhar. An chéad cheann i gcomhar le Richard Keenan & Co. Teo., agus Acadamh Eolaíochtaí Talmhaíochta na Síne, chun Ionad Teicneolaíochta agus Eolaíocht Déiríochta na hÉireann-na Síne a fhoirmiú. Tá sé d'aidhm ag an gcomhaontú trípháirteach éifeachtacht bheathaithe, sláinte ainmhí agus tionchar comhshaoil laghdaithe na feirmeoireachta déiríochta a fheabhsú.

Bhain an dara ceann le hOllscoil California, Davis (UC Davis),chun naisc chultúrtha, nuálaíochta, taighde agus oideachais a fhorbairt tuilleadh idir an dá institiúid. Tógann an comhaontú ar naisc bhunaithe, go háirithe i réimsí na talmhaíochta, bia agus sláinte, ina dtreoraíonn siad araon go hidirnáisiúnta. Tá Scoil an Leighis Tréidliachta UCD i mbun comhpháirtíochta freisin le UC Davis i réimse One Health.

Tugadh aitheantas don Dr Emmeline Hill trí Dhámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2014 don rathúlacht domhanda agus tionchar atá bainte ag Equinome i dtionscal capall rása folaíochta ilbhilliún euro. Chomhbhunaigh an Dr Hill Equinome, mac-chuideachta UCD, in 2009 i gcomhpháirtíocht le Jim Bolger, an traenálaí agus póraitheoir cáiliúil Éireannach.

*Déanann UCD agus Keenan comhoibriú le hAcadamh Eolaíochtaí Talmhaíochta na Síne chun Lárionad Eolaíochta agus Teicneolaíochta Déiríochta na Síne-na hÉireann a bhunú. Sa phictiúr (clé-deas) le linn an tsearmanais síniúcháin i mBéising: Gerard Keenan, Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Richard Keenan and Co. Ltd; an tOllamh Li Ming, Stiúrthóir Institiúid na nEolaíochtaí Ainmhí; agus an tOllamh Alex Evans, Déan Scoil talmhaíochta agus Eolaíochta Bia UCD. Sa phictiúr freisin: Ambasadóir na hÉireann chun na Síne, A.S. Paul Kavanagh; an tAire Talmhaíochta, Bia, Mara agus Cosanta, Simon Coveney TD; Aire Talmhaíochta Dhaon-Phoblacht na Síne, Han Changfu; Ard-Stiúrthóir na Roinne Fearachta Ainmhí, Wang Zhongli; agus Ard-Stiúrthóir an Chomhair Idirnáisiúnta sa Roinn Talmhaíochta, Wang Ying.*



*Oibríonn Ospidéal Tréidliachta UCD ciste leasa chun cabhrú leo sin nach féidir íoc as cóireáil dá n-ainmhithe. Sa phictiúr (sa lár): Amanda Lawlor, Scoil na Tréidliachta, UCD, agus na cistí a bhailigh sí don chiste leasa á mbronnadh aici (ar chlé) ar Bernadette Rafter, Stiúrthóir Tráchtála, Ospidéal Tréidliachta UCD, agus (ar dheis) ar an Dr Rory Breathnach, Stiúrthóir Cliniciúil, Ospidéal Tréidliachta UCD.*




## Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht

Chuaigh an Áis Oideachais agus Taighde Déiríochta nua ag Feirm Lyons i mbun oibre i Márta 2015, agus tá sé aitheanta mar ghníomhaí nua tábhachtach i dtionscal déiríochta na hÉireann.

Leanann Teagasc de bheith ina chomhpháirtí taighde tábhachtach don Choláiste, le dámhadh naoi gComhaltacht Iarchéime nua eile le cur leis an 125 Comhalta atá ann cheana, maoinithe faoi Chlár Comhaltachta Walsh. Oibreoidh na Comhaltaí nua thar raon réimsí i dtáirgeadh muc, mairteola agus déiríochta, athrú aeráide agus ar rannpháirtíocht feirmeoirí déiríochta le sláinte agus sábháilteacht ar an bhfeirm.

Chuir UCD agus Teagasc, i gcomhar leis an gCumann Eolaíochta Talmhaíochta (ASA), *Advances in Knowledge and Technologies for Agriculture* i láthair i Meitheamh 2015. Chuir an chomhdháil seo béim ar theicneolaíochtaí nua ábhartha atá á bhforbairt ag Teagasc agus UCD, atá tar éis, nó atá ar tí sochair feirmeoirí agus an tionscail a dhéanamh.

D'oscail Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, Cruinniú Mullaigh Daonnúil na hÉireann i Halla Uí Raghallaigh UCD, a comh-óstáladh ag Rialtas na hÉireann agus Ionad do Ghníomh Daonnúil UCD, lonnaithe laistigh de Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD. Thug an cruinniú mullaigh baill den phobal NGO Éireannach agus idirnáisiúnta le chéile, an saol acadúil, an earnáil phríobháideach, na NA, agus rialtas na hÉireann chun moltaí a phlé a bhí le dul go dtí an Cruinniú Mullaigh Daonnúil Domhanda níos leithne atá le tionól in Iostanbúl in 2016.

Rinne Scoil an Leighis Tréidliachta UCD roinnt ceapachán Dáimhe Taca foirne ag an Saotharlann Taighde Tréidliachta Lárnach. Fágfaidh ailíniú níos dlúithe idir an dá eagraíocht i dtaighde tréidliachta go mbeidh iomaíochas feabhsaithe do mhaoiniú sa todhchaí.



*Sa phictiúr (clé-deas): An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir, Teagasc; Michael Berkery, Cathaoirleach na Comhpháirtíochta Náisiúnta Taighde, Oideachais agus Nuálaíochta Talmhaíochta; Bill Callanan, Comhairle ASA; agus an tOllamh Alex Evans, Déan Scoil Talmhaíochta agus Eolaíochta Bia UCD, ag comhdháil Advances in Knowledge and Technologies for Agriculture i gcomhar le Teagasc, le UCD, agus leis an gCumann Eolaíochta Talmhaíochta (ASA).*




*Toscairí as Meiriceá ag Scoil Samhraidh 2015 ICRPS, in éineacht le (sa lár): an tOllamh Alex Evans, Déan Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD, Mairead McGuinness MEP agus an Dr James Breen agus an Dr Karen Keaveney, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD.*

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **1,790**

Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) **556**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **2,346**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam Taighde

**€15,000,000**

Chuir Ospidéal Tréidliachta UCD seirbhísí atreoraithe a bhí ag éirí níos sofaisticiúla ar fáil don phobal agus do chleachtóirí tréidliachta. Lean a líon cásanna ag fás sa bhliain atá caite agus mheall *10ú Comhdháil Bhliantúil an Ospidéil Tréidliachta* freastal níos mó ná riamh.

Is toradh ar obair chrua na dáimhe agus foirne gairmiúla sa dá scoil na gnóthachtálacha seo go léir. De thoradh athstruchtúrú riaracháin na hOllscoile, rachaidh Coláiste na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta i bpáirt le Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD i Meán Fómhair 2015 chun Coláiste nua na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta UCD a chruthú. An tOllamh Cecily Kelleher a bheidh i gceannas ar an gColáiste nua. Guím rath leantach orthu sna blianta romhainn.



An tOllamh Michael Monaghan
Ceann an Choláiste

*Ábhar taispeántais Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD ag Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2014 in Ratheniska, Contae Laoise, ar fhreastail níos mó na 280,000 air.*



# **Coláiste** na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh **UCD**



Cuairt ar an mBailiúchán Náisiúnta Béaloidis in UCD (clé-deas): An tOllamh Ríonach Uí Ógáin, Stiúrthóir, an Bailiúchán Náisiúnta Béaloidis, agus Micheál D. Ó hUiginn, Uachtarán na hÉireann. D'fhéach an tUachtarán ar ábhair a bhí bailithe ag scoláirí, i nGaeilge agus i mBéarla, ar ábhar é a bhaineann le tréimhse chomh fada siar le blianta na 1900-idí.



**Ceann an Choláiste: An tOllamh Maeve Conrick**

Leas-Cheann: An tOllamh Tadhg O'Keeffe

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe: An Dr Alexander Wilkinson

Leas-Cheann do Theagaisc agus d'Fhoghlaim: An tUasal Feargal Murphy

Leas-Cheann do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar: An Dr Porscha Fermanis

Déan na nEalaíon: An tOllamh Muiris Ó Súilleabháin

Bhí bliain an-rathúil ag Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD, le hiliomad forbairtí, gnóthachtálacha agus tionscadail ag teacht chun críche thar ár ngníomhaíochtaí go léir sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí. Ar iliomad buaicphointí na bliana bhí aontú Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, bheith ina Phatrún ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Thug an tUachtarán Higgins cuairt ar UCD i Márta, áit ar bhreathnaigh sé ar roinnt den ábhar a bhailigh scoláirí i nGaeilge agus i mBéarla, ag dul siar go dtí na luath 1900idí.

Seoladh Clár Ceannaireachta Aurora do Mhná, i gcomhar le Fondúireacht Cheannaireachta (na RA) mar chlár píolótach ag Oiliúint agus Forbairt HR UCD, leis an Ollamh Maeve Conrick, Ceann an Choláiste, mar Sheaimpín Aurora UMT. Bhain cúig bhall dáimhe agus foirne déag tairbhe as na modhanna éagsúla rannpháirtíochta a tairgeadh i rith na bliana, lena n-áirítear ceardlann lae iomláin agus seisiúin le meantóirí aonair ó gach cearn de UCD a chuir tacaíocht ar fáil do rannpháirtithe. Chruthaigh athbhreithnithe ar an gclár an-rathúil agus mar gheall air seo shocraigh an Ollscoil leanúint leis an gclár arís don bhliain atá romhainn.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Ar bhuaicphointe eile na bliana bhí cur síos cúig imleabhar údarásach agus lán léaráidí den *Ealaíon agus Ailtireacht in Éirinn, ó na Meán-Aoiseanna luath go dtí deireadh na fichiú haoise*, d'Acadamh Ríoga Éireann agus d'Ionad Paul Mellon, foilsithe ag Yale University Press. Is smaoineamh bunaidh de chuid an Dr Nicola Figgis agus an Ollaimh Paula Murphy, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD, a spreag an tionscadal agus rinneadar eagarthóireacht freisin ar chuid de na himleabhair agus chuireadar leo. Agus an foilseachán á sheoladh, seo mar ar labhair an Taoiseach Enda Kenny TD, *"a treasure trove that showcases our artistic heritage like never before and is a fitting celebration of our extraordinary, but often unrecognised, visual culture - in painting, in sculpture and in the ultimate social art, architecture"*.

Chuir an Coláiste, i gcomhar leis an Ollscoil, agus leis an bpobal náisiúnta agus domhanda, le cláir Dheich mBliana de Chomóradh an Chéid thar raon gníomhaíochtaí. Áirítear orthu seo: foilseacháin mar *A nation and not a rabble: the Irish Revolution, 1913-1923* (leis an údar an tOllamh Diarmaid Ferriter), agus *Handbook of the Irish Revival* (á chur in eagar ag Declan Kiberd agus PJ Mathews); comhdhálacha, mar *Universities in Revolution and State Formation; seimineáir, mar Global Yeats: UCD Yeats 2015 Commemoration*; agus léiriú de *Desolation* ag Scoláirí Córúla UCD. Táimid ag súil leanúint lenár rannchuidiú don chlár todhchaí le himeachtaí pleanáilte mar shraith léachtaí 1916 as a *Global Event* agus comhdháil agus taispeántas *Revolution: Results and Reappraisal*.

Bhain an Dr Éilís Ní Dhuibhne, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD Dámhachtain Irish PEN 2015 do Rannchuidiú den Scoth do Litríocht na hÉireann. Tugann an dámhachtain seo, a bunaíodh i 1998, ómós do scríbhneoir Éireannach a bhfuil rannchuidiú den

scoth déanta aici do Litríocht na hÉireann trí bhailiúchán suntasach saothair, scríofa agus curtha ar fáil thar roinnt blianta.

Ar na comhdhálacha iomadúla a d'óstáil an Coláiste bhí *Bridging Divides: Art & Design in Canada*, a d'eagraigh Cathaoir Craig Dobbin an Léinn Cheanadaigh, an tOllamh Brian Foss i mí Bealtaine, i gcomhar le Cumann an Léinn Cheanadaigh in Éirinn, a bhfuil an tOllamh Michael Brophy, Scoil na dTeangacha agus na Litríochtaí UCD, ina Uachtarán air. Ar ghníomhaíochtaí sa réimse seo bhí seoladh bunachar sonraí daoine a rugadh in Éirinn agus a d'fhón le fórsaí na hAstráile sa Chéad Chogadh Domhanda, ag an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan TD. Rinneadh an tionscadal, faoi stiúir an Ollaimh Jeff Kildea, iarChathaoir Keith Cameron i Stair na hAstráile, i gcomhar le hOllscoil New South Wales, san Astráil.

Meallann an Coláiste maoiniú suntasach i gcónaí ón gComhairle um Thaighde in Éirinn, rud a leagan béim ar cháilíocht a dtaighde agus a chuireann ar ár gcumas leanúint orainn ag forbairt taighdeoirí den scoth don todhchaí. Leanann ár dtaighde ag mealladh tacaíocht mhaoinithe ó raon foinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar Wellcome Trust, Fondúireacht Gerda Henkel, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, Fiontraíocht Éireann, Roinn an Taoisigh, agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

D'fheidhmigh mic léinn an Choláiste go sármhaith i mbliana, agus d'éirigh go hiontach leo i gcomórtais idirnáisiúnta mar Dámhachtain Chéad Leabhair an Guardian, a bhain Colin Barrett, céimí den MA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach in 2014, dá bhailiúchán, *Young Skins*. Bhain Colin Gradam Cuimhneacháin Caroline Walsh chomh maith, á urrú ag *The Irish Times* chun tacú le mac léinn den Mháistreacht sna Mínealaíona ag UCD.

Fuair Noel Woods, iarrthóir MA sa NuaGhaeilge ag Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD, Dámhachtain Mhúinteora Cúnta Fulbright i dTeanga Iasachta, agus tá sé le aghaidh a thabhairt ar Ollscoil Notre Dame, Indiana. Bhí an gradam seo ar cheann den sé dhámhachtain a bhain UCD i mbliana.

Lean Scoileanna ag aimsiú bealaí nua chun tacú le scoláirí náisiúnta agus idirnáisiúnta d'ardchaighdeán: mar shampla, tús á chur le Scoláireacht Iarchéime Chuimhneacháin Gus Martin i Litríocht agus Drámaíocht Angla-Éireannacha do mhac léinn óna Stáit Aontaithe, a d'fhógair an tUachtarán Deeks agus é ar cuairt chuig na SA in Aibreán 2015.

## Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht

Is mol gníomhaíochta ealaíonta agus cultúrtha é an Coláiste, agus naisc líonmhara aige le comhlachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuireann an ealaín de shaghas ar bith chun cinn, ón drámaíocht go scannánaíocht agus ceol. Tháinig Dominic Thorpe chun a bheith ina chéad Ealaíontóir Cónaí na nDaonnachtaí UCD. Is sampla í Rosaleen Linehan, a fuair Gradam Alumni na Fondúireachta UCD 2014, de chéimí BA a chuaigh ar aghaidh le hardghradam a bhaint amach san amharclann.



*Rinneadh an t-údar, Anne Enright, a ghnóthaigh Duais Booker, a ainmniú mar chraobh-údar tionscnaimh i réimse Fhicsean na hÉireann. Tá an ról trí bliana ina thionscnamh nua atá forbartha ag an gComhairle Ealaíon, le tacaíocht ó UCD, ó Ollscoil Nua-Eabhrac agus ón Irish Times. Sa ghrianghraf, feictear an t-údar in éineacht le James Ryan, stiúrthóir na gclár scríbhneoireachta cruthaithí, Scoil Béarla, Drámaíochta agus Scannánaíochta UCD.*

**Tá Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD comhdhéanta d'ocht scoil:**

**Scoil na Seandálaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Gabriel Cooney

**Scoil Stair na hEalaíne agus Pholasaí Chultúrtha UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Lynda Mulvin

**Scoil na gClasaicí UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Theresa Urbainczyk

**Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Anne Fogarty

**Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Tadhg Ó hAnnracháin

**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Máire Ní Annracháin

**Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Georg Grote

**Scoil an Cheoil UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Jamie Jones

*Amhail Meán Fómhair 2014*



*Rannpháirtithe i gClár Forbartha Ceannaireachta Aurora (ón lár clé) le linn sheoladh oifigiúil an chláir in éineacht le hUachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, agus leis an Ollamh Maeve Conrick, Príomhoifigeach, Coláiste Ealaíon agus Staidéar Ceilteach UCD, an príomhurraitheoir.*

Ainmníodh Anne Enright, an t-údar a bhain gradam Booker, mar Chraobh-Údar tionscnaimh d'Fhicsean na hÉireann in Eanáir. Is tionscnamh é an ról trí bliana seo a d'fhorbair an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht le UCD, Ollscoil Nua Eabhrac, agus *The Irish Times*. I rith a téarma trí bliana múinfidh an Chraobh-Údar scríbhneoireacht chruthaitheach do mhic léinn ag UCD.

Lean baill den Choláiste ag rannchuidiú leis an saol poiblí in Éirinn trína mballraíocht i bpríomhchomhlachtaí náisiúnta mar an tÚdarás um Ard-Oideachas (an tOllamh Maeve Conrick, Ceann an Choláiste) agus Bord RTÉ (an Dr PJ Mathews, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD).

## Forbairtí sa Choláiste

Ba mhórthionscnamh forbartha caipitil i mbliana é fógra an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, faoi dheontas €2.5 milliún ó Chlár Caipitil Fáilte Ireland le haghaidh maoiniú Ionaid Ulysses. Seo í forbairt bheartaithe €10 milliún UCD d'ionad litríochta idirnáisiúnta i dTeach Newman ar Fhaiche Stiabhna i mBaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht leis an Leabharlann Náisiúnta. Is í an tOllamh Margaret Kelleher, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, an treoraí acadúil ar an tionscnamh a meastar a thabharfar chun críche faoi dheireadh 2017.

Dhírigh an Coláiste agus a Scoileanna ar phleananna straitéiseacha a fhorbairt, ag teacht le timthriall pleanála straitéisí na hOllscoile 2015-2020,agus




*D'fhéach toscairí ag an Naoú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Sheandálaíocht Thrialach (EAC9) a d'eagraigh Scoil Seandálaíochta UCD ar thaispeántas adhainte potaireachta le linn cuairt a thabhairt ar Lárionad Seandálaíochta agus Teicneolaíochta Ársa UCD atá suite ar champas UCD.*





*An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan TD, agus é ag labhairt in UCD le linn sheoladh Bhunachar Sonraí na Anzacs Éireannacha, is é sin le rá, daoine a rugadh in Éirinn agus a d'fhóin mar bhaill d'fhórsaí na hAstráile sa Chéad Chogadh Domhanda. Rinneadh an tionscadal seo, a bhí faoi stiúradh an Ollaimh Jeff Kildea, Ollamh Keith Cameron le Stair na hAstráile 2014, a chur i gcrích i gcomhair le hollscoil New South Wales san Astráil.*

thosaigh ar chur i bhfeidhm pleananna chun: tógáil ar ár bpríomhláidreachtaí i dtaighde agus i gcáil; ár gcláir ardchaighdeáin a leathnú go domhanda; aird a tharraingt ar ghnóthachtálacha mac léinn agus alumni; caidreamh a dhéanamh leis an bpobal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta leis an aidhm ár ndisciplíní a threisiú agus leanúint orainn ag forbairt áiseanna den scoth.

An tOllamh Maeve Conrick
Ceann an Choláiste




*Trí imleabhar den saothar cúig imleabhar, Art and Architecture of Ireland, a d'fhoilsigh Yale University Press. Tá an tionscadal seo a chlúdaíonn 1600 bliain d'ealaín agus d'ailtireacht in Éirinn bunaithe ar smaoineamh bunúil de chuid an Dr Nicola Figgis agus an Ollaimh Paula Murphy, Scoil Staire Ealaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD, a chuir cuid de na heagráin in eagar agus a chuir ábhar ar fáil do chuid díobh.*

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **2,698**



Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) **516**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **3,214**

## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **18**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam Taighde

**€2,100,000**

# Coláiste Gnó agus Dlí UCD





(Clé-deas) Le linn ghradaim 'Alumni na Bliana' Scoil Ghnó UCD: An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Ceann an Choláiste, Coláiste Gnó agus Dlí UCD; Jim Gannon, mac léinn na bliana i Scoil Céimithe Gnó Michael Smurfit UCD; Breege O'Donoghue (BComm '72), alumnus na bliana i Scoil Ghnó Lochlann Quinn UCD; Mark Byrne, mac léinn na bliana i Scoil Lochlann Quinn UCD; agus Gordon Hardie (MBA '94), alumnus na bliana i Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit UCD.



**An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh**
**Ceann an Choláiste**

**Tá Coláiste an Ghnó agus an Dlí UCD comhdhéanta de dhá scoil:**

**An Scoil Ghnó UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

**An Scoil Dlí UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Joseph McMahon

*Amhail Meán Fómhair 2014*

Ba bhliain mhór cuspóirí eile é 2014/15 do Choláiste Gnó agus Dlí UCD, a thóg ar an mbonn láidir a bhí ann cheana. Leanadh le feidhmiú straitéis an Choláiste chun tacú le straitéis fhoriomlán na hOllscoile.

## Forbairt an Choláiste

Agus sinn ár dtreorú ag tiomantas do thaighde, nuálaíocht agus tionchar, is é ár gcuspóir athshamhlú a dhéanamh ar oideachas gnó, eispéiris foghlama bhunathraithe á gcur ar fáil. Déanaimid iarracht, ar fud ár bpunainne de chláir fhochéime, iarchéime, fheidhmeacha agus idirnáisiúnta, oideachas a chur ar dhaoine aonair machnamhacha, gafa agus oilte a bhfuil tuiscint acu ar a gcumas agus ar a bhfreagracht i ndomhan casta domhandaithe. Oibrímid chun dúshlán ceannairí an lae inniu agus na todhchaí a thabhairt, agus iad a chumasú chun an léargas, an saineolas agus an spreagadh a theastaíonn chun tionchar a bheith acu ar a réimsí, a fhorbairt.

Léirigh Scoil Dlí Sutherland UCD agus Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD araon méadú an-mhór ar an éileamh do chláir fhochéimithe. Is teist an toradh seo orthu sin go léir a chuidíonn chun go mbeadh an t-eispéireas fochéime lánbhrí agus fiúntach. Mar gheall ar an éileamh ard seo bhí méadú suntasach ar na pointí CAO a dháiltear do gach clár fochéime, béim á cur ar cháilíocht ár n-iontógail mac léinn. Chruthaigh cláir idirdhisciplíne mar an Ghnó agus Dlí (BBL) agus an déchéim Dlí/Maitrise (BCL) go maith i gcónaí, iad á líonadh ar an gcéad bhabhta. Táimid tar éis ár n-aimsiú idirnáisiúnta a leathnú tuilleadh: ón iasacht a tháinig beagnach 50% de na mic léinn a ligeadh isteach chuig Scoil Chéimithe Ghnó Michal Smurfit UCD, ionadaíocht ag breis agus 50 tír sa Scoil anois.

Agus ár dtiomantas do choincheap na foghlama leanúnaí, ar feadh an tsaoil á choinneáil, lean Forbairt Fheidhmeach Smurfit UCD ag déanamh dul chun cinn seasta, forbairtí nua á bhfógairt ina phunann mhéadaitheach de chláir rollaithe oscailte, máistir-ranganna agus cláir shaincheaptha cliant.

Lean ár gcláir thar lear ag forbairt tríd an Ionad um Chianfhoghlaim (CDL), breis agus 4,000 mac léinn ag staidéar ar chláir fhochéime agus céime ag campais i Hong Kong, Singeapór, agus Sri Lanca.

Lean Coláiste an Ghnó agus an Dlí UCD air ag mealladh na mac léinn áitiúla agus idirnáisiúnta is fearr. Ár n-acmhainní is tábhachtaí: ár mic léinn agus an fhoireann reatha is cúis leis an rathúlacht seo. Chuir ceapacháin dáimhe nua do phríomhréimsí ábhar ar ár gcumas cláir nua agus idirdhisciplíne a thairiscint, ár gcumais taighde a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna domhanda. Léirítear ardchaighdeáin ár bhfoirne agus ár mac léinn inár gcreidiúnaithe agus ár rangú.




*(Clé-deas) Le linn Dhinnéar Sochair Nua-Eabhrac do Scoil Ghnó UCD: An tOllamh Damien McLoughlin, Scoil Ghnó UCD; Shaun Kelly, Cathaoirleach Bhord comhairleach Scoil Ghnó Mheiriceá Thuaidh; Brian O'Byrne, alumnus de chuid Scoil Ghnó UCD; Emer Gilvarry, Bord Comhairleach Scoil Ghnó na hÉireann; Paul Haran, iar-Chathaoirleach Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit UCD; agus Tony Condon, Scoil Ghnó UCD.*

## Creidiúnú agus Rangú

Den chéad uair i stair na Scoile, rangaíodh Scoil Dlí Sutherland UCD mar phríomhScoil Dlí na hÉireann, de réir Rangú Ollscoile Domhanda QS. Léiríonn an rangú don dlí go bhfuil an comhscór is airde ag an Scoil d'aon scoil dlí ollscoile Éireannach do cháil acadúil, cáil fostóra, luanna in aghaidh an pháipéir agus luanna innéacs-H, agus is teist í ar ardmhianach an aschuir thaighde ag dámh an dlí. Cuireann an rangú Scoil Dlí Sutherland UCD i measc an 100 scoil dlí is fearr ar domhan.

Tá an Scoil Ghnó UCD ar cheann de scothghrúpa scoileanna ar fud an domhain a bhfuil 'An Choróin Thriarach' de chreidiúnuithe acu: AACSB (Cumann le Scoileanna Gnó Coláisteacha a Chur Chun Cinn); EQUIS (Córas Feabhsú Cáilíochta Eorpach); agus AMBA (Cumann na MBA-anna). Sinne freisin an t-aon bhall Éireannach de chomhaontais phríomhscoileanna gnó, CEMS (Comhaontas Domhanda in Oideachas Bainistíochta) agus GNAM (Líonra Domhanda d'Ardbhainistíocht). Táimid tiomanta i gcónaí do na Prionsabail d'Oideachas Bainistíochta Freagrach (PRME) agus chuireamar isteach tuairisc PRME na Scoile *Roinnt Faisnéise ar Dhul Chun Cinn* do 2013-2015 thar míonna an tsamhraidh. Tá cáil iontach againn mar an chéad scoil ghnó Éireannach a bhfuil a gcéimeanna rangaithe go hidirnáisiúnta i measc an 100 is airde, ag an dá fhoilseachán rangaithe is mó a bhfuil meas orthu: an *Financial Times* agus an iris *The Economist*.

Tugann na creidiúnuithe idirnáisiúnta, na comhaontais agus ballraíochtaí comhartha cáilíochta do mhic léinn agus treisíonn siad ár dtiomantas chun Scoil Ghnó UCD a shuíomh agus a thagarmharcáil in aghaidh an dream is fearr go hidirnáisiúnta.

## Infheistiú d'eispéireas mac léinn den scoth

Tá an bealach ina gcónaímid, ina n-oibrímid agus ina bhfoghlaimímid ag athrú agus, i rith tréimhse na Tuarascála, leag an Scoil Ghnó UCD amach ár n-uaillmhianta chun ár n-iarrachtaí foghlama agus teagaisc ar nuálaíocht agus rannpháirtíocht mac léinn a athdhíriú ó bhonn, agus tús a chur le próiseas athshamhlaithe todhchaí an oideachais ghnó. Chun tacú leis an bplean seo, chuamar i mbun feachtais tiomsaithe airgid speisialta le Fondúireacht UCD, ag gabháil d'infheistíocht a chuirfidh athrú bunúsach ar fhoghlaim bhunathraithe agus eispéireas mac léinn. Tá céim a haon den tionscadal seo faoi lán seoil le comhrá inmheánach agus plé pháirtithe leasmhara faoin áit ina bhfuil oideachas gnó agus cé bhfuil a thriall.

## Taighde

Leanann an Scoil Ghnó UCD ag baint barr feabhais amach in aschuir taighde lena n-áirítear foilsiú ibpríomhirisí idirnáisiúnta, monagraif taighde, dualgais léirmheastóra agus eagarthóireachta ag príomhirisí acadúla, eagrú comhdhálacha, scríobh cás-staidéir, maoirseoireacht PhD agus scrúdúchán seachtrach, agus naisc thaighde idirnáisiúnta.



*Bhí grúpa mac léinn de chuid UCD, agus Aoife Buckley, mac léinn MsC sa Chomhairleacht Bhainistíochta i Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit, i gceannas air mar ionadaithe d'Éirinn ag craobh cheannais Chorn Domhain Enactus 2014 sa tSín i mí Dheireadh Fómhair. Fuair an fhoireann an bua ar iomaitheoirí diana as 35 thír eile chun ionad a fháil i measc na gceithre fhoireann deiridh sa chomórtas. Fuair an fhoireann ionad sa chraobh cheannais tar éis Comórtas Náisiúnta Enactus na hÉireann 2014 a ghnóthú mar thoradh ar a dtionscadal fiontraíochta sóisialta dar teideal 'Generation Accommodation' a chuir mic léinn nach féidir leo cíos a íoc i dteagmháil le daoine scothaosta atá ina gcónaí ina n-aonar. Sa phictiúr (clé-deas): Constantin Lenk, Stephanie O'Malley, Aoife Buckley, Andrea Harvey, Roisin Lee, Patricia Kastner, Eimear O'Donnell agus Cian O'Sullivan.*




*(Clé-deas) Le linn Fhóram Domhanda 'One Youth World' a seoladh i mí Dheireadh Fómhair i gcomhar le Scoil Ghnó UCD, feictear daoine d'fhoireann na Scoile Gnó: An Dr Colm McLaughlin, an Dr Maeve Houlihan, an Dr Bruce Martin, agus an tOllamh Andy Prothero.*

D'éirigh le baill den Scoil Ghnó UCD maoiniú taighde suntasach a fháil i mbliana. Go suntasach, d'fhág dámhachtainí maoinithe nua go raibh ár dtaighdeoirí ag iarraidh comhoibriú le disciplíní eile, mar shampla, cúram sláinte, le Comhaltacht Marie Curie an Ollamh Susi Geiger, agus bogearraí, le mórhdámhachtain LERO (Ionad Taighde Bogearraí na hÉireann) an Ollaimh Michael O'Neill ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Bronnadh maoiniú ar an Dr Suzanne Kingston, Scoil Dlí Sutherland UCD faoi scéim Deontais Tosaigh na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC), nár bronnadh ach péire díobh ar fud institiúidí Éireannacha faoi phainéal na nEolaíochtaí Sóisialta agus na nDaonnachtaí. Fiosróidh tionscadal an Dr Kingston, dar teideal *Tionchar Rialacha 'Rialachais Chomhshaoil Nua' ar Chomhlíonadh Comhshaoil*, an chaoi a dtéann rialacha rialachais i gcionn ar ár gcinntí comhlíonta comhshaoil, agus an chaoi a bhféadfaimis iad a dhearadh chun comhlíonadh a fheabhsú.

## Rannpháirtíocht na Sochaí

Bhí áthas orainn an Chomhaltacht Teagaisc dar teideal Déanta go Mórtasach san Afraic (PMiA) a óstáil agus gabhaimid buíochas le Siobhan McGee, a d'oibrigh go dlúth lenár ndámh agus ár mic léinn. Tá an Chomhaltacht PMiA ag teacht lenár straitéis chun céimithe a fhorbairt sa domhan agus don domhan; agus déanann sí iarracht bonn eolais níos fearr a chur faoi léargas mac léinn gnó ar an Afraic mar áit le gnó a dhéanamh ann.

Toghadh an Dr Oonagh Breen, Scoil Dlí Sutherland UCD ar Bhord Stiúrthóirí an Chumainn Idirnáisiúnta do Thaighde Tríú hEarnáil (ISTR). Is comhlachas ballraíochta domhanda an cumann seo de scoláirí, taighdeoirí, agus cleachtóirí leis an sprioc iad a choinneáil taobh le taobh le hathruithe agus iad a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i bplé ar chúrsaí bainteach le sochaí sibhialta,

*(Clé-deas) Le linn Shraith Chainteoirí Mheicsiceo-na hÉireann, i mBealtaine 2015, is é sin, ócáid chomhoibritheach idir Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit UCD agus Institiúid Uile-Mheiriceánach Ghnó Mheicsiceo (IPADE): An Dr Pedro Aspe Armella; an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Ceann Coláiste, Coláiste Gnó agus Dlí UCD; agus Ambasadóir Mheicsiceo, A.S. Carlos García de Alba.*





*Sa phictiúr (clé-deas) ag Léacht Tionscnaimh Walsh, i gcuimhne ar an mBreitheamh, an tUas Brian Walsh: An Dr Declan McCourt, Cathaoirleach, Comhairle Forbartha Dlí UCD; an tOnórach Uasal, an Breitheamh Gerard Hogan; agus an tOllamh Joseph McMahon, Déan, Scoil Dlí Sutherland UCD.*



*Sa phictiúr de theacht le chéile BComm 1958/1959/1960 i mí Dheireadh Fómhair (clé-deas) Laurence Crowley; Mícheál Ó Muircheartaigh; an tOllamh Niamh Brennan, Scoil Ghnó UCD; Feargal Quinn; agus an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Ceann an Choláiste, Coláiste Gnó agus Dlí UCD.*

daonchairdeas agus an earnáil neamhbhrabúsach, ar a dtugtar an Tríú hEarnáil (tar éis Rialtas agus Gnó).

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill uile Choláiste an Ghnó agus an Dlí UCD, idir fhoireann agus mhic léinn, ar chinntigh a dtiomantas agus a n-obair chrua sárfheidhmíocht agus cáil fheabhsaithe i rith 2014/2015, agus tá mé ag súil lenár gcuspóirí agus cuspóirí na hOllscoile a chur chun cinn sna blianta atá romhainn.

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh
Ceann an Choláiste

## Ioncam Taighde


**€3,800,000**

## Mic Léinn UCD in Éirinn




**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,089**

## Oibríochtaí Thar Lear




**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,505**

* = Thart ar 100 Duine

# **Coláiste** na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta **UCD**





*Buaiteoirí Bonn Óir Chumann na gCéimithe Innealtóireachta (EGA), UCD. Sa phictiúr (clé-deas), an rae chun tosaigh: Joseph Thompson (Innealtóireacht Mheicniúil), Grace Brennan (máthair an bhuaiteora, Karl Brennan) (Innealtóireacht Cheimiceach), agus Rhona Wade (Innealtóireacht Leictreonach). An rae ar gcúl (clé-deas): Uachtarán EGA, PJ Rudden, Jason Hannon (Innealtóireacht le Gnó), Padraig McDonald (Innealtóireacht Bhithchóras), Éadaoin McLoughlin (Innealtóireacht Leictreach), Mark Gilsenan (Innealtóireacht Sibhialta), Thomas Gallagher (Innealtóireacht Mheicniúil - Duais Tionscadail IMechE), Peter Landy (Innealtóireacht Bhithleighis) agus Ceann Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta, an tOllamh David FitzPatrick.*



**An tOllamh David FitzPatrick Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta**

Déan na hAiltireachta: An tOllamh Hugh Campbell

Déan Comhlach na hAiltireachta: An tUasal Dan Sudhershan

Leas-Cheann do Thaighde agus Nuálaíocht agus Stiúrthóir Scoil na gCéimithe: An tOllamh Tony Fagan

Is maith liom a thuairisc go raibh sárfheidhmíocht ag Coláiste na hAiltireachta UCD le bliain anuas, go háirithe agus na hailtirí Éireannacha Sheila O'Donnell agus John Tuomey ainmnithe mar fhaighteoirí Bonn Óir Ríoga an Royal Institute of British Architects (RIBA) 2015. Is céimithe de chuid na Scoile iad Sheila agus John agus na foirne. Is é an Bonn Óir an gradam ailtireachta is mó a bhfuil ardmheas air sa ghairm a bhronntar ar dhuine nó ar ghrúpa a raibh tionchar suntasach acu 'go díreach nó go hindíreach ar chur chun cinn na hailtireachta'. Tá na hailtirí is mó tionchair agus is mó cáil uile le 160 bliain anuas, ó Frank Lloyd Wright go Frank Gehry, tar éis an gradam seo a fháil.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Chláraigh an Coláiste breis agus €20.6 milliún i ndeontais nua do thréimhse na Tuarascála. I rith na tréimhse seo bronnadh €5 mhilliún i maoiniú, faoi Chlár Ollúnachta Taighde an SFI, ar an Ollamh Robert Bogdan Staszewski, a d'earcaigh Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus na Cumarsáide UCD. Tá clár taighde ceannródaíoch á threorú ag an Ollamh Staszewski chun cumas na hÉireann mar ionad domhanda d'Idirlíon na n-Earraí a mhéadú.

Bronnadh maoiniú bainteach le hionaid náisiúnta nua ar mhórscála ar dhámh an Choláiste freisin. Is comhpháirtithe iad baill Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus na Cumarsáide UCD in Ionad Taighde CONNECT SFI, agus dámhadh breis agus €2 mhilliún orthu i maoiniú ón SFI. Ina dhiaidh sin dámhadh breis agus €1.8 milliún ó Fhiontraíocht Éireann ar bhaill Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais UCD agus Scoil na hInnealtóireachta Meicní agus Ábhar UCD, ar chomhpháirtithe iad san Ionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta nua, ionad taighde comhoibríoch tionscal-acadúil.

Is ionann maoiniú ón gCoimisiún Eorpach thar raon clár agus 39% de na deontais nua a cláraíodh i rith na tréimhse. Áirítear anseo dhá Líonra Oiliúna Nuálaíoch Marie Skłodowska-Curie (ITN), inar bronnadh dámhachtainí ar an Dr Arturo Gonzalez, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúraí agus Comhshaoil UCD, agus ar an Ollamh Michael Gilchrist leis an Dr Aisling Ní Annaigh, Scoil na hInnealtóireachta Meicní agus Ábhar UCD mar chomhordaitheoirí dá ITN faoi seach.

Ina theannta, bronnadh deontas Comhdhlúthóra na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC). Go dtí seo, tá an Coláiste ina óstach ar chúig shealbhóir dámhachtainí, an Dr Madeleine Lowery, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus na Cumarsáide, ar an gceann is deireanaí, do thionscadal dar teideal *Multiscale Modelling of the Neuromuscular System for Closed Loop Deep Brain Stimulation*. I Meán Fómhair, seoladh 'U3D', an mol clódóireachta 3D is mó in Éirinn a thugann seirbhís iomlán, ag leibhéal tráchtála. Ba thoradh é seo ar thaighde maoinithe ag an ERC leis an



*Mac léinn Ailtireachta Scoil Ailtireachta UCD, Ekaterina Tikhoniouk (sa lár), agus í ag fáil ardmholadh i gcatagóir na dTráchtas de chuid Bhoinn Uachtarán RIBA ó Leas-Uachtarán Oideachais RIBA, Roz Barr (ar chlé), agus Uachtarán RIBA, Stephen Hodder (ar dheis) le linn shearmanas bronnta Bhoinn an Uachtaráin i Londain i mí na Nollag 2014. Meastar go bhfuil na boinn seo ar na gradaim is mó dá bhfuil ann ar domhan maidir le hoideachas ailtireachta.*

Ollamh Debra Laefer i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil UCD, a d'fhorbair meicníochtaí chun teicneolaíocht bhraite uathúil, mar scanáil léasair, a uathaistriú chuig samhlacha slána a bheadh oiriúnach do shamhlacha ríomhaireachtúla. Fuarthas amach go bhféadfaí na réitigh chéanna a fheidhmiú maidir le samhlacha clóite 3D.

Bhain OxyMem, mac-chuideachta UCD ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus an Bhithphróisis UCD, comhbhunaithe in 2013 ag an Ollamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron, dhá dhámhachtain ag na Dámhachtainí Maoine Intleachtúla (IP), i nDeireadh Fómhair. Bhain OxyMem, a bhfuil teicneolaíocht cheannródaíoch UCD á thráchtálú acu chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas domhanda do réiteach aeraithe níos éifeachtaí ar fhuinnimh do chóireáil fuíolluisce, an Dámhachtain do Shármhaitheas Foriomlán i Maoin Intleachtúil, maraon le Dámhachtain Teicneolaíochta IP. Dá bharr seo bronnadh Gradam Tionchar Mac-Cuideachta 2015 ar an Ollamh Casey agus ar an Dr Syron ag **Dámhachtainí Tionchair Aistriú Faisnéise Éireann 2015 i Márta.**

Fógraíodh NovoGrid, fiontar nua ag teacht chun inn ó thaighde a rinneadh thar roinnt blianta san Ionad Taighde Leictreachais ag Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus na Cumarsáide UCD, mar bhuaiteoir foriomlán an Chláir um Luathú Seoladh Fiontair Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath 2014. Bronnadh an duais ar na comhthionscnóirí, an Dr Andrew Keane agus an Dr Peter Richardson, mar aitheantas ar fhorbairt chóras rialaithe meabhrach chun cur ar chumas úinéirí feirmeacha gaoithe caillteanas fuinnimh bainteach le haistriú leictreachais go dtí greillí náisiúnta a laghdú, ag cuidiú leo mar seo chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú agus ioncaim a mhéadú.

Leas-Cheann don Teagasc agus don Fhoghlaim: An tOllamh Colm O'Donnell

Leas-Cheann don Idirnáisiúnú: An Dr Mark Richardson

**Tá Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD comhdhéanta de sé scoil:**

**Scoil na hAiltireachta UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Hugh Campbell

**Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Colm O'Donnell

**Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus an Bhithphróisis UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Eoin Casey

**Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Mark Richardson

**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus na Cumarsáide UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Tom Brazil

**Scoil na hInnealtóireachta Meicní agus Ábhar UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Michael Gilchrist

*Amhail Meán Fómhair 2014*



*Buaiteoir Bhonn Óir Ailtireachta Arup an Chumainn Iarchéimithe Ailtireachta (AGA), Sarah Doheny, in éineacht le Anne Lynch a bhí ag feidhmiú thar ceann Uachtarán Chumann Chéimithe Ailtireachta UCD, agus le Fergus Monaghan, Stiúrthóir de chuid Arup.*

*An tOllamh John Tuomey agus Sheila O'Donnell, Scoil Ailtireachta UCD, agus a mBonn Óir RIBA á fháil acu.*



## Teagasc agus Foghlaim

I mbliana, thug Engineers Ireland aitheantas dár sármhaitheas i réimse an oideachais Innealtóireachta: bhain forbairt chláir Innealtóireachta ME Bologna comhlíonadh UCD: Cur le Smaointeoireacht Deartha, Rannpháirtíocht Tionscail agus Idirnáisiúnú, an Gradam 2014 Is Fearr sa Rang. Is é cuspóir an ghradaim seo díriú ar nuálaíocht in oideachas innealtóireachta na hÉireann a léiríonn go soiléir tionchar dáiríre ar an bpobal mac léinn, in éineacht le rannchuidiú iarbhír nó todhchaí don gheilleagar. Dhírigh an fheidhm ar rannchuidiú smaointeoireachta deartha, rannpháirtíocht tionscail agus idirnáisiúnú mar chomhábhair bhreise lárnacha anuas ar fhorbairt saineolais teicniúil.

Chomh maith leis sin dámhadh Cúrsa Iarchéime na Bliana san Innealtóireacht de chuid GradIreland 2015 ar an gclár Máistreachta san Innealtóireacht agus Gnó. Tá an dámhachtain seo, atá urraithe ag an Údarás um Ard-Oideachas, ceaptha chun aitheantas a thabhairt do na soláthróirí iarchéimithe Éireannacha is fearr agus aithníonn scála agus éagsúlacht thionchair an chláir Máistreacht na hInnealtóireachta agus Gnó ar eispéireas na mac léinn agus a rannchuidiú don gheilleagar Éireannach.

Coinníonn gníomhaíocht idirnáisiúnaithe laistigh den Choláiste uirthi ag fás don Ailtireacht agus don Innealtóireacht araon, agus síníodh Meabhrán



*Faighteoirí UCD i leith na Scoláireachtaí Teicneolaíochta do Mhná 2014, in éineacht le Cailín Digiteach AE na Bliana, Lauren Boyle (clé-deas): Ellen Le Bas, Bríd Roberts, Catherine Galvin, agus Fionnuala McCourt. Cuireann an clár scoláireachta deontas ar fáil ar fiú €2,000 sa bhliain acadúil é, chomh maith le deiseanna socrúcháin oibre ar champas Intel ag Léim an Bhradáin.*

Comhlachais sa bhliain atá caite le hOllscoil Chang'an, Ollscoil Wuhan, agus Institiúid Teicneolaíochta Harbin, an tSín.

## Rannpháirtíocht Alumni

Cuireadh tús le himeachtaí Cumann Iarchéimithe Innealtóireachta UCD (EGA) le bronnadh Bonn Óir urraithe ag EGA ar mhic léinn na bliana deiridh a bhain barr feabhais amach ina ndisciplíní. Go deireanach in 2014, sheol EGA UCD a thuarascáil ar Chothromaíocht Inscne san Innealtóireacht, agus d'óstáil a imeacht bliantúil Pléphainéal an Fhómhair, le haitheasc ó Choimisinéir an AE Phil Hogan ar Dhúshláin Todhchaí do Tháirgeadh Bia san Eoraip. Bhí díospóireacht bhríomhar ina dhiaidh.

I mBealtaine, chuir an EGA fáilte roimh Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, chun Léacht Earraigh an Chumainn a thabhairt ar an ábhar Dúshláin don Oideachas Innealtóireachta sa 21ú hAois, agus d'fhreastail líon mór daoine air. Ar an lá céanna, nocht an tUachtarán Deeks plaic ag NovaUCD le 30 bliain ó oscailt Ionad Tionscail na hOllcoile (UIC) a cheiliúradh. Ba thionscnamh EGA bunú an UIC faoi cheannaireacht an Ollaimh John Kelly, Déan Innealtóireachta na linne, agus an Dr Tom Hardiman, céad uachtaráin an Chumainn. Rannchuidigh rathúlacht an Chláir Thionscail Ollscoile lonnaithe san UIC le bunú NovaUCD in 2003, agus bhunaigh UCD mar an t-ionad ollscoile treorach d'fhiontair nua agus do fhiontraithe.




An tOllamh David FitzPatrick
Ceann an Choláiste

*Bronnann uachtarán Chumann na gCéimithe Innealtóireachta (EGA), PJ Rudden, Gradam Iarchéimí Oirirc EGA ar an Ollamh Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar i mí Bhealtaine.*




## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **1,033**




Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) **719**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **1,752**

## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **156**



Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) **16**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **172**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam Taighde

**€20,600,000**





*Reáchtáladh searmanas bronnta céimeanna 'Cótaí Bána' Cliniciúla i Halla Uí Raghallaigh i mí Eanáir nuair a bhronn an dámh a gcuid cótaí bána go hoifigiúil ar 311 mhac léinn mar aitheantas don athrú ó stádas oideachais leighis réamhchliniciúil go stádas oideachais leighis chliniciúil.*



**An tOllamh Desmond Fitzgerald Ceann an Choláiste**

Tá an-áthas orm mar Leas-Phríomhoide ar Choláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD go raibh deis agam oibriú le foireann chumasach agus tiomanta an Choláiste agus a thrí scoil: Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD; Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD; agus Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe, agus Eolaíocht an Daonra UCD. Leanann Eolaíochtaí Sláinte i UCD ag mealladh an lucht fágála scoile is cumasaí in Éirinn agus, trína gcéimithe agus trí thaighde, rannchuidíonn siad le cúram éifeachtach agus sábháilte othar, le folláine an daonra agus le forbairt tionscal eolaíochta saoil agus sláinte in Éirinn.

## Taighde agus Nuálaíocht

Tá cláir nua curtha ar bun ag na trí Scoil le blianta beaga anuas, i dtrialacha cliniciúla, anailísíochtaí sonraí, córais sláinte agus míochaine córas. Dá thoradh, tá maoiniú taighde méadaithe faoi dhó. Ba mhaith liom aird a tharraingt ar roinnt dámhachtainí, go háirithe iad sin a chuireann béim ar cheannaireacht agus scil taighde aonair. Áirítear orthu dhá Dhámhachtain Ceannaire Taighde €1.5milliún an Bhoird Taighde Sláinte (HRB) 2015, don Ollamh Eilish McAuliffe, Scoil an Altranais, an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD, do chlár dar teideal *Comhcheannaireacht agus Cultúir Shábháilteachta (CO-LEAD)*, agus don Ollamh Brian Caulfield, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD, do thionscadal dar teideal *Tacaíochtaí teicneolaíocht do cháilíocht chúraim mhéadaithe in artraplaiste na n-alt*. Ina theannta, bhronn an HRB dhá cheann de cheithre Líonra Trialach Cliniciúil do chliniceoirí acadúla UCD. Threoraigh an tOllamh Peter Kelly, Scoil an Leighis agus Eolaíochtaí an Leighis UCD, agus Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae Líonra Trialacha Cliniciúla Stróic na hÉireann de chuid an HRB, agus is é an tOllamh Alistair Nichol, Scoil an Leighis agus Eolaíochtaí an Leighis UCD, agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann a threoróidh Grúpa Trialacha Cliniciúla Chúraim Chriticiúil na hÉireann an HRB. Aithníonn na dámhachtainí ilmhilliún Euro seo ceannaireacht an Ollaimh Nichols agus an Ollaimh Kelly i bhforbairt clár comhoibríocha ildisciplíne i dtaighde cliniciúil.

Bhain beirt acadóirí atá i gceannas ar mhórchláir thaighde sa Choláiste Dámhachtainí Príomhimscrúdaitheora ardghradaim Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). Bhain an tOllamh Martin Steinhoff, Stiúrthóir Institiúid Deirmeolaíochta Charles UCD, an dámhachtain dá chuid oibre ar mheicníochtaí an tochais, agus bronnadh an dámhachtain ar an Ollamh Walter Kolch, Stiúrthóir Córas Bitheolaíochta Éireann, dá chuid oibre ar chomharthú cosán san ailse.

Is comhpháirtíochtaí níos mó agus níos mó iad cláir thaighde a bhfuil HEI-anna eile agus tionscal bainteach leo. Mar shampla sheol Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an tIonad Taighde Feidhmeach don tSláinte Nasctha (ARCH) go foirmiúil i mBealtaine. Is clár comhoibríoch ARCH le hOllscoil Luimnigh agus raon comhpháirtithe tionscail, á threorú ag an Ollamh Brian Caulfield. Ina theannta, tá roinnt taighdeoirí Coláiste gafa le comhoibríochtaí ilinstitiúide




*Sa phictiúr (clé-deas) ag seoladh an Lárionaid Teicneolaíochta do Thaighde Feidhmeach agus do Shláinte Ghaolmhar (ARCH): Seamus Small, comhbhunaitheoir, Kinesis Health Technologies, mac-chuideachta de chuid UCD é; a tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD; agus Michael O'Shea, Stiúrthóir Lárionad ARCH.*

maoinithe ag clár Horizons AE 2020, lena n-áirítear CHESS, ar chomhpháirtíocht oiliúna PhD é, á treorú ag an Ollamh Caulfield freisin.

## Oideachas agus Oiliúint

Agus breis agus 4,000 mac léinn ann cuireann an Coláiste raon leathan clár oideachasúil iarchéime agus fochéime ar fáil, mar aon le hoiliúint nuálaíoch do ghairmithe chúram sláinte agus deiseanna dóibh siúd atá dírithe ar chéimeanna taighde. Anuas ar na cláir ar champas Belfield, bainistíonn Scoil an Leighis agus Eolaíochtaí an Leighis UCD Coláiste Leighis Penang sa Mhalaeisia, cuid dar gclár idirnáisiúnta forleathana. Go deimhin, is ón iasacht a thagann 31% de mhic léinn na Scoile, ionadaíocht ag 44 tír inti. Mar chuid dá clár idirnáisiúnta atá ag dul i méid, d'fháiltigh Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD 82 mac léinn agus damh ó 13 ollscoil ar fud na Stát Aontaithe. Tháinig siad chun páirt a ghlacadh sa Chúigiú Scoil Shamhraidh Altranais bhliantúil, á seachadadh ag slua saineolaithe ó ar fud Seirbhís Sláinte na hÉireann agus dámh UCD.

Bhí nuálaíocht san oideachas ina príomhthéama ag an gColáiste le blianta beaga anuas. I Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD, bhain socrúchán cógaisíochta pobail ildisciplíne don Dioplóma Iarchéime in Altranas Diaibéitis dámhachtain ag Dámhachtainí Cógaisíochta na hÉireann i mí an Mheithimh. Bhunaigh an Scoil clár nua freisin i gCórais Sláinte, a threoraíonn clár bainistíochta agus ceannaireachta mar chuid d'Acadamh Ospidéal an Beacon UCD. Forbraíodh comhpháirtíocht i CPD le hEagraíocht Chnáimhseoirí agus Altraí na hÉireann (INMO) chun aitheantas a thabhairt don tseirbhís oideachasúil curtha ar fáil do breis agus 60,000 altra ag an INMO. D'athraigh Ionad do Shábháilteacht agus do Shláinte ag an Obair

**Tá Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte comhdhéanta de thrí scoil:**

**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Patrick Murray

**Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An Dr Martin McNamara

**Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD**
*Ceann Scoile/Déan*
An tOllamh Giuseppe De Vito

*Déan na Fisiteiripe*
*An tOllamh Brian Caulfield*

*Amhail Meán Fómhair 2014*

*(Clé-deas) Le linn fhógairt mhaoiniúchán €1.9 milliún, i gcomhpháirtíocht le Pfizer agus leis an Ollamh Steinhoff chun forbairt a dhéanamh ar theiripe nua a dhíríonn ar an bhfreagairt imdhíonachta: An Dr William Finlay, Stiúrthóir na dTeicneolaíochtaí Domhanda Bith-theiripeach, Pfizer; an tOllamh Martin Steinhoff, Stiúrthóir Institiúid Deirmeolaíochta Charles UCD; Alfredo Sheehan, Pfizer; an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English TD; agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.*



*An tOllamh Brian Caulfield, Scoil Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíochta Daonra UCD, agus a chás á chur chun cinn aige le linn 2015 Google Wearables in Healthcare Pilot Challenge. Ghnóthaigh an tOllamh Caulfield an Duais Mhór ós rud é, de réir na sé bhreitheamh as móreagraíochtaí cúraim sláinte Bhostúin, go raibh a smaoineamh praiticiúil agus simplí agus go raibh sé de chumas aige baint a bheith aige le cuid mhór othar.*



UCD ó chianoideachas ar theilifís satailíte a chur ar fáil sa tSábháilteacht agus Sláinte Cheirde, go dtí cláir foghlama cumaisc ar líne. Tugann sé seo oideachas UCD isteach díreach go dtí bailte agus ionaid oibre a mac léinn aibí. Ar an gcaoi chéanna tá ardáin teicneolaíochta oideachasúla á dtógáil ag Scoil an Leighis agus Eolaíochtaí an Leighis UCD chun cianfhohghlaim agus ríomhfhoghlaim a sheachadadh dár n-ospidéil chomhpháirtithe.

## Rannpháirtíocht Níos Leithne

I Meitheamh, d'óstáil Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD an tOllamh Jean Giddens, Déan Scoil an Altranais, Virginia Commonwealth University, USA, a d'éascaigh ceardlann dhá lá ar Churaclam Bunaithe ar Choincheap. Rinneadh imeachtaí na ceardlainne a shruthú beo go dtí foireann na scoile agus ospidéil chomhpháirtithe . Agus taithí 30 bliain aici, is ceannaire aitheanta í in oideachas altranais, ó shamhlacha nuálaíocha do theagasc agus don fhoghlaim go feidhmeanna teagaisc coincheap-bhunaithe, curaclaim agus measúnú.

*Sa phictiúr (clé-deas) ag seoladh Acadamh Ospidéal Beacon UCD, arb é an lárionad nua é maidir le hoideachas agus le hoiliúint cúraim sláinte do mhic léinn leighis, altranais, fisiteiripe agus radagrafaíocht: An tOllamh Des Fitzgerald, Ceann Choláiste Eolaíochtaí Sláinte UCD; An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, agus Michael Cullen, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Beacon Medical Group.*




## Comhpháirtíochtaí Sláinte

Oibríonn UCD go dlúth le raon leathan ospidéal, eagraíochtaí cúram pobail agus gníomhaireachtaí rialtais in oideachas agus oiliúint ghairmithe chúram sláinte agus in ár gcláir thaighde. Oibríonn cuid mhór dár n-acadóirí sa tseirbhís sláinte, comhcheapacháin nó ceapacháin taca acu go háirithe in ár dá mhórospidéal teagaisc, Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann. Tháinig trí chomhpháirtíocht nua chun cinn i mbliana: Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG); an Grúpa Ospidéal Péidiatraiceach Náisiúnta; agus Acadamh Ospidéal an Beacon UCD. Tá an IEHG ar an gceann is mó de sé ghrúpa ospidéal a bhunaigh Rialtas na hÉireann, a chomhpháirtí acadúil féin ag gach ceann acu. Tá an IEHG comhdhéanta de 11 ospidéal agus déanann maoirseacht ar chúram 1.2m duine. Ceapadh an tOllamh Mary Day mar Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar an IEHG, agus thosaigh sí láithreach ag eagrú oifigí grúpa agus feidhmeannach, lonnaithe san Ospidéal Ríoga i nDomhnach Broc. I bhforbairt eile, bunaíodh Meitheal Oibre Comhairleach Acadúil Bhord Ghrúpa Ospidéal na Leanaí chun taighde agus oideachas péidiatraiceach a chomhtháthú thar na ceithre choláiste sláinte Bhaile Átha Cliath (DCU, RCSI, TCD agus UCD). Ar deireadh, feicfidh Acadamh Ospidéal an Beacon UCD, a seoladh i Nollaig 2014, a chéad iontógáil mac léinn UCD i Meán Fómhair 2015. Chuir an tAcadamh tús freisin le clár Sláinte Nasctha leis an Ollamh Brian Caulfield, a bhfuil teicneolaíocht chianchúraim á forbairt d'othair atá i mbun athshlánaithe tar éis athchur cromáin nó alt na glúine.

## Forbairtí Coláiste

Tá an Coláiste tar éis oibriú go dlúth leis na hospidéil chun dhá thionscnamh a bhunú atá ceaptha tacú le forbairt míochaine pearsantaithe san ailse. Sa chéad cheann, tá saotharlann Seicheamhaithe don Chéad Ghlúin Eile á bunú in Institiúid Mhic Con Mí UCD, faoi stiúir an Ollaimh Walter Kolch, a chumasóidh an seicheamhú géanóim iomlán in othair. Sa dara ceann cuirfidh Ionad Íomháú Taighde Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann UCD (SVUH) seirbhís PET-CT ar fáil d'othair. Tá na tionscnaimh seo maoinithe ag an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus trí mhaoiniú ó SVUH. Chomh maith leis seo, chuir an Coláiste, i gcomhpháirtíocht le hOspidéal Ollscoile an Mater Misericordiae (MMUH), tús le forbairt Mhoil Acadúil MMUH-UCD, lena n-áirítear an tIonad um Oideachas agus Oiliúint, ar champas MMUH. Is cuid an Mol d'athfhorbairt fhorleathan ar an gcampas, lena n-áirítear ospidéal is nuaí agus is forbartha in Éirinn. Tá roinnt forbairtí tugtha chun críche in Ionad na nEolaíochtaí Sláinte UCD agus in Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD, lena n-áirítear athchóiriú ar láithreacha mac léinn agus soláthar AV tras-scoileanna agus réitigh teicneolaíochta oideachasúla.



*Dearbhla Bourke, mac léinn BSc san Fhisiteiripe, agus í ag fáil Dhuais Taighde 2014 Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann ón Aire Sláinte, Leo Varadkar TD (sa lár), agus an Dr Olive Lennon, Scoil Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíochta Daonra UCD.*

## Na Chéad Chéimeanna Eile

I Meán Fómhair2015, déanfar Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte UCD a chomhnascadh le Coláiste na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus an Leighis Tréidliachta UCD. Cruthóidh sé seo Coláiste nua na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta, faoi cheannaireacht an Ollaimh Cecily Kelleher. Anuas air sin bunaíodh Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Sláinte faoin Ollamh Des Fitzgerald, chun cláir sláinte ildisciplíne a fhorbairt ar fud na hOllscoile, agus comhpháirtíochtaí le hospidéil, eagraíochtaí sláinte pobail agus an tseirbhís sláinte.

## Ómós

Thar aon rud eile áfach, is mian liom ómós a thabhairt do mhic léinn UCD a fuair bás nó a gortaíodh i mBerkeley, California ar 16 Meitheamh 2015 agus freisin do na mic léinn sin a chuaigh i gcabhair orthu agus is cinnte a chosc tuilleadh básanna. Go háirithe, beidh cuimhne againn i gcónaí ar Lorcán Miller, Niccolai Schuster agus Eimear Walsh a fuair bás an lá sin. Tá ár smaointe agus ár bpaidreacha leo agus lena muintir.

An Ollamh
Des Fitzgerald
Ceann an
Choláiste

*Sa phictiúr (clé-deas) le linn sheoladh an Keep Control Campaign: An tOllamh Gerard Fealy, Scoil Altranais, Cnáimhseachais agus Córas Sláinte UCD; an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte, Kathleen Lynch TD; an tOllamh Mark Rogers, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir UCD; agus an Dr Deirdre O'Donnell, Príomh-Imscrúdaitheoir, Tionscadal Keep Control, Scoil Altranais, Cnáimhseachais agus Córas Sláinte UCD.*



## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **2,961**



Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) **1,219**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,180**

* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam Taighde

**€18,100,000**



*Le linn sheoladh mhí an Mheithimh Lárionad UCD i gcomhair Dewey Studies le linn Institiúid Samhraidh na Fealsúnachta Meiriceánaí 2015 i dTeach Newman: Junguo Zhang, mac léinn PhD in UCD; Jiang Yi, Ollamh in Beijing Normal University; an Fealsúnaí Meiriceánach, an tOllamh Joseph Zalman Margolis; an tOllamh Maria Baghramian, Scoil Fealsúnachta UCD; Liqing Zhang, Ollscoil na Síne don Eolaíocht Pholaitíochta agus don Dlí, Béising; agus Qiong Zhao, mac léinn cuairte ó Beijing Normal University.*



**An tOllamh Colin Scott**
**Ceann an Choláiste**

Leas-Cheann don Teagasc agus don Fhoghlaim: An Dr Eilis Hennessy*

Leas-Cheann don Taighde, Tionchar agus Nuálaíocht: An tOllamh Tony Fahey*

Leas-Cheann don Léann Iarchéime: An Dr Conor Galvin (go 31 Nollaig 2014)
An Dr Jessica Bramham (ó 1 Eanáir 2015)

Leas-Cheann don Idirnáisiúnú: An Dr Jos Elkink

**Ó Dheireadh Fómhair 2014*

Ba mhór an pléisiúr oibriú le scoileanna Choláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD agus tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaoi ina leathnaíonn siad thar na heolaíochtaí sóisialta agus disciplíní gaolmhara; a sheachadaíonn agus a fhorbraíonn siad cláir oideachasúla nuálaíocha; agus ina ndéanann siad caidreamh le mic léinn agus úsáideoirí a dtaighde agus a n-eolas araon, i mbeartas agus i bpobail chleachtais. Agus tuiscint agam ar an obair a théann isteach sna pleananna uaillmhianacha agus dea-fhorbartha d'fheabhsú taighde agus oideachais sna scoileanna, bhí an-áthas orm a fheiceáil gur tugadh aitheantas do ghnóthachtálacha na scoileanna i measúnuithe láidre i Rangú Ollscoile Domhanda QS, de réir ábhair. Tá UCD rangaithe i measc an 200 ollscoil is fearr ar domhan do na heolaíochtaí sóisialta, ag QS agus ag Rangú Acadúil Ollscoile Domhanda freisin, agus ar an 100 is fearr d'ábhair áirithe san eolaíocht shóisialta.

## Oideachas agus Rannphháirtíocht

Is buaicphointe ar leith dár gcláir oideachasúla gach bliain é bronnadh céime ár mac léinn i searmanais bronnta céime a reáchtáiltear ar champas i Meán Fómhair agus i mí na Nollag. Is cuid shuntasach iad mic léinn ónár gColáiste den chohórt mór a bhaineann céimeanna BA amach, le príomhábhar aonair nó comh-phríomhábhair. Faigheann cohórt níos lú, ach chomh suntasach céanna, Céim Bhaitsiléir Eolaíochta Sóisialta. D'fhorbair an clár seo go suntasacha le bliana beaga anuas faoi cheannaireacht an Ollaimh Suzanne Quin, Déan na hEolaíochta Sóisialta, trí mhic léinn a spreagadh chun dul ar aghaidh feadh cosáin speisialaithe, a chuidíonn leo agus a n-eispéireas staidéir a mhapáil i leith deiseanna gairme todhchaí. Guímid rath ar an Ollamh Quin agus í ar scor.

Cé go dtagann cuid mhaith dár mic léinn fochéimithe ón meánscoil, tagann cuid acu ar bhealaí eile a chuireann ar a gcumas, b'fhéidir, deis a ghlacadh nach raibh ar fáil agus a n-oideachas meánleibhéal tugtha chun críche. Bealach a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis isteach san ardoideachas is ea an Teastas agus na Dioplómaí in obair Dhruga agus Alcóil. Tairgeann Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhme agus UCD é seo i gcomhar lena gcomhpháirtithe pobail Urrús, Baile Munna agus Merchants Quay Ireland. Bhí mé sásta go raibh mé in ann freastal ar an mbronnadh céimeanna do na cláir seo in éineacht le hUachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, chun tuilleadh a fhoghlaim faoin dtiomantas ollmhór a léirigh na mic léinn dá n-oideachas, agus chun bualadh le roinnt díobh a lean orthu le Baitsiléir na hEolaíochta Sóisialta agus cláir iarchéime i UCD a thabhairt chun críche. Bhí mé chomh sásta céanna fáilte a chur roimh mic léinn ag bhí ag cur tús leis an Teastas i Léann an Chomhionannais do Bhodhair, a thairgeann Scoil na Córa Sóisialta UCD i gcomhar le Cumann Bodhar na hÉireann, agus freisin an Teastas sa Chóir Shóisialta agus Léann Ceardchumann a thairgeann an scoil chéanna i gcomhar le Trademark Bhéal Feirste.

Ag an leibhéal iarchéime, tá éileamh ard ar ár gcláir ag mic léinn ó Éirinn agus cohórt mac léinn iasachta atá ag dul i méid i gcónaí. Chuaigh an méid a ullmhaíonn oideachas iarchéime sa Choláiste do ghairmithe fiúntacha i bhfeidhm orm, mar shampla san oideachas, in obair shóisialta, sa

tsíceolaíocht agus i bpleanáil. Thaitin sé go mór liom diomplómaí a bhronnadh ar an rang céime deireanach den Dioplóma Gairmiúil san Oideachas, an cháilíocht le hiontráil sa ghairm múinteoireachta dara leibhéal, ag am a raibh Scoil Oideachais UCD ag cur fáilte roimh a gcéad mhac léinn sa Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas, clár dhá bhliana arbh é an caighdeán nua iontrála do mhúinteoireacht dara leibhéal.

Ba phríomhdhúshlán sa Choláiste an croí láidir smachtúil i dtaighde agus in oideachas iarchéime a choinneáil, agus ag an am céanna oiriúnú do riachtanais oideachasúla i réimsí nuair nach dtacóidh aon disciplín ar leith go hiomlán leis an bhfoghlaim riachtanach. Freastalaíonn ár gcéimeanna idirdhisciplíne níos nuaí mar shampla i gCleachtas Forbartha (á chomhthairiscint le TCD thar roinnt blianta) agus Beartas Poiblí, ar na riachtanais seo agus is é is dóigh go méadóidh a líon sa todhchaí. Tá éagsúlú ar a dtairiscintí iarchéime déanta ag cuid mhór dár scoileanna, rud a léiríonn athrú ar réimsí staidéir agus ar an saol mórthimpeall orainn araon. Is dóigh freisin go mbeidh suntas méadaitheach ag baint le comhoibrithe idirnáisiúnta agus ba phléisiúr é an tUachtarán a fheiceáil agus comhaontú maidir le comhoibriú á shíniú aige, in oideachas oiliúna agus iarchéime araon, idir an Coláiste agus Institiúid Uí Ghadhra do Bheartas Poiblí UCD, agus Scoil Harris sa Bheartas Poiblí, Ollscoil Chicago, le linn a chuairte ar na SA in Aibreán.

## Taighde agus Tionchar

Tá taighde sa Choláiste an-éagsúil i gcónaí. Rangaíonn sé seo ó imscrúdú turgnamhach, mar shampla ar éifeachtaí idirghabhálacha i bhforbairt leanaí agus i gcúram sláinte, ar aghaidh go dtí imní níos teoiriciúla maidir le struchtúr caidreamh sóisialta agus eacnamaíocha agus tábhacht eitice. Is iomaí saghas aitheantais idirnáisiúnta do ghnóthachtáil taighde a bhíonn ann sa Choláiste. Bhí sé thar a bheith sásúil comhghleacaithe a fheiceáil agus mórthionscadail idirnáisiúnta á dtreorú acu mar an dara eagrán de *International Encyclopaedia of Social and Behavioural Sciences* le Elsevier (ina bhfuil 25 imleabhar), ar fhón beirt chomhghleacaí mar eagarthóirí rannáin. Chuir roinnt dár mbaill dáimhe le hiontrálacha i ndisciplíní éagsúla san obair ollmhór seo. Tá todhchaí na n-eolaíochtaí sóisialta ag brath go mór ar oideachas agus ar oiliúint na chéad ghlúine eile taighdeoirí. Tá an Coláiste tar éis tús áite a thabhairt d'earcú agus do thacú le mic léinn PhD agus le taighdeoirí iardhochtúireachta, le tacaíocht ón gComhairle um Thaighde in Éirinn agus ó ghníomhaireachtaí maoinithe eile, agus rath suntasach leis.

Tá ár dtaighdeoirí an-ghníomhach i rannpháirtíocht le pobail scoláireachta agus beartais is cleachtais araon chun a dtionscadail taighde a fhorbairt agus chun a bheith rannpháirteach faoina dtorthaí. Ar phríomhimeachtaí taighde i rith na bliana áirítear: an Cheardlann um Choimirce Shóisialta, á óstáil ag Institiúid Uí Ghadhra ar Bheartas Poiblí

Déan na hEolaíochta Sóisialta: An tOllamh Suzanne Quin

Déan na nEalaíon: An tOllamh Muiris Ó Súilleabháin

**Tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD comhdhéanta de dheich scoil:**

**Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhmí UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Michelle Norris

**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Paul Devereux

**Scoil an Oideachais UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Dympna Devine

**Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Mark Scott

**Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Lee Komito

**Scoil na Fealsúnaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Rowland Stout

**Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Ben Tonra

**Scoil na Síceolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Alan Carr

**Scoil na Córa Sóisialta UCD**
*Ceann Scoile*
Judy Walsh Uasal

**Scoil na Socheolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Diane Payne

*Amhail Meán Fómhair 2014*

*(Clé-deas) Le linn shearmanas bronnta chlár na Comhpháirtíochta Pobail i leith Drugaí: Brian Doyle, mac léinn Oibre Sóisialta MSocSc; an Dr Mary Ellen McCann, iar-Stiúrthóir an Chláir; Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; agus an tOllamh Colin Scott, Ceann, Coláiste Eolaíochtaí Daonna UCD.*






*Le linn comhphlé faoi Earnáil Phoiblí na hÉireann ó Dhearcadh Idirnáisiúnta in Ollscoil na hÉireann i mí Eanáir, feictear (clé go deas): an tOllamh Edoardo Ongaro, Ollscoil Northumbria, Newcastle; an tOllamh Koen Verhoest, Ollscoil Antwerp; Robert Watt, Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; an tOllamh Philip O'Connell, Stiúrthóir Institiúid Geary do Bheartas Poiblí UCD; an Dr Muiris MacCarthaigh, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; agus an tOllamh Niamh Hardiman, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD agus Comhalta Taighde in Institiúid Geary do Bheartas Poiblí.*

UCD i Mean Fómhair; óstáil Scoil na Fealsúnachta UCD d'Institiúid Samhraidh d'Fhealsúnacht Mheiriceánach ar *Reaches of Pragmatism*, i Meitheamh; ceardlann ar Choinsias, Diúltú Coinsiasach agus Sceithireacht, i nDeireadh Fómhair; pléphainéal ar Choinsias, i Samhain (mar chuid de Thionscnamh Eitice an Uachtaráin); cruinniú comhchéime ar Earnáil Phoiblí na hÉireann ó thaobh Peirspictíochta Idirnáisiúnta, in Eanáir; comhdháil ar Fhreagracht don Todhchaí, agus ceardlann ar Cheannaireacht agus ar an Daonlathas, i Meitheamh. D'eagraigh Scoil na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta na himeachtaí seo go léir. Thug seo a leanas buaicphointí na bliana chun críche: Scoil na Córa Sóisialta UCD, a d'óstáil an Chomhdháil Iarchéime ar Dhúshlán na hÉagóra in Éirinn a Thabhairt, i nDeireadh Fómhair; Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhmí UCD a d'eagraigh, i gcomhar le hOllscoil Tokyo, Siompóisiam Eolaíochta Sóisialta na Seapáine na hÉireann, i Meán Fómhair; agus Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Phleanáil Chomhshaoil UCD, a d'óstáil Comhdháil Bhliantúil den Choimisiún Uirbeach Aontas Geografaíochta Idirnáisiúnta, i Lúnasa.

## Conclúid

Agus an bhliain ag teacht chun críche, thosaigh an Coláiste ar athstruchtúrú aontaithe a chur i bhfeidhm mar chuid de Straitéis UCD 2015-20, sa chaoi go gcuirfeadh sé tús leis an mbliain seo chugainn mar Choláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD. Beidh clúdach cuimsitheach as an ngnáth ag an gColáiste nua thar na heolaíochtaí sóisialta agus disciplíní gaolmhara. Beidh seasamh maith faoin gColáiste chun fónamh níos fearr fós don tsochaí le deiseanna feabhsaithe d'fhoghlaim agus do thaighde idirdhisciplíneach, ag tógáil ar láidreachtaí a chroídhiscinplíní. Sa mhéid seo agus i ngach gnó eile, bhí tiomantas, rannpháirtíocht agus coláisteacht mo chomhghleacaithe in Oifig an Choláiste, Leas-Phríomhoidí an Choláiste agus sna scoileanna, lárnach do cháilíocht thairbheach m'oifige agus do ghnóthachtálacha láidre an Choláiste agus a scoileanna.

An tOllamh Colin Scott
Ceann an Choláiste




*Sa phictiúr (clé-deas) ag seoladh an staidéir dar teideal* Sexual Trauma and Abuse, Restorative and Transformative Possibilities? *I mí na Nollag, feictear an Dr Marie Keenan, Scoil Eolaíochta Sóisialta Feidhmí UCD, Príomh-Imscrúdaitheoir maidir leis an tuarascáil, agus Bernadette Fahy, Sainchomhairleoir Taighde agus comh-imscrúdaitheoir.*



*(Clé-deas) Cainteoirí agus eagraithe na ceardlainne aon lae faoi Cheannaireacht agus Daonlathas, a d'óstáil Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD i mí an Mheithimh: John William Devine, King's College, Londain; Cara Nine, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; David Archard, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Iseult Honohan, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD; agus Richard Bellamy, an Institiúid Ollscoile Eorpach/University College, Londain.*

## Ioncam Taighde

**€2,400,000**

*(Clé-deas) Rannpháirtithe i nDara siompóisiam Eolaíochta Sóisialta na hÉireann-na Seapáine, a seoladh i Leabharlann Chester Beatty agus a d'eagraigh UCD agus Ollscoil Thóiceo: An Dr Naonori Kodate, UCD; an tOllamh Jane Grimson, TCD; an tOllamh Michelle D'Arcy, TCD; an tOllamh Junko Kato, Ollscoil Thóiceo; an Dr Sebastian Dellepiane, Ollscoil Strathclyde; an Dr Michelle Norris, UCD; an tOllamh Nobuhiro Hiwatari, Ollscoil Thóiceo; an Dr Tom P. Hardiman, Cathaoirleach, Leabharlann Chester Beatty; an tOllamh Niamh Hardiman, UCD; Ambasadóir na Seapáine, A.S. Chihiro Atsumi; Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; an tOllamh Tony Fahey, UCD; an tOllamh Shin Ushiro, Ollscoil Kyushu; an tOllamh Colin Scott, Ceann, Coláiste Eolaíochtaí Daonna UCD; agus an Dr Chiaki Sato, Ollscoil Thóiceo.*

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **2,483**




Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) **1,247**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **3,730**

## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **24**

* = Thart ar 100 Duine



# Coláiste na hEolaíochta UCD



(Clé-deas) Le linn fhógairt níos mó na €30 milliún de mhaoiniúchán taighde do 23 mhórthionscadal taighde trí chlár Imscrúdaitheoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI): An tOllamh Fiona Doohan, UCD; an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English TD; agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI. Fuair an tOllamh Doohan €1.7 milliún chun targaidí pórúcháin atá frithsheasmhach in aghaidh galar a shainaithint chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht táirgeachta gránach agus ar shlándáil i dtaca leis an soláthar bia.



**An tOllamh Joe Carthy Ceann/Déan an Choláiste**

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe: An Dr Mary Kelly-Quinn

Leas-Cheann don Teagasc agus don Fhoghlaim: An Dr Carmel Hensey

Leas-Cheann don Taighde agus Nuálaíocht: An tOllamh Martin Albrecht

Déan Comhlach na hEolaíochta: An Dr Tasman Crowe

Is maith liom a thuairisc gur lean Coláiste na hEolaíochta UCD ag seachadadh sármhaitheasa i dteagasc, taighde agus rannchuidiú don phobal sa bhliain 2014/15.

## Taighde agus Tionchar

Bunaíodh an tIonad Éireannach um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG) treoraithe ag UCD in 2014, le €18 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus €8 milliún ón tionscal, mar fhreagra ar fhadhb slándála acmhainne na hÉireann. Chuaigh Stiúrthóir iCRAG, an tOllamh John Walsh, UCD, i bpáirt leis an *scéim Péireála Eolaí-Aire*, é i gcomhar leis an Aire Joe McHugh chun ionadaithe tofa a chur ar an eolas faoin taighde den scoth atá ar siúl in Éirinn faoi láthair.

Thug an tAire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus Post, Fiontair agus Nuálaíochta, Damien English TD, aitheantas don Ollamh Barry Smyth, Scoil Ríomheolaíochta agus Faisnéisíochta UCD, saineolaí idirnáisiúnta ar theicneolaíochtaí pearsantaithe agus córais mholta, tríd an dámhachtain Taighdeoir na Bliana 2014 de chuid SFI, a bhronnadh air.

D'fhorbair an tionscadal Smart Coasts a reáchtáladh le deireanaí, á threorú ag Ollscoil Aberystwyth (an Bhreatain Bheag), i gcomhoibríocht dhlúth le comhpháirtithe i UCD, lena n-áirítear an tOllamh Wim Meijer, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleighis UCD, agus comhghleacaithe, córas nua a chuir eolas faoi cháilíocht an uisce fíor ama ar fáil do shnámhóirí ag teacht le caighdeáin uisce snámha Eorpacha. Tá an t-ionchas ag an tionscadal seo spreagadh a thabhairt don turasóireacht agus tacú le heacnamaíochtaí áitiúla i réigiúin atá rannpháirteach.

Agus é dírithe ar shaineolaithe agus ar chleachtóirí araon a chur ar an eolas, bhí an Dr. Tasman Crowe, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil ina chomheagarthóir agus ina chomhúdar ar *Marine Ecosystems: Human Impacts on Biodiversity, Functioning and Services* (Cambridge University Press).

Chruthaigh na Taighdeoirí an tOllamh Frederic Dias, Sarah Gallagher agus Roxana Tiron, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD, i gcomhar le Met Éireann, atlas gaoithe agus toinne ardtaifeach don tréimhse 2000-2012, a chlúdaíonn cósta an Atlantaigh agus Mhuir Éireann le fócas ar na réimsí gar don chladach. Cuideoidh an t-atlas seo le hÉirinn an úsáid is fearr a bhaint as a cúinsí uathúla acmhainní fuinnimh in-athnuaite agus, chomh maith leis seo, cuirfidh sé bonn eolais faoi roinnt mhaith gníomhaíochtaí muirí eile.

Tá an raidió agus an teilifís luachmhar chun eolaíocht UCD a roinnt leis an bpobal agus tionchar a imirt trí bhonn eolais a chur faoi dhíospóireacht. Le bliain anuas chuir eolaithe sa Choláiste dréachtaí ar fáil do chláir na meán, lena n-áirítear *Eco Eye*, ina raibh agallaimh leis an Ollamh Fiona Doohan

agus leis an Ollamh Wim Meijer, agus *Prime Time*, áit ar thaispeáin anailísithe ó Ionad Imfhiosraithe Cibearshlándála agus Cibearchoireachta UCD do dhaoine den phobal cé mhéid dá saol (príobháideach) atá ar fáil ar líne agus an rud ar féidir le coirpigh a dhéanamh leis an eolas seo.

## Mic Léinn agus Taighdeoirí Óga

Lean ár gcláir fhochéimithe lena bhfeidhmíocht láidir leis an líon is mó céadroghanna CAO go náisiúnta agus éileamh idirnáisiúnta atá ag méadú. Is maith a thabhairt ar aird go dtagann 20% den chohórt fochéimithe ó chúlraí neamhthraidisiúnta, ag teacht le cuspóirí UCD.

Chuaigh ár gClár Staidéar Thar Lear agus an modúl ar Léargas Ginearálta ar Thaighde Eolaíoch ó neart go neart, leis an líon d'ollscoileanna comhpháirtithe leasmhara ag dul i méid gach bliain. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Tadhg Ó Cróinín, Déan Comhlach do Staidéar Thar Lear, Annette Forde Uasal, Stiúrthóir Oifig an Chláir, agus le gach acadóir eolaíochta a bhí rannpháirteach as tacú leis an tionscnamh a chuireann eolas faoi Eolaíocht UCD in iúl i mórollscoileanna domhanda.

Bhí bliain ghnóthach eile de thaisteal idirnáisiúnta ag an Ollamh Jeremy Simpson, Leas-Cheann (Idirnáisiúnta), agus a chomhghleacaithe ag cur ár gcláir máistreachta múinte agus fochéimithe chun cinn. De bharr a n-iarrachtaí siúd tá Eolaíocht UCD i riocht láidir go hidirnáisiúnta agus méadú maith ar líon na mac léinn.

In 2014/15, cheap Eolaíocht UCD Edel Caraway Uasal mar Bhainisteoir Cláir Intéirneachta, chun breathnú i ndiaidh intéirneachtaí dár mic léinn máistreachta múinte. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscnamh seo, ó thaobh eispéiris mhac léinn agus aiseolas dearfach ó chuideachtaí rannpháirtíochta.

Is maith liom a thuairisc go leanann ár mic léinn agus ár dtaighdeoirí ag baint barr feabhais amach: ba iad na mic léinn PhD, Andrew Smith, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleighis UCD, agus Brian Caffrey, Scoil na Ceimice UCD, na chéad iarchéimithe UCD a fuair scoláireachtaí Wellcome Trust-NIH; bhain an Dr Triona Ní Chonghaile, Comhalta Taighde ag obair leis an Ollamh Liam Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleighis UCD, comhaltacht chéimiúil L'Oreal agus Unesco do Mhná san Eolaíocht; thug Matthew Coleman, mac léinn ceimice ina bhliain dheireanach, an chéad duais leis i gcomórtas físeán á reáchtáil ag Cumann Ríoga na Ceimice; roghnaíodh Conor O'Toole, MSc in Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Spáis, go hiomaíoch do shocrúchán ag Clár Intéirneachta NASA; agus bhí an Dr Mariana Bexiga, Scoil na Bitheolaíochta agus an Chomhshaoil UCD, ar cheann de sé thaighdeoir Éireannacha i gcomórtas idirnáisiúnta chun bualadh le 66 Buaiteoir Dhuais Nobel i Lindau, sa Ghearmáin.

## Eolaíocht UCD agus an Pobal

Ag Maths Sparks 2015, sraith cheithre sheachtain de cheardlanna réiteach fadhbanna, d'fhiosraigh daltaí ó sé mheánscoil raon leathan topaicí ó theoiric ghraif go teoiric



*Mic léinn agus iad ag úsáid cuid de na spásanna comhoibrithe in Ionad Eolaíochta UCD O'Brien.*

Déan Comhlach don Léann Idirnáisiúnta: An tOllamh Professor Jeremy Simpson

Déan Comhlach don Léan Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh): An Dr Tadhg Ó Cróinín

Déan Comhlach do Rannpháirtíocht Leathnaithe: An Dr John O'Connor

**Tá Coláiste na hEolaíochta UCD comhdhéanta de seacht scoil:**

**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Jeremy Simpson

**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleighis UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Keith Murphy

**Scoil na Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimice UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Gareth Redmond

**Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Pádraig Cunningham

**Scoil na nEolaíochtaí Geolaíocha UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Stephen Daly

**Scoil na hEolaíochtaí Matamaitice UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Gary McGuire

**Scoil na Fisice UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Pádraig Dunne

*Amhail Meán Fómhair 2014*

*(Clé-deas) Le linn léacht tionscnaimh Eolaíochta O'Brien '0.5% the margin between good and great, and how to find it': Denis O'Brien, fear gnó agus daonchara; David Epstein, údar* The Sports Gene*; agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.*



chluichí. Tugadh bunchúrsa do mhic léinn faoi fheidhmiúchán matamaitice i réimsí mar chripteolaíocht agus ríomhaireacht.

Ceapadh ár gClár Eolaíochta do Scoileanna, á óstáil ag an Ollamh Emma Teeling ina Saotharlann Ialtóg i rith 2013/14, le díocas taighde ollscoile a thabhairt isteach i meánscoileanna na hÉireann; in 2014/15, d'fhorbair sí comórtas físeán rathúil leantach do dhaltaí scoile. Ba í an sprioc físeán a úsáid mar mheicníocht chun dul i dteagmháil le daoine óga le coincheapa mar ghéineolaíocht agus éiceolaíocht. D'éirigh go han-mhaith leis an gcomórtas agus d'éirigh leis an eolaíocht a oscailt amach don ghlúin níos óige.



Thóg rannpháirtíocht Eolaíochta UCD le alumni ar iarrachtaí a rinneadh an bhliain roimhe, agus méadú 150% i líon na n-alumni a d'fhreastail ar imeachtaí i mbliana.

Ba é *Light & Shadow* ár mór-imeacht rannpháirtíochta eolaíochta i mBealtaine 2015, áit ar thugamar cuireadh dár n-alumni agus a dteaghlaigh, agus freisin don phobal ginearálta. Is clár a thacaíonn le teaghlaigh é *Light & Shadow* le hábhar ar théama eolaíochta a oireann do gach aois. Fuaireamar aiseolas an-dearfach ó alumni, ó dheontóirí agus ón bpobal agus ba mhór an sásamh é an díocas a léirigh an pobal agus fonn orthu cur leis an imeacht seo.

Léirigh UCD ómós do sheisear acadóir den scoth ag Bronnadh Céimeanna an Mheithimh ar Bloomsday, a ndearna a n-iarrachtaí eolaíocha rannchuidithe neamhghnácha don tsochaí, ní hamháin in Éirinn, ach ar fud an domhain. Bronnadh Céimeanna Oinigh Dochtúireachta Eolaíochta UCD ar: an Dr John Brown, Léachtóir Emeritus sa Cheimic Orgánach ag Ollscoil Oxford; an tOllamh Margaret Murnane, Ollscoil Colorado, Boulder; Dervilla Donnelly, Ollamh Emeritus sa Cheimic Orgánach ag UCD; iarchéimí UCD John Hearn, Ollamh Emeritus Fiseolaíochta Atáirgeach ag Ollscoil Sydney; agus Julie McEnery, Ollamh Taca san Fhisic ag Ollscoil Maryland. Dámhadh Bonn Ulysses UCD,an onóir is airde ar féidir leis an Ollscoil a thabhairt, ar an Ollamh Diana Harrison Wall, Ollamh mór le rá sa Bhitheolaíocht ag Ollscoil Colorado State.

## Gníomhaíochtaí Eolaíochta Fiontraíocha UCD

Fuair Parameter Space Ltd, mac-chuideachta nua UCD a bhunaigh an tOllamh Lorraine Hanlon agus an Dr Sheila McBreen, Scoil na Fisice UCD, conradh

*Ar Bloomsday 2015 thug UCD aitheantas don Ollamh Diana Harrison Wall trína ghradam is airde a bhronnadh uirthi, is é sin, Bonn Ulysses, in ómós dá rannchuidiú iontach leis an eolaíocht. Pictiúr in éineacht leis an Ollamh Joe Carthy, Ceann Choláiste Eolaíochta UCD.*



*Rannpháirtithe sa Chúigiú Comhdháil maidir le hÉifeachtaí Dóiteáin ar Airíonna Ithreach a óstáladh in UCD i mí Iúil agus a d'eagraigh an Dr Jonathan Yearsley, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD.*

€800,000 ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA). Déanfaidh an tionscadal bogearraí nua a fhorbairt a mbeidh ar a gcumas líon mór na sonraí atá ag filleadh ar an Domhan ó shatailít Gaia Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa a shaothrú. Cumasóidh an conradh an chuideachta chun ceathrar iarchéimí a fhostú.

Ba mhaith liom glacadh leis an deis seo buíochas a ghabháil leis an dámh agus leis an bhfoireann sa Choláiste dá n-obair chrua leanúnach agus tiomantas d'Eolaíocht UCD.

An tOllamh Joe Carthy
Ceann an Choláiste

*Paul Lavin, mac léinn PhD i nGrúpa Bitheolaíochta Ailse an Dr Margaret McGee, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleighis , agus buaiteoir ENGAGE 2015: Cutting Edge Science, Plain English i leith a chur i láthair dar teideal 'Flip' Off Cancer, nuair atá a ghradam á bhronnadh air ag an Dr Barbara Dooley, Déan Staidéar Céimithe UCD.*



## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **2,660**



Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) **1,379**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,039**

## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **543**



* = Thart ar 100 Duine

## Ioncam Taighde

**€37,600,000**



# Airgeadas agus Forbairt Chaipitil






*Tograí dearthóireachta do Lárionad Ulysses i dTeach Newman.*



**Gerry O'Brien**
**Sparánaí**

In 2014/15 lean an dul chun cinn a bhain an Ollscoil amach le blianta beaga anuas le barrachas €0.45milliún, a gineadh ar a gníomhaíochtaí bunmhaoinithe HEA. Seo ainneoin roinnt dúshlán airgeadais atá romhainn amach i gcónaí, go sonrach na neamhchinnteachtaí bainteach le maoiniú athfhillteach rialtais.

## Laghdú ar Mhaoiniú Stáit

Is é an dúshlán airgeadais aonair is mó atá roimh an Ollscoil sa timpeallacht eacnamaíoch deacair reatha ná inbhuanaitheacht a cuid oibríochtaí. Ó 2007/08, d'fhulaing an earnáil maoiniú Stáit laghdaithe bliain i ndiaidh bliana agus lean an gearradh siar isteach sa bhliain reatha. Ach d'éirigh le UCD a chuspóirí acadúla straitéiseacha a bhaint amach agus fanacht laistigh dá bhuiséad bliantúil, cé go bhfuil imní ann i gcónaí faoi inbhuanaitheacht airgeadais fadtéarmach má leanann tearcmhaoiniú na hearnála agus mura dtugtar aghaidh ar an ngá atá le infheistíocht leanúnach san infreastruchtúr.

Bhí croídheontas maoinithe athfhillteach UCD ón Stát do 2015 7% níos lú ná a choibhéis in 2014. Áiríodh sa laghdú seo tionchar laghdaithe foriomláin 1% don earnáil in 2015, mar a fógraíodh i mBuiséad Stáit 2012 agus ionadú cistí bainteach leis an ardú ar ranníocaíocht mac léinn ó €2,750 in aghaidh an mhic léinn fochéimithe incháilithe in 2014/15 go €3,000 in 2015/16.

Chlúdaigh fógra Bhuiséad Stáit 2012 maidir le laghduithe maoinithe ardoideachais an tréimhse ó 2012 go deireadh 2015. Bunaithe ar léirithe ó Ráiteas Eacnamaíoch an Earraigh 2015, agus ón gComhphlé Eacnamaíochta Náisiúnta le deireanaí, táimid dóchasach go gcobhsóidh leibhéil mhaoinithe Státchiste foriomlána ó 2016 ar aghaidh. Ach ní mór breathnú air seo áfach in aghaidh an chúlra de mhéadú tuartha ar éileamh ar ardoideachas lánaimseartha de 15% ar a laghad idir 2015 agus 2025.

Bíonn tionchar diúltach ag an easpa leanúnach d'eolas tráthúil agus ilbhliantúil maidir le maoiniú Stáit ar chumas na hOllscoile buiséid bhliantúla agus pleananna ilbhliantúla a ullmhú. De bharr gurb ionann an deontas atréimhseach ón Státchiste agus céatadán níos ísle d'ioncam iomlán na hOllscoile anois, áfach, tá éifeacht níos lú ag an éiginnteacht seo.

Bíonn éifeacht dhíobhálach ag easpa leanúnach eolais thráthúil agus ilbhliantúil maidir le maoiniú Stáit ar chumas na hOllscoile buiséid bhliantúla agus pleananna ilbhliantúla a ullmhú. Os rud é go bhfuil ioncam deontais Stáit mar chéatadán de mhaoiniú iomlán Ollscoile ag dul i laghad i gcónaí, áfach, tá tionchar iomlán na neamhchinnteachta seo ar réamh-mheasúnú tar éis dul i laghad le blianta beaga anuas.

In 2014, bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Sainghrúpa ar Mhaoiniú Todhchaí don Ard-Oideachas, chun na saincheisteanna bainteach le maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach Ard-Oideachais in Éirinn a aithint agus a

bhreithniú, agus chun roghanna d'athruithe a aithint. Tá an grúpa seo lena thuarascáil iomlán a chur ar fáil faoi 31 Nollaig 2015. Déanfaidh ceann de na sé mhodúl atá le iniúchadh, *Maoiniú Fadtéarmach*, measúnú ar riachtanais mhaoinithe fhadtéarmacha na hearnála, agus cuirfidh sé sraith roghanna maoinithe ar fáil le go ndéanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna iad a bhreithniú. D'fhéadfadh go mbeadh soiléireacht níos mó maidir le beartas rialtais do mhaoiniú ardoideachais de thoradh air seo sa deireadh.

## Tuilleadh Forbartha ar Shamhalacha Maoinithe an HEA

D'fhógair an HEA go raibh sé i gceist aige a mheicníocht mhaoinithe RGAM (Samhail Dáileadh Deontais Athfhillteach) a athbhreithniú agus a leasú chun ailíniú le moltaí na *Straitéise Náisiúnta d'Ard-Oideachas go 2030*, agus chun a chinntiú go dtacaíonn a phróisis dáileadh maoinithe le cuspóirí straitéiseacha náisiúnta don ardoideachas. Is é is dóigh go gcuirfidh an tsamhail mhaoinithe leasaithe tuarascáil an tSainghrúpa san áireamh agus go mbeidh meicníocht mhaoinithe feidhmíochta fhoriomlán san áireamh ann.

## Tionscnaimh agus Dreasachtaí Ioncaim Nua

Ag teacht lena misean domhanda chun spleáchas ar mhaoiniú Státchiste a laghdú agus chun tionchar laghduithe maoinithe Státchiste a mhaolú, lean an Ollscoil ag méadú a hinfheistíochta in earcú mac léinn idirnáisiúnta, go háirithe in Oirdheisceart na hÁise. D'fhás iontógail mac léinn iarchéime go dtí cláir ar líne nua agus campasbhunaithe go suntasach agus tá iarrachtaí chun gníomhaíocht thráchtála a fheabhsú ar siúl go leanúnach. Chuidigh na tionscnaimh seo le UCD chun a sheirbhísí tacaíochta agus acadúla reatha do mhic léinn a choinneáil, agus nuair is féidir, a fheabhsú.

Tá Oifig an Sparánaí ag cuidiú le coláistí agus le scoileanna aonair chun pleananna airgeadais chúig bliana a fhorbairt, a ailíníonn tríd is tríd le cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile, agus a chuireann dearcadh ilbhliantúil ar fáil de ghníomhaíochtaí pleanáilte agus riachtanais acmhainne gach aonad. Tá oiriúnú déanta ar an tsamhail bhuiséid inmheánach chun dreasachtaí foirmleacha a bheith san áireamh ann a spreagann scoileanna le ioncam táille mac léinn breise a ghiniúint ó roinnt foinsí, mar shampla mic léinn iarchéime idirnáisiúnta agus AE in 2014/15. Ó 2015/16 ar aghaidh, tá an dreasacht seo á leathnú amach chun mic léinn fochéimithe AE a bheith san áireamh ann, chun UCD a chumasú a spriocanna airgeadais a bhaint amach. Cuireann tabhairt isteach an mhaoinithe fhoirmligh feidhmíocht-bhunaithe do scoileanna nasc níos soiléire agus níos dírí ar fáil idir ioncam scoile agus a buiséad caiteachais.

Ag teacht le beartas le go dtitfeadh cinnteoireacht ar an leibhéal áitiúil nuair is cuí, tá freagracht airgeadais bhreisithe ar gach Ceann Scoile anois laistigh de spriocanna aontaithe. Leanfaidh an comhoibriú dlúth leis an bpobal acadúil chun treo todhchaí scoileanna agus coláistí a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe.

*Sa phictiúr (clé-deas), agus iad ag iniúchadh na scáileán Faisnéise Bus Fíor-ama atá ann ar champas Belfield, mar thacaíocht do straitéis iompair inbhuanaithe UCD, feictear an tAire Iompair, Paschal Donohoe TD; Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair, Anne Graham; agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.*





Tugadh an t-amchlár chun Bhuiséad Ollscoile 2015/16 a ullmhú chun cinn, agus an buiséad faofa i Meitheamh 2015 chun aonaid a éascú le hacmhainní a phleanáil don bhliain acadúil a bhí le teacht, ar bhealach tráthúil. Is ionann é seo agus feabhas suntasach ar bhlianta roimhe. Ullmhaíodh an buiséad comhthreomhar le straitéisí cúig bliana na n-aonad acadúla mar chuid dá bpleananna airgeadais chúig bliana tosaigh. Cé go léiríonn na pleananna airgeadais chúig bliana 'treo taistil' d'aonaid, beidh mionathruithe agus straitéisí scoile á dtabhairt chun críche de réir mar a fhorbraíonn Aonaid Tacaíochta a straitéisí.

## Forbairt Chóras Nua

Thug Oifig an Sparánaí Uirlis Phleanála Cheann Scoile isteach chun tacú le forbairt phleananna airgeadais chúig bliana scoileanna. Cuireann an uirlis seo samhail mhaoinithe feidhmíocht-bhunaithe fhoirmleach i bhfeidhm agus cuireann ar chumas Ceann Scoile roghanna difriúla a shamhlú, cibé ioncam nó caiteachas, agus an tionchar airgeadais ar an scoile a réamhthuar. Is féidir roghanna a bhreithniú astu féin nó i gcomhar, agus is féidir iad a shamhlú ar bhonn saorsheasaimh nó comhtháite leis an tsraith iomlán sonraí airgeadais don scoil. Féadfaidh Cinn Scoile oibriú i gcomhar lena mBainisteoir Airgid leis an uirlis a úsáid, nó oibrí go neamhspleách le tacaíocht ón mBainisteoir Airgid.

Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na huirlise seo in 2015/16, agus an mheicníocht a fheabhsú nuair is féidir.

Leathnaíodh teicneolaíocht nua, a tugadh isteach anuraidh le cur ar chumas roinnt dár soláthraithe níos mó dá gcuntais a bhreithniú ar líne agus fiosraithe fíor-ama a dhéanamh ar stádas a sonrasc agus íocaíochtaí ar feitheamh, go dtí raon níos leithne soláthraithe i rith na bliana. Bhí aiseolas ó na soláthraithe seo dearfach rud a d'fhág, ar a seal, leibhéal laghdaithe ceisteanna.

## Soláthar

Le dhá bhliain anuas chonacthas athrú suntasach i gcleachtais sholáthair san earnáil phoiblí. Bunaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais in Iúil 2013, d'fhonn bainistiú a dhéanamh ar gach caiteachas straitéiseach do cheannach i bpáirt ag comhlachtaí na hearnála poiblí, lena n-áirítear na hollscoileanna.

Agus Oifig Soláthair UCD ag obair go gníomhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí soláthair i UCD



*D'óstáil oifig 'An Samhradh in UCD' Bricfeasta Bloomsday ar an 16 Meitheamh do mhic léinn de chuid na Stát Aontaithe a bhí ag fanacht in árais chónaithe UCD.*

ailínithe le cuspóirí an OGP, leanann Oifig Soláthair UCD ag rith tairiscintí thar ceann na hOllscoile, agus cuireann tacaíocht agus oiliúint ar fáil don fhoireann ar fud na hOllscoile.

Bhí feidhmiú níos leithne i rith na bliana freisin den chóras ceannach ar líne lárnaithe le ceannaitheoirí oilte. Is í an aidhm comhordú gníomhaíochta ceannaitheora ar fud na hOllscoile a fheabhsú, agus ardleibhéal comhlíonta le beartais soláthair an rialtais a choinneáil.

## Méadú ar Mhaoiniú Neamh-Stáit

Lean an Ollscoil ag díriú ar fhoinsí neamh-Státchiste malartacha maoinithe i rith na bliana, chun seasamh inmharthana agus cobhsaí ó thaobh airgeadais a choinneáil.

I mbliana chonacthas méadú suntasach eile in earcú mac léinn idirnáisiúnta agus d'fhág obair an Ghrúpa Rannpháirtíochta Domhanda gur bunaíodh ionaid earcaithe mac léinn i dtíortha difriúla, go háirithe in oirdheisceart na hÁise.

Choinnigh sruthanna ioncaim ó ghníomhaíochta samhraidh ar champas agus teacht isteach ó aonaid lónadóireachta ag fás freisin i rith na bliana.

Chonaic oifig an 'Samhradh ag UCD' tuilleadh fáis i dturais staidéar iasachta ó na SA, mar aon le clár cóiríochta intéirneachta an-rathúil.

## Tionscadail Nua Forbartha ar Champas

Dámhadh maoiniú daonchairdis chun tacú le hinfheistíocht a d'fhéadfadh athrú ó bhonn a chur ar eispéireas agus ar fhoghlaim mac léinn de chuid Choláiste an Ghnó UCD. Cruthóidh na spásanna turgnamhacha nua ar champas Belfield deiseanna dinimiciúla chun foghlaim lasmuigh den mhodh traidisiúnta, d'fhonn smaointeoirí aclaí, criticiúla agus eolasacha a chothú. Cuireadh tús le soláthar foireann deartha don fhoirgneamh nua a bhainfidh leas as agus a chuirfidh le cáil idirnáisiúnta agus aimsiú na hOllscoile.

Chun tacú leis na struchtúir acadúla nua atá le tabhairt isteach i Meán Fómhair 2015, forbraíodh straitéis comhshuímh Áras Newman a raibh de thoradh air gur athlonnaíodh an dámh agus an fhoireann thar beagnach 150 seomra i rith an tsamhraidh. Thug an tionscnamh seo dúshlán na hOllscoile chun athsmaoineamh a dhéanamh ar úsáid foirgneamh a bhí ann cheana agus deiseanna a fhorbairt a fhreagraíonn do riachtanais Scoil atá ag athrú agus do Phlean Straitéiseach Nua UCD. Is sochair shuntasacha iad ó thaobh na disciplíní a láidriú, aitheantas na Scoile a threisiú agus tacú le húsáid níos éifeachtaí acmhainní fisiciúla, airgeadaíochta agus daonna.

Cuireadh tús le glanadh an tsuímh agus oibreacha atreoraithe fóntais d'Institiúid Confucius Éireann nua UCD. Tá sé i gceist seilbh a ghlacadh ar an bhfoirgneamh nua go luath in 2017. Tacóidh na háiseanna nua den scoth seo le cuspóir UCD chun rannpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a neartú tuilleadh.

Cuirfidh forbairt Ionaid Ulysses ag Teach Newman mealladh mór ar fáil do chuairteoirí liteartha, agus áireofar ann cruthú tum-thaispeántais san Aula Maxima, ach a cheadóidh taispeántais níos lú ann freisin. Ginfidh údaracht na dtithe Seoirseacha i gcomhar le hábhar litearthachta agus scoláireacht UCD comhoibriú agus comhpháirtíocht ar fud an phobail acadúil agus chultúrtha níos leithne. Cuireadh tús le forbairt an dearaidh agus meastar go gcuirfear an t-iarratas pleanála foirmiúil isteach go deireanach in 2015.

Cuireadh tús le hoibreacha chun Ionad Scríbhneoireachta agus áiseanna oiliúna a bhunú ar an gcéad urlár de Leabharlann James Joyce UCD. Is í an sprioc forbairt scileanna eolais a chothú, agus raon spásanna staidéir agus foghlama gníomhacha á gcur ar fáil ag spásanna solúbtha. Lonnófar na saoráidí sin taobh le seirbhísí tacaíochta mac léinn in ionaid inrochtana, lárnacha agus ard-infheicthe. Ghin athchóiriú ar urlár na talún Áras Uí Thiarnaigh mol Deasc Mac Léinn Ollscoile nua, geal agus tarraingteach, atá ceaptha comhéadan seirbhíse mac léinn a fheabhsú.

Cuireadh tús le réamhstaidéar féidearthachta don Chlub Ollscoile atá beartaithe, mar chuid d'athfhorbairt ionchasach Halla Uí Raghallaigh. Déanfar an Club Ollscoile beartaithe a fhorbairt chun suíomh rannpháirtíochta sóisialta uathúil a chur ar fáil don fhoireann, do na baill, do chliaint chorparáideacha agus don phobal, mar aon le caifé agus áiseanna bialanna ardcháilíochta. Cuirfidh na háiseanna imeachta agus comhdhála den scoth atá ann cheana féin leis.

Cuireadh tús leis an nuashonrú ar phlean forbartha an champais agus déanfar athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach UCD nua, ar acmhainn reatha agus tionscadail ionchasacha a bhféadfadh go mbainfí amach iad as seo go ceann cúig bliana go deich mbliana. Anuas ar athchóirithe seomra ranga leanúnacha, leanann forbairt inrochtana feabhsaithe agus gnéithe tírdhreacha, mar shiúlóidí coille, orthu ag cur rannpháirtíochta poiblí chun cinn agus rannpháirtíocht níos leithne i saol na hOllscoile. Tá tús curtha le foirmiú Coiste Campais Ghlais á threorú ag mic léinn UCD.

Chun tacú le polasaí comaitéireachta inbhuanaithe UCD agus anuas ar an mbus tointeáilte fóirdheontais ó Belfield go Paráid Sydney, chuir UCD tús le pleananna chun bus tointeála saor in aisce a thabhairt isteach go dtí na Glasáin ar Líne Ghlas an Luas. Beidh sin mar chuid de thionscnamh trialach chun úsáid iompair phoiblí níos mó a spreagadh agus cur le rochtain go dtí ceantair chónaitheacha atá lonnaithe feadh an líne LUAS. Tá tuilleadh seastán rothair agus dearadh feabhsaithe do pháirceáil slán, áiseanna cithfholctha agus taisceadáin rothar curtha ar fáil ar champas freisin.

Bhí sraith cruinnithe leis na húdaráis phleanála agus iompair áitiúla maidir le cúrsaí comaitéireachta campais. Rinneadh ullmhúchán do thabhairt isteach tionscnamh bainistithe éilimh ar pháirceáil ar fud an champais.

## Árais Chónaithe

Forbraíodh polasaí leithdháilte nua d'árais chónaithe mac léinn ar champas, tosaíocht á tabhairt do mhic léinn na chéad bliana, idirnáisiúnta agus scoláireachta. Tá an polasaí nua ceaptha inrochtaineacht agus coinneáil mac léinn a fheabhsú agus tacaíocht saindírithe a chur ar fáil freisin do mhic léinn leochaileacha.


Chuaigh tógáil an árais chónaithe nua do mhic léinn gar do Belgrove chun cinn go dtí leibhéal an dín. Meastar go mbeidh an t-áras 354 leaba i mbun feidhme faoi Mheán Fómhair 2016. Ceapadh foireann deartha chun máistirphlean árais chónaithe a ullmhú a d'fhéadfadh forbairt suas le 2,000 leaba breise agus spásanna taitneamhachta gaolmhara a bheith mar chuid de thar na chéad cúig go deich mbliana eile.

## Fuinneamh

Tá dul chun cinn maith déanta ag UCD i dtreo spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh uaillmhianacha 2020 na hearnála poiblí a bhaint amach. Go dtí seo d'fheabhsaigh an Ollscoil a héifeachtúlacht fuinnimh de19.5% i gcomparáid le bliain an bhunlíne 2006. Baineadh an sárdhul chun cinn amach trí shraith tionscnamh spriocdhírithe a chlúdaíonn gníomhaíochtaí oibríochtúla agus próisis bainistithe, mar aon le tionscadail uasghrádaithe innealtóireachta. Bhí ról tábhachtach ag mic léinn agus foireann, lena n-áirítear ardú feasachta agus rannpháirtíocht sa tionscnamh 'cas as' do thréimhsí saoire.

Tá an Ollscoil tar éis tús a chur leis an obair i dtreo feidhmiú an chaighdeáin bhainistíochta fuinnimh idirnáisiúnta ISO50001, córas bainistíochta fuinnimh bunaithe ar fheabhsúchán leanúnach.

Tá cleachtas bunaithe chun soilsiú LED éifeachtach fuinnimh a chur in áit soilsithe atá tagtha chun deireadh saoil. Tiocfaidh laghdú suntasach de réir a chéile ar ídiú leictreachais, feabhsúcháin i gcáilíocht an tsolais agus costais choinneála laghdaithe de thoradh air. Anuas ar na foirgnimh a tógadh le deireanaí, áirítear ar na foirgnimh níos sine a bhfuil páirt-soilsiú LED iontu



*Tograí dearthóireachta do Lárionad Ulysses i dTeach Newman.*

anois Leabharlann James Joyce UCD, Foirgnimh Newman, Richview agus Ionad Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe.

Áirítear ar thionscadail eile 2015 bainteach le fuinneamh, coire, fuinneog, téamh, rialacha tógála cliste agus uasghráduithe fabraice thar líon d'fhoirgnimh Belfield agus na Carraige Duibhe. Mar a tharlaíonn le gach forbairt nua agus mór-athchóirithe, ionchorpraíonn na hárais chónaithe nua do mhic léinn in aice le Belgrove príomhghnéithe inbhuanaitheachta mar ardleibhéil inslithe teirmigh, díonta glasa mar aon le painéil gréine PV (fótavoltach) a tháirgfidh leictreachas.



Gerry O'Brien
Sparánaí


**↓39** **úsáid kWh per m$^2$**

**Laghdú in 2014/15 i gcomparáid le 2012/13**

## Ídiú Fuinnimh UCD

| | 2012 / 2013 | 2013 / 2014 | 2014 / 2015 |
|---|---|---|---|
| Achar Iomlán m$^2$ | 297,565 | 314,400 | 314,400 |
| Leictreachas kWh | 27,296,800 | 26,304,456 | 24,495,179 |
| Gás kWh | 70,706,905 | 70,970,958 | 66,771,867 |
| **Fuinneamh Iomlán kWh** | **98,003,705** | **97,275,414** | **91,267,046** |
| kWh Ídiú per m$^2$ | 329 | 309 | 290 |

*Fágtar cóiríocht árais chónaithe mac léinn as an áireamh san ídiú fuinnimh agus spás.*



# Dámhachtainí agus Gradaim



## An tOllamh Stephen L. Buchwald

12 Nollaig 2014, mar aitheantas ar a rannchuidiú domhanda den scoth i réimse na ceimice.



## Diana Harrison Wall

16 Meitheamh 2015, mar aitheantas ar a cuid oibre in ardú feasachta faoi thábhacht bitheolaíochta ithir.

# Dámhachtaithe Alumni Lá Bunaithe UCD - 14 Samhain 2014



### Bonn Lá Bunaithe UCD 2014

**Jonathan Sexton** mar aitheantas ar a ghnóthachtálacha, a cheannaireacht agus a rathúlacht den scoth i rugbaí cúige agus náisiúnta.




### Dámhachtain Alumni UCD 2014 sa Talmhaíocht agus Eolaíocht an Chothaithe

**Mairead McGuinness**, MEP, mar aitheantas ar a díograis agus a tiomantas d'fhorbairt talmhaíochta san Eoraip.




### Dámhachtain Alumni UCD 2014 san Ailtireacht

**David McNulty**, Stiúrthóir Ailtireachta, Louis Vuitton, mar aitheantas ar a rannchuidiú cruthaitheach den scoth i ndearadh ailtireachta.

# Dámhachtaithe Alumni Lá Bunaithe UCD - 14 Samhain 2014



## Dámhachtain Alumni UCD 2014 sna hEalaíona

**Rosaleen Linehan**, aisteoir, mar aitheantas ar a rathúlacht shármhaith thar 50 bliain ar an stáitse agus ar scáileán.



## Dámhachtain Alumni UCD 2014 sa Ghnó

**Gary McGann**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghrúpa, Grúpa Smurfit Kappa, mar aitheantas ar a cheannaireacht agus a rathúlacht i ndomhan an ghnó.



## Dámhachtain Alumni UCD 2014 san Innealtóireacht

**Donal O'Riain**, bunaitheoir agus stiúrthóir bainistíochta, Ecocem, mar aitheantas ar a ghnóthachtálacha fiontraíocha den scoth i dtógáil atá neodrach ó thaobh carbóin de.



## Dámhachtain Alumni UCD 2014 in Eolaíocht Shóisialta

**An tSiúr Stanislaus Kennedy**, nuálaí sóisialta agus bunaitheoir Focus Ireland agus an Sanctuary, mar aitheantas ar a tiomantas seanbhunaithe d'fheabhsú saol na ndaoine atá ar bheagán i sochaí na hÉireann.



## Dámhachtain Alumni UCD 2014 sa Dlí

**Maeve O'Rourke**, abhcóide, mar aitheantas ar a hobair dhaonnúil shuntasach i gceartas a bhaint amach d'íospartaigh na Neachtlanna Maighdilíneacha.



## Dámhachtain Alumni UCD 2014 sa Leigheas

**An Dr Patricia Scanlan**, Oinceolaí Péidiatraiceach Comhairleach, mar aitheantas ar a cuid oibre laistigh de réabhlóid na cóireála ailse péidiatraicí sa Tansáin.

# Dámhachtaithe Alumni Lá Bunaithe UCD - 14 Samhain 2014



## Dámhachtain Alumni 2014 san Altranas

**An Dr Siobhan O'Halloran,** Príomhoifigeach Altranais, an Roinn Sláinte, mar aitheantas ar a tiomantas seanbhunaithe don altranas agus don tSeirbhís Sláinte in Éirinn.



## Dámhachtain Alumni 2014 san Fhisiteiripe

**Clodagh Barry**, Fisiteiripeoir, An Clinic Lárnach Íocshláinteach, mar aitheantas ar a tiomantas leanúnach ag obair le Spina Bifida péidiatraiceach in Éirinn, sa Liobáin agus sa Phacastáin.



## Dámhachtain Alumni 2014 san Eolaíocht


**Evelyn Cusack**, Leascheannaire Réamhfhaisnéise, Met Éireann, mar aitheantas ar a ceannaireacht sa mheitéareolaíocht in Éirinn.




## Dámhachtain Alumni 2014 sa Leigheas Tréidliachta

**Noel Fitzpatrick**, tréidlia, mar aitheantas ar a obair réabhlóideach i gcóireáil ainmhithe beaga lena n-áirítear a theicnící máinliachta ceannródaíocha.

# Céimeanna Oinigh



## Liam Connellan

1 Meán Fómhair 2014. Gradam san Innealtóireacht agus rannchuidiú den scoth i bhforbairt tionscail agus beartais in Éirinn agus san AE - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Fergus Shanahan

8 Meitheamh 2015. Gradam sa Leigheas, dá obair uathúil ar bhithflóra na stéige daonna, imdhíoneolaíocht na stéige agus meicníochtaí galair phutóige athlastaigh - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Julie McEnery

16 Meitheamh 2015. Gradam san Eolaíocht, réaltfhisiceoir den scoth a bhain cáil idirnáisiúnta amach dá ról ceannaireachta i NASA - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Jim Bolger

1 Meán Fómhair 2014. Oiliúnaí agus póraí capall rása Éireannach agus domhanda mór le rá dá rannchuidiú i gcláir thaighde eolaíocha - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Deborah Howard

1 Nollaig 2014. Gradam sna hEalaíona, go sonrach mar staraí ailtireachta - Céim Oinigh Dochtúir Litríochta.



## Barry O'Leary

4 Nollaig 2014. Gradam sa tseirbhís phoiblí trína théarma mar CEO IDA Ireland i gcúinsí eacnamaíocha dúshlánacha - Céim Oinigh Dochtúir le Dlí.



## John M. Brown

16 Meitheamh 2015. Gradam sa Cheimic, saineolaí i réimse meicníochta i gcatalú neamhshiméadrach - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Dervilla M.X. Donnelly

16 Meitheamh 2015. Gradam san Eolaíocht agus i rannchuidiú sa tsochaí - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## John Hearn

16 Meitheamh 2015. Gradam san Eolaíocht le cáil dhomhanda i réimse na bitheolaíochta atáirgeach - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Margaret Murnane

16 Meitheamh 2015. Gradam san Fhisic agus ceannaire domhanda i réimse léasar ultraghasta agus Fisice atashoicind - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Stanley Wayne Martin

17 Meitheamh 2015. Gradam sa Leigheas Tréidliachta go háirithe in eipidéimeolaíocht tréidliachta - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



## Owen Brennan

31 Lúnasa 2015. Gradam sa Ghnó - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta.



# Ceapacháin

## Ceapacháin Nua

Leagann an tábla thíos amach na ceapacháin acadúla sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2014 go 31 Lúnasa 2015, do phoist Ollúna Comhlacha agus Ollúna, agus áirítear ann idir nua-earcaigh UCD agus ball foirne UCD a fuair ardú céime.

## Ceapacháin Ollúna

| | |
|---|---|
| An tOllamh Jim Campbell | **Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhmí UCD** |
| An tOllamh Gerard Fealy | **Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD** |
| An tOllamh John Flood | **Scoil Dlí Sutherland UCD** |
| An tOllamh Eilish McAuliffe | **Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD** |
| An tOllamh Robert Shorten | **Scoil na hInnealóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD** |
| An tOllamh Karen Sonpar | **An Scoil Ghnó UCD** |
| An tOllamh Robert Staszewski | **Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD** |

## Ardú Céime Ollúna

| | |
|---|---|
| An tOllamh Nial Friel | **Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD** |
| An tOllamh Lorraine Hanlon | **Scoil na Fisice UCD** |
| An tOllamh Thomas Brendan Murphy | **Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice** |
| An tOllamh Colm O'Donnell | **Scoil na hInnealtóireachta Bithchóras UCD** |

## Ceapacháin Ollúna Comhlacha

| | |
|---|---|
| An tOllamh Eamonn Gormley | **Scoil an Leighis Tréidliachta UCD** |

## Ardú Céime Ollúna Comhlacha

| | |
|---|---|
| An tOllamh Lorraine Brennan | **Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD** |
| An tOllamh Madeleine Lowery | **Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Cumarsáide UCD** |



10449b www.akgraphics.ie




An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath
Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire
www.ucd.ie